Bhí 1.12 milliún líne síntiúis ghutha seasta i margadh na hÉireann i Meitheamh 2024, laghdú 10% ó Mheitheamh 2023. Ag deireadh mhí an Mheithimh 2024, b'ionann Eir agus 48.4% den mhargadh teileafónaíochta guth seasta agus Virgin Media ina dhiaidh sin ag 15.9%. I Ráithe 2 2024 laghdaigh trácht gutha a bhí ag teacht ó líonraí seasta go dtí 263 milliún nóiméad agus thionscain an meánsíntiúsóir cónaithe 40 nóiméad de ghlaonna gutha seasta agus thionscain an meánsíntiúsóir gnó 238 nóiméad de ghlaonna gutha seasta in aghaidh na míosa i Ráithe 2 2024.

## Seirbhísí Cumarsáide Móibíleacha

Ag deireadh Mheitheamh 2024, bhí 9.9 milliún síntiús le haghaidh seirbhísí cumarsáide móibíleacha lena n-áirítear síntiús leathanbhanda mhóibíleach agus Meaisín le Meaisín (M2M) in Éirinn. I Ráithe 2 2024, bhí na síntiús M2M iomlána cothrom le 3.7 milliún, arb ionann é agus fás bliantúil atá ag tarlú ag ráta 16%. Bhí an cion is mó de shíntiús leathanbhanda (lena n-áirítear leathanbhanda móibíleacha agus M2M) ag Three Ireland (Hutchison) Teoranta agus ag Three Ireland Services (Hutchison) Teoranta (ar a dtugtar Three i dteannta a chéile) - 47.2%.

Laghdaigh meánlíon na nóiméad guthghlaonna míosúla don síntiúsóir móibíleach in Éirinn go dtí 164 nóiméad sa mhí i mí Meithimh 2024. I mí Meithimh 2024 bhí an meánlíon tráchta don síntiúsóir móibíleach a bhí ag úsáid seirbhísí gutha agus sonraí cothrom le 17.9GB.


## 4.

# Tomhaltóirí

Is é cur chuige straitéiseach foriomlán ComReg tomhaltóirí a chosaint agus eolas a roinnt leo ionas gur féidir leo seirbhísí cumarsáide a roghnú agus a úsáid go muiníneach.

I rith na tréimhse idir an 1 Iúil 2023 agus an 30 Meitheamh 2024, chuir ComReg roinnt gníomhartha i gcrích chun a spriocanna tomhaltóra gaolmhara a sheachadadh chun dul chun tairbhe tomhaltóirí i rith chéimeanna aistear an tomhaltóra: Ag Féachaint, Ag Clárú, Ag Aistriú agus Ag Úsáid. Bhí gníomhartha ComReg atá léirithe thíos dírithe ar Rannpháirtíocht leis an bPobal, Cúram agus Cúiteamh Tomhaltóirí, Cearta Tomhaltóirí, agus Cosaint agus Comhlíonadh.

### Fíor 3: Ról ComReg agus Turas Tomhaltóirí



## Rannpháirtíocht Phoiblí

**Tacaítear le tomhaltóirí, lena n-áirítear úsáideoirí deiridh leochaileacha agus míchumasaithe, trí fhaisnéis shoiléir, chruinn agus cothrom le dáta a chur ar fáil i rith Aistear an Tomhaltóra.**

Tá sé mar aidhm ag ComReg tomhaltóirí a chumasú trína chinntiú go bhfuil faisnéis, comhairle agus acmhainní ar líne neamhspleácha ar fáil, agus ag an am céanna trí phróiseas láimhseála gearán éifeachtach a chur ar fáil. Déanann ComReg iarracht teacht ar thuiscint ar riachtanais athraitheacha tomhaltóirí trí dhul i mbun idirchaidrimh le páirtithe leasmhara trí úsáid a bhaint as cainéil éagsúla cosúil lenár bhFoireann Cúraim Tomhaltóirí, an clár Cumarsáide agus Rannpháirtíochta, an Painéal Comhairleach Tomhaltóirí, an Fóram um Chomhionannas Rochtana agus Rogha, eagraíochtaí páirtithe leasmhara tomhaltóra eile agus trí thaighde tomhaltais a dhéanamh.

## Faisnéis faoi Chearta Tomhaltóirí

Cuirtear tomhaltóirí ar an eolas trí fhaisnéis thráthúil, ábhartha, shoiléir agus inrochtana. Aithníonn ComReg gur gá tomhaltóirí, lena n-áirítear úsáideoirí deiridh leochaileacha agus úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas, a chur ar an eolas go hiomchuí chun roghanna a dhéanamh maidir le cumarsáid leictreonach, agus chun cabhrú leo agus iad ag déileáil lena soláthraí seirbhíse. I ndáil leis sin, lean ComReg den rannán tomhaltóirí den **www.comreg.ie** a nuashonrú le faisnéis ábhartha maidir le seirbhísí cumarsáide a roghnú agus a úsáid. Le linn na tréimhse tugadh an chuid leathanaigh den láithreán gréasáin cothrom le dáta chun cearta agus reachtaíocht nua tomhaltóirí a chur san áireamh. Chruthaíomar dhá rannóg nua le heolas faoi sheirbhísí leathanbhanda<sup>1</sup> agus móibíleacha.<sup>2</sup>

D'fhoilsíomar míreanna rialta nuachta<sup>3</sup> do thomhaltóirí a chlúdaíonn raon topaicí lena n-áirítear glaonna camscéim, saincheisteanna agus comhairle tomhaltóirí, gníomhartha comhlíonta, uirlisí agus seirbhísí tomhaltóirí ComReg, comhairliúcháin agus tuarascálacha a bhaineann le tomhaltóirí.

## Acmhainní agus feidhmchláir ar líne chun cabhrú le tomhaltóirí

Soláthraíonn ComReg roinnt feidhmchlár agus acmhainní ar líne ar [comreg.ie](https://www.comreg.ie).

- I mí Márta 2024, sheolamar feidhmchlár nua dar teideal **Seiceálaí Leathanbhanda**<sup>4</sup> Soláthraíonn an feidhmchlár eolasach nua seo suíomh lárnach don úsáideoir chun eolas a fháil faoi infhaighteacht an líonra leathanbhanda sheasta trí úsáid a bhaint as Éirchód nó as seoladh. Tá an fhaisnéis bunaithe ar shonraí a chuir oibritheoirí líonra leathanbhanda sheasta ar fáil do ComReg. Déantar an seiceálaí a nuashonrú gach ráithe. Áirítear ar na hOibritheoirí Líonra atá liostaithe sa Seiceálaí Leathanbhanda faoi láthair Magnet Networks, NBI, Open Eir, Siro agus Virgin Media. Tá eolas le fáil sa Seiceálaí Leathanbhanda faoi Shnáithín [Cábla Snáthoptaice go háitreabh (FTTP)], Páirt-snáthoptaice [Cábla Snáthoptaice go Colbha (FTTC)] Cábala [cábala comhaiseach go háitreabh] agus seirbhísí Copair.


1. <https://www.comreg.ie/advice-information/broadband-and-home-phone/>

2. <https://www.comreg.ie/advice-information/mobile/>

3. [www.comreg.ie/category/consumer-news/](https://www.comreg.ie/category/consumer-news/)

4. <https://www.comreg.ie/broadbandchecker/>

## Fíor 4: Feidhmchlár Seiceálaí Leathanbhanda nua ComReg



- Taispeántar ar **Léarscáil an Chlúdaigh Mhóibíligh Lasmuigh**<sup>5</sup> ríomh ComReg ar chlúdach agus ar leibhéil chomhartha ghutháin phóca oibritheoirí ag suíomhanna ar fud na tíre. Ligeann an léarscáil d'úsáideoirí fón póca leibhéal an chumhdaigh mhóibíligh ina n-oibríonn siad nó ina gcónaíonn siad a fheiceáil agus cabhraíonn sé le tomhaltóirí agus roghanna á ndéanamh acu idir oibritheoirí bunaithe ar infhaighteacht tuartha clúdaigh ina gceantar. Ginimid an léarscáil trí úsáid a bhaint as sonraí atá curtha ar fáil ag na hoibritheoirí líonra mhóibíligh (OLManna). Cuimsítear sonraí maidir le soláthraithe seirbhíse a bhfuil a gcuid seirbhísí á n-óstáil ag oibritheoirí líonra mhóibíligh. Nuashonraímid an léarscáil sonraí trí huair sa bhliain. Tá an léarscáil leagtha amach i bhformáid dathchódaithe – tagraíonn dúdhonn do chlúdach an-mhaith agus tagraíonn béasa do chlúdach imeallach. Taispeántar ar an léarscáil neart an chomhartha do theicneolaíocht 2G (Guth), 3G (Sonraí agus Guth), 4G (Sonraí agus Guth) agus 5G (Sonraí). Chomh maith leis sin, tá feidhmchlár (Aip) ar fáil d'úsáideoirí gutháin phóca. Chomh maith leis sin, feabhsaíodh an feidhmchlár i rith na bliana trí fheabhsuithe úsáideora a chur i bhfeidhm.
- Soláthraíonn ComReg feidhmchlár **Comparáide** ar<sup>6</sup> [comreg.ie](http://comreg.ie) chun cabhrú le tomhaltóirí lena gcinntí ceannacháin, chun pleananna soláthraithe seirbhíse cumarsáide a chur i gcomparáid lena chéile do thairiscintí leathanbhanda, gutháin phóca agus braislithe. Cuireann soláthraithe faisnéis nuashonraithe ar fáil de réir mar a athraíonn a gcuid pleananna. I mbliana, bhí ComReg ag obair le soláthraithe chun forbairt a dhéanamh ar fheidhmchlár ComReg agus chun feidhmchlár úsáideora nua a chur ar fáil faoi dheireadh 2024.

5. [www.comreg.ie/coveragemap](http://www.comreg.ie/coveragemap)

6. [www.comreg.ie/compare](http://www.comreg.ie/compare)

- **Seiceálaí Seirbhíse**<sup>7</sup> - feidhmchlár atá le fáil ar [comreg.ie](http://comreg.ie) do thomhaltóirí a bhfuil ceisteanna acu faoi tháillí Seirbhísí Ardráta (SAR) a cuireadh i bhfeidhm ar a mbille nó a asbhaineadh óna gcreidmheas gutháin. Is féidir le tomhaltóirí na sonraí teagmhála agus na sonraí eile le haghaidh gach seirbhís ardráta a sheiceáil. Is féidir le tomhaltóirí ainm na seirbhíse nó uimhir chúig dhigit na seirbhíse ar gearradh táille orthu lena haghaidh a chur isteach agus cuirtear sonraí ar fáil dóibh maidir le huimhir agus le seoladh ríomhphoist líne chabhrach na seirbhíse do chustaiméirí.

## Faisnéis – Clár Rannpháirtíochta Tomhaltóirí

Mar chuid de straitéis chumarsáide agus rannpháirtíochta le tomhaltóirí ComReg don tréimhse, shainaithníomar príomhthosaíochtaí dár bhfeachtais faisnéise phoiblí:

- I mí Mheán Fómhair 2023, thug ComReg faoi fheachtas digiteach chun eolas a roinnt le tomhaltóirí faoin bhfaisnéis agus faoi na huirlisí atá ar fáil ar [comreg.ie](http://comreg.ie).
- I mí Meithimh 2024, sheol ComReg feachtas faisnéise chun eolas a roinnt le tomhaltóirí faoi theicneolaíocht mhóibíleach agus leathanbhanda, agus chun ComReg a chur chun cinn mar fhoinsé neamhspleách faisnéise agus comhairle.<sup>8</sup>

Reáchtáladh a leithéid sin de thionscnaimh ag an am céanna le seoladh an fheidhmchláir nua Seiceálaí Leathanbhanda agus nuashonraíodh suíomh gréasáin ComReg le faisnéis tomhaltóra ghaolmhar maidir le seirbhísí leathanbhanda<sup>9</sup> agus móibíleacha.<sup>10</sup> I rith na bliana d'oibrigh ComReg le pobail ag ceithre imeacht for-rochtana ar fud na hÉireann agus dháil sé bileoga eolais ar chlinicí dochtúra ar fud na tíre.

D'oibrigh ComReg le páirtithe leasmhara ar raon fadhbanna agus topaicí tomhaltóra i rith na bliana, lena n-áirítear Tascfhórsa Móibíleach agus Leathanbhanda an Rialtais, Aoisbhá Éireann, an Painéal Comhairleach Tomhaltóirí agus an Fóram um Chomhionannas Rochtana agus Rogha.<sup>11</sup>

## Fíor 5: Sampla den Bhileog a Scaipeadh ag Imeachtaí do Thomhaltóirí

**ComReg.ie**  
An Comhúinse Rialáil Cumarsáide  
Commission for Communications Regulation

**Information and Advice**  
For phone, broadband and postal services

**How we can help you with your service providers**

We try to make sure you are treated fairly by your service provider by:

- Telling you about your consumer rights so that you can make informed decisions about choosing or switching provider.
- Making sure you have affordable access to basic services such as a home phone and postal services.
- Making sure measures are in place for vulnerable and disabled consumers.
- Making sure that service providers provide a user-friendly complaints handling process.
- Helping to find an acceptable solution if you and your service provider can't directly solve your complaint.
- Monitoring service providers' practices and how they comply with consumer protection laws, and taking enforcement action, where required.

7. [www.comreg.ie/servicechecker](http://www.comreg.ie/servicechecker)

8. [www.comreg.ie/engagement/public-stakeholder-engagement/campaigns/](http://www.comreg.ie/engagement/public-stakeholder-engagement/campaigns/)

9. <https://www.comreg.ie/advice-information/broadband-and-home-phone/>

10. <https://www.comreg.ie/advice-information/mobile/>

11. [www.comreg.ie/engagement/panels-forums/](http://www.comreg.ie/engagement/panels-forums/)

## Fíor 6: Seastán ComReg ag Imeacht For-rochtana



### Cúram agus Cúiteamh Tomhaltóirí

Tá sáraí cúitimh éifeachtacha ar fáil do thomhaltóirí, lena n-áirítear rochtain ar phróisis thráthúla fiosrúcháin agus láimhseála gearáin

#### Láimhseáil Gearán

Tá ComReg ag leanúint ar aghaidh le seirbhís láimhseála gearán ar ardchaighdeán a chur ar fáil do thomhaltóirí. I rith na bliana, ghlac Foireann um Chúram Tomhaltóirí ComReg le thart ar 35,000 teagmháil ó thomhaltóirí. Is féidir le tomhaltóirí teagmháil a dhéanamh le Foireann um Chúram Custaiméirí ComReg trí na cainéil seo a leanas – guthán, ríomhphost, foirm gearán ar líne, litir, comhrá gréasáin, SMS agus Teanga Chomharthaíochta na hÉireann.<sup>12</sup>

Freagraíodh 99.6% de na glaonna a cuireadh ar Fhoireann um Chúram Tomhaltóirí ComReg laistigh de 20 soicind agus freagraíodh 100% de theagmhálacha scríofa laistigh de 24 uair an chloig.


12. <https://www.comreg.ie/advice-information/consumer-care/>

## Fíor 7: Tuarascáil um Chúram Tomhaltóirí Iúil 2023 – Meitheamh 2024

# Consumer Care Report

## July 2023 to June 2024

Summary results of issues raised by service providers' customers to ComReg's Consumer Care team



Tá ComReg ag leanúint ar aghaidh le staitisticí ráithiúla faoin fhadhbanna a bhí ag tomhaltóirí a rinne teagmháil lenár bhFoireann um Chúram Tomhaltóirí. I rith na tréimhse idir an 1 Iúil 2023 agus an 30 Meitheamh 2024, rinne tomhaltóirí teagmháil linn maidir le thart ar 14,000 fadhb.

Bhain thart ar 82% de na fadhbanna ar fad ar tarraingíodh aird orthu le cumarsáid leictreonach, agus bhain thart ar 1% eile le seirbhísí ardráta. Bhain na fadhbanna eile le nithe nár bhain le sainordú ComReg nó a bhí neamhaithnid.<sup>13</sup>

As measc na bhfadhbanna ar fad ar tarraingíodh aird ComReg orthu i rith na tréimhse, gearáin ba ea 9% a géaraíodh thar ceann tomhaltóirí na Soláthraithe Seirbhíse ábhartha le haghaidh Seirbhísí Cumarsáide Leictreonacha (SCL) agus Seirbhísí Ardráta (SAR).

Bhain formhór na bhfadhbanna SCL ar tarraingíodh aird orthu laistigh de shainordú ComReg le billeáil, fadhbanna seirbhíse, ceisteanna conarthacha, agus aistriú / iniomparthacht uimhreach. Bhain formhór na bhfadhbanna PRS ar tarraingíodh aird orthu le staideanna ina ndíúltaíonn tomhaltóirí go ndearna siad teagmháil leis an PRS nó sa chás go ndíospóideann an tomhaltóir an táille PRS atá i gceist.

### Réiteach Díospóidí

Mar aon le seirbhís láimhseála gearán ComReg (Líne Tomhaltóirí ComReg), tá nósanna imeachta réitigh díospóidí foirmiúla bunaithe ag ComReg do ghearáin neamhréitithe a bhaineann le seirbhísí gutháin phóca, gutháin bhaile agus leathanbhanda.

13. Tuarascáil maidir le Staitisticí um Chúram Tomhaltóirí ComReg Ráithe 2 2024 ComReg 24/64 [www.comreg.ie/publications](http://www.comreg.ie/publications)

I ndiaidh comhairliúcháin phoiblí, d'fhoilsigh ComReg leagan leasaithe de “Nósanna Imeachta Réitigh Díospóidí Úsáideora Deiridh SCL” (ComReg 24/22a). Le cois na leasuithe a bhí ag teastáil mar gheall ar athruithe reachtacha, chuireamar san áireamh ár dtaithí go dtí seo ar fheidhmchlár na nósanna imeachta réitigh díospóidí SCL agus ar fhorbairtí sa réimse réitigh díospóidí go ginearálta, agus leagadh béim ar leith ar réiteach díospóidí earnálach.

Nuair a fhaigheann Soláthraithe SCL gearán ó úsáideoir deiridh maidir lena seirbhísí, ceanglaítear orthu eolas a roinnt leis an úsáideoir deiridh maidir leis na gceart chun “díospóid ábhartha”<sup>14</sup> a chur faoi bhráid ComReg chun críche réitigh.<sup>15</sup>

I rith na bliana atá á hathbhreithniú, réitigh ComReg 4 dhíospóid fhoirmiúil SCL eile agus dhéileáil sé le 10 bhfiosrúchán bhreise nár déileáladh leo trí réiteach díospóidí foirmiúil.

Chomh maith leis sin, tá ról réitigh díospóidí ag ComReg d'úsáideoirí seirbhíse poist nach bhfuil sásta leis na céimeanna atá curtha i gcrích ag soláthraí seirbhíse poist údaraithe chun a ngearán a réiteach.

I rith na bliana atá á hathbhreithniú, bhreithnigh ComReg 24 iarratas ar réiteach díospóidí a bhain le nithe poist agus astu sin réitíodh nó tugadh chun críche 19 ndíospóid agus diúltaíodh do 5 iarratas.

## Gearán a bheith á Thuairisciú ag Soláthraithe do ComReg

Ainneoin go réitíonn ComReg díospóidí a chuirtear faoina bhráid, déanann úsáideoirí deiridh gearáin le soláthraithe freisin nach gcuirtear faoi bhráid ComReg. Ceanglaíonn Alt 43(a) d'Acht 2023 ar sholáthraithe tuairisciú do ComReg maidir le gach gearán a chuireann úsáideoirí deiridh faoina bhráid thar thréimhsí 6 mhí.

Chun cabhrú le soláthraithe an oibleagáid nua seo maidir le tuairisciú gearán a chomhlíonadh, d'fhoilsigh ComReg “Treoir maidir le Tuairisciú Rialála Gearán – Ceanglais do Sholáthraithe” (ComReg 23/99) mar aon le foclóir sonraí agus teimpléad tuairiscithe gaolmhar (ComReg 23/99a).<sup>16</sup> Sonraítear na dátaí tuairiscithe, mar atá sonraithe sa Treoir Rialála, do gach bliain:

**(a)** 9 Meitheamh - gearáin curtha faoi bhráid soláthraithe ag a n-úsáideoirí deiridh sa tréimhse tuairiscithe idir an 1 Nollaig agus an 31 Bealtaine; agus

**(b)** 9 Nollaig - gearáin curtha faoi bhráid soláthraithe ag a n-úsáideoirí deiridh sa tréimhse tuairiscithe idir an 1 Meitheamh agus an 30 Samhain.

## Bearta Cosanta Tomhaltóirí

**Tá na cearta agus na cosaintí tomhaltóirí, lena n-áirítear do thomhaltóirí leochaileacha agus míchumasaithe, oiriúnach chun díobháil tomhaltóirí a mhaolú.**

Tá na cearta agus na cosaintí tomhaltóirí, lena n-áirítear do thomhaltóirí leochaileacha agus míchumasaithe, oiriúnach chun díobháil tomhaltóirí a mhaolú. Rinne ComReg

14. Sainithe in alt 40 d'Acht 2023.

15. Alt 45 d'Acht um Rialáil Cumarsáide agus um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach (Leasú), 2023 (“Acht 2023”)

16. ComReg 23/99 agus ComReg 23/99a [www.comreg.ie/publications](http://www.comreg.ie/publications)

monatóireacht agus breithniú ar cibé acu an raibh nó nach raibh sé oiriúnach bearta a chur chun feidhme, a fheabhsú nó a fhorbairt chun díobhálacha tomhaltóirí SCL agus SAR a mhaolú.

Tá roinnt cosaintí tomhaltóra i bhfeidhm cheana féin lena n-áirítear bearta tacaíochta breise d'úsáideoirí deiridh míchumasaithe, bearta a bhaineann le praghsáil uimhreacha neamhgheografacha, fógraí maidir le hathruithe conartha, bearta maidir le caiteachas agus rialú costais, billeáil mhiondealaithe, meáin bhilleála<sup>17</sup> agus bac glaonna roghnach.

## Cúiteamh as aistriú agus fadhbanna a bhaineann le portáil uimhreacha

Tá Ballstáit faoi oibleagáid<sup>18,19</sup> rialacha a leagan síos maidir le cúiteamh a bheith á fháil ag úsáideoirí deiridh óna soláthraithe sa chás go dteipeann ar sholáthraí na hoibleagáidí seo a chomhlíonadh a bhaineann le haistriú agus le portáil uimhreacha agus i gcás moilleanna nó mí-úsáidí, próiseas portála agus aistrithe, agus coinní seirbhíse agus suiteála a chailítear.

Tá an chumhacht ag ComReg chun teip a shonrú chun oibleagáidí a chomhlíonadh faoi Rialachán 90 de Rialachán an Chóid mar “theip shonraithe” a cheanglaíonn cúiteamh a íoc le húsáideoir deiridh ábhartha.<sup>21</sup>

I mí Eanáir 2024, i ndiaidh comhairliúcháin phoiblí a dhéanamh i Meán Fómhair 2023,<sup>22</sup> d'fhoilsigh ComReg a Fhreagra ar an gComhairliúchán agus ar an gCinneadh.<sup>23</sup> Ciallaíonn cinneadh ComReg an méid seo a leanas:

- (1) ceanglaítear ar an soláthraí ábhartha cúiteamh a íoc leis an úsáideoir deiridh le haghaidh oibleagáidí maidir le haistriú agus le portáil gan a bheith á gcomhlíonadh (teip shonraithe); agus
- (2) ceanglaítear ar an soláthraí scéim chúitimh a ullmhú agus a fhoilsiú, faoin 2 Deireadh Fómhair 2024, ina leagtar amach nós imeachta trédhearcach chun cúiteamh a fháil agus an méid cúitimh atá le híoc.

## Rialáil Fánaíochta

Ón 15 Meitheamh 2017, gearrtar an táille mhiondíola bhaile ar chustaiméirí as a nguthán póca a úsáid nuair a bhíonn siad ag taisteal in aon tír san AE agus in LEE (an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua) – Fánaíocht ar Tháillí Baile (FTB) a thugtar air seo.<sup>24</sup> Amhail ón 1 Iúil 2022, cuireadh síneadh le RLAH trí Rialachán (AE) 2022/612<sup>25</sup>

17. Cinneadh ComReg D08/13 [www.comreg.ie/publications](http://www.comreg.ie/publications) Bhí an cinneadh sin mar bhonn leis an mbealach ba cheart do sholáthraithe atá údaraithe chun líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí a sholáthar billí a eisiúint do thomhaltóirí. Chaighdeánaigh na bearta na rialacha a bhaineann le billeáil atá infheidhme maidir le soláthraithe chun a chinntiú go raibh siad comhsheasmhach agus trédhearcach ar fud an tionscail.

18. Alt 106(8) den Chód

19. Is é Alt 39 d'Acht 2023 an sásra lena dtugtar éifeacht dó seo sa Stát.

20. Le fáil i Rialachán 90 de Rialachán an Chóid tá cearta agus oibleagáidí áirithe chun úsáideoirí deiridh a chosaint nuair a bhíonn uimhreacha á bportáil acu agus/nó nuair a bhíonn siad ag aistriú idir soláthraithe seirbhísí rochtana idirlín (“SRI”)

21. Is é Alt 39 d'Acht 2023 an sásra lena dtugtar éifeacht dó seo sa Stát.

22. ComReg 23/92 [www.comreg.ie/publications/](http://www.comreg.ie/publications/)

23. ComReg 24/01, D01/24 [www.comreg.ie/publications/](http://www.comreg.ie/publications/)

24. Tugadh isteach chéad Rialachán Fánaíochta an AE i mí Lúnasa 2007 chun teorainn a chur le costas na fánaíochta gutháin phóca san AE agus tá roinnt Rialachán foilsithe ó 2007 a dhéileáil go sonrach le fánaíocht mhóibíleach. Bhunaigh Rialachán 2015/2120 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an 25 Samhain 2015, Fánaíocht ar Tháillí Baile (RLAH), éifeachtach ón 15 Meitheamh 2017.

25. Rialachán (AE) 2022/612: EUR-Lex – 32022R0612 – EN – EUR-Lex (europa.eu)

(na rialacha nua) go dtí an 30 Meitheamh 2032. D'fhoilsigh ComReg Fógra Faisnéise<sup>26</sup> ina dtarraingítear aird, ar mhaithe le tomhaltóirí, mar chuid de na rialacha nua, go mbaineann úsáideoirí gutháin phóca ar fud an AE tairbhe as fánaíocht saor in aisce, Fánaíocht ar Tháillí Baile, i gcomhair deich mbliana eile (2022-2032). Bunaíodh bearta breise agus é mar aidhm trédhearcacht a mhéadú do chustaiméirí fánaíochta agus, cabhrú lena chinntiú nach mbíonn táillí gan choinne á dtabhú ag custaiméirí fánaíochta (bille an-ard gan choinne).

Ón 15 Bealtaine 2019, tá teorainn curtha leis an gcostas a íocann tomhaltóirí Éireannacha as glaonna a dhéanamh nó as téacsteachtaireachtaí SMS a sheoladh as Éirinn chuig uimhir sheasta nó uimhir fóin phóca i mBallstát eile den AE.<sup>27</sup> Ní ghearrfar níos mó ná €0.19 (+CBL) ar thomhaltóirí AE agus Éireannacha do gach nóiméad de ghlaonna a dhéantar (lena n-áirítear aon táille ceangail) agus €0.06 (+CBL) do gach SMS a sheoltar as Éirinn chuig aon uimhir sheasta nó uimhir fóin phóca i mBallstát den AE, ar cheart dó eispéireas an tomhaltóra a fheabhsú. Lean ComReg ar aghaidh ag obair le BEREC chun críche monatóireacht a dhéanamh ar an margadh agus ar fhorbairtí praghais do chumarsáid rialaithe laistigh den AE agus ag tuairisciú do Choimisiún an AE maidir leis an tréimhse seo.

Soláthraíonn na bearta sin buntáistí d'eispéireas fánaíochta feabhsaithe, lena n-áirítear:

- Faisnéis agus roghanna – ba cheart faisnéis a roinnt leat maidir le táillí, aon teorainn sonraí úsáide córa a d'fhéadfadh a bheith i bhfeidhm agus conas rochtain a fháil ar an uimhir éigeandála 112 saor in aisce.
- Seirbhísí Breisluacha le trédhearcacht mhéadaithe – ba cheart go mbeadh tú ar an eolas faoi na cineálacha seirbhísí a bhféadfadh costais bhreise a bheith ag baint leo a d'fhéadfadh a bheith saor in aisce nó ar chostas níos ísle nuair a bhíonn tú ag glooch ón mbaile, cosúil le huimhreacha seirbhísí do chustaiméirí nó deasca cabhrach.
- Foláirimh agus costais bhreise a sheachaint – ba cheart fógra a sheoladh chugat nuair a shroicheadh tú teorainn úsáide córa.
- Líonraí neamh-thrastíre – ba cheart faisnéis a chur ar fáil duit maidir le táillí breise a bhaineann le seirbhísí fánaíochta a úsáid ar líonraí ar a dtugtar líonraí neamh-thrastíre cosúil le líonra satailíte a chuirtear ar fáil ar aerárthach nó ar bhád.
- Teagmháil a dhéanamh le seirbhísí éigeandála thar lear – faoi mhí Meithimh 2023 ba cheart duit teachtaireacht a fháil chun d'aird a tharraingt ar an tsaoráid éigeandála 112 agus ar na roghanna malartacha eile atá ar fáil.
- Caihdeán na seirbhíse sa bhaile agus thar lear – ba cheart go mbeadh tú in ann seirbhísí móibíleacha a úsáid ar an mbealach céanna is a úsáideann tú iad sa bhaile, más féidir a leithéid a dhéanamh go teicniúil.

I rith na tréimhse, rinne ComReg monatóireacht ar an tslí a raibh an rialachán seo á chomhlíonadh agus lean sé ar aghaidh ag obair le comhghleacaithe in BEREC (Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach) i ndáil le sonraí maidir le fánaíocht idirnáisiúnta a bhailiú. Rinneadh amhlaidh chun críche tuairiscithe ar éabhlóid patrún praghsála agus tomhaltais sna Ballstáit do sheirbhísí baile agus fánaíochta agus chun Tuarascáil BEREC 2023 don Choimisiún Eorpach a chur i dtoll a chéile. Tá tuarascáil ComReg ar Rialachán Fánaíochta an AE a bheith á Chur Chun Feidhme ag Cuideachtaí Móibíleacha Éireannacha (1 Deireadh Fómhair 2022 – 30 Meán Fómhair 2023) le fáil ag an nasc atá curtha ar fáil.<sup>28</sup>

26. ComReg 22/68 [www.comreg.ie/publications](http://www.comreg.ie/publications)

27. Tá an méid sin ag teacht le Rialachán (AE) 2018/1971.

28. ComReg 24/60 [www.comreg.ie/publications/](http://www.comreg.ie/publications/)

## Rialacha maidir leis an Idirlíon Oscailte

Faoi Rialacha an AE maidir leis an Idirlíon Oscailte, i Rialachán (EU) 2015/2120, tá tomhaltóirí i dteideal faisnéis agus ábhar a dháileadh agus rochtain a fháil ar a leithéid, feidhmchláir agus seirbhísí a úsáid agus a chur ar fáil, agus trealamh teirminéil dá rogha a úsáid, beag beann ar shuíomh an úsáideora deiridh nó an tsoláthraí nó suíomh na faisnéise, an ábhair, an fheidhmchláir nó na seirbhíse.

Cosnaíonn an Rialachán cearta tomhaltóirí agus tacaíonn sé le hidirlíon atá oscailte agus nuálach. Lean ComReg ar aghaidh le monatóireacht a dhéanamh ar oscailteacht an idirlín trí fhorbairt seirbhísí agus teicneolaíochtaí, lena n-áirítear forbairtí a bhaineann le seirbhísí nialas-rátaithe. Is éard atá i gceist le nialas-rátú nuair a chuireann ISP praghas nialais i bhfeidhm i ndáil leis an trácht sonraí a bhaineann le feidhmchlár ar leith nó le haicme feidhmchlár.

## Bearta d'Úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas

Ba cheart go mbeadh rochtain go héasca agus go comhionann ag gach duine ar sheirbhísí SCL agus ar fhaisnéis ghaolmhar. Bhunaigh ComReg bearta sonracha chun freastal ar riachtanais tomhaltóirí faoi mhíchumas in 2014 agus in 2015 chun a chinntiú go mbeidís in ann SCL a roghnú agus a úsáid go muiníneach. Go hachomair, is éard atá i gceist leis na bearta seo<sup>29</sup> seirbhísí agus faisnéis shonrach atá ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas:

- Nós imeachta inrochtana chun gearáin a dhéanamh
- Eolaire fiosrúchán inrochtana
- Saoráid bhreisiithe inrochtana d'úsáideoirí gutháin phóca réamhíochta
- Billeáil inrochtana
- Saoráid inrochtana chun comhoiriúnacht trealamh theirminéil a thástáil nó beartas fillte oiriúnach
- Saoráid do shíntiúsóirí faoi mhíchumas chun ceanglais a chlárú
- Seirbhís athsheachadóra téacs (SAT) a chur ar fáil
- Faisnéis inrochtana
- Ceanglas maidir le ráiteas inrochtaineachta

Táthar ag leanúint ar aghaidh le hathbhreithniú ComReg ar na bearta seo chun a chinntiú go bhfuil rochtain agus rogha SCL cosúil ag daoine faoi mhíchumas agus ag formhór na ndaoine eile.

Mar chuid den athbhreithniú sin, d'fhoilsigh ComReg Gairm ar Ionchur<sup>30</sup> ar an 4 Meán Fómhair 2023 mar aon le doiciméad achomair ina ndearnadh achoimre ar na topaicí ar fad a clúdaíodh sa Ghairm ar Ionchur. Chomh maith leis sin, bhí físeán i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann, le fotheidil agus guthú déanta ar an doiciméad achomair ar fáil freisin.<sup>31</sup> Mar chuid den Ghairm ar Ionchur cuireadh barúlacha ar fáil, ar bhonn táscach, maidir le feidhmiú na mbeart reatha nó na seirbhísí sonracha agus an tacaíocht shonrach atá ar fáil d'úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas nuair a bhíonn rochtain á fáil acu ar SCL agus nuair a bhíonn SCL in úsáid acu. Bhí an Ghairm ar Ionchur bunaithe ar rannpháirtíocht leis an tionscal, le grúpaí úsáideoirí agus le rialtóirí eile. Lorg ComReg ionchur ó úsáideoirí deiridh maidir lena dtaithe ar na seirbhísí

29. [www.comreg.ie/advice-information/accessibility-requirements/](http://www.comreg.ie/advice-information/accessibility-requirements/)

30. ComReg 23/80 [www.comreg.ie/publications](http://www.comreg.ie/publications)

31. Féach ar Cheanglais Inrochtaineachta Soláthraí Seirbhíse <https://www.comreg.ie/advice-information/accessibility-requirements/>

sonracha sin agus ar an tacaíocht atá ar fáil dóibh (i.e., Bearta) nuair a bhíonn SCL á roghnú agus in úsáid agus, oibriú lena soláthraí seirbhíse, i rith aistear an tomhaltóra. Tá breithniú á dhéanamh againn ar aighneachtaí ó pháirtithe leasmhara agus tá machnamh á dhéanamh againn ar na chéad chéimeanna eile.

Cinntíonn Seirbhís Athsheachadóra Téacs na hÉireann (SATÉ) gur féidir le daoine atá bodhar, faoi allaire nó a bhfuil deacrachtaí labhartha acu, glaonna a chur agus a fháil go neamhspleách. D'fhoilsigh ComReg mír nuachta do thomhaltóirí lena n-áirítear staitisticí maidir le glacadh agus le húsáid SATÉ sa tréimhse seo<sup>32</sup> mar aon le grafaic eolais<sup>33</sup> ina raibh forléargas ar an tuarascáil don tréimhse idir Iúil – Nollaig 2023 ar ComReg.ie.

I rith na tréimhse, leanamar ar aghaidh ag obair ar bhonn rialta le páirtithe leasmhara agus le grúpaí ionadaíoch eile cosúil leis an Údarás Náisiúnta Míchumais maidir le húsáideoirí deiridh a bhfuil ceanglais mhíchumais acu a bhaineann le hinrochtaineacht agus le comhionannas rochtana agus rogha. Reáchtáil ComReg cruinnithe de chuid a Fhóiraim ar Sheirbhísí Cumarsáide Leictreonaí do Dhaoine faoi Mhíchumas in 2023<sup>34</sup> chun scrúdú a dhéanamh ar thopaicí agus ar fhadhbanna sonracha a bhaineann le hinrochtaineacht.

Tá Treoir maidir le hinrochtaineacht na hEorpa trasuite i ndlí na hÉireann ag Ionstraim Reachtúil Uimh. 636/2023.<sup>35</sup> Faoin Ionstraim Reachtúil sin, is é ComReg an tÚdarás Comhlíonta do sheirbhísí cumarsáide leictreonaí (seachas seirbhísí tarchuir le haghaidh meaisín le meaisín) agus an tSeirbhís Freagartha Glaonna Éigeandála. Tagann forálacha áirithe i bhfeidhm ar an 28 Meitheamh 2025.

## Seirbhísí Ardráta

I rith na tréimhse seo, lean ComReg ar aghaidh le monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí i margaí Seirbhísí Ardráta (SAR), lena n-áirítear seirbhísí nua billeála iompróra dhíriú (DCB), chun a chinntiú nach bhfuil síntiús á ghlacadh ag tomhaltóirí mar thoradh ar a gcéad rannpháirtíocht le SAR. Mar a cheanglaíonn Cód Cleachtas SAR ComReg,<sup>36</sup> ní mór faisnéis chúil a chur faoi bhráid tomhaltóirí faoin tseirbhís síntiúis, lena n-áirítear maidir le praghsáil, sula ndeimhníonn siad a síntiús agus fad is atá SAR in úsáid acu. Ceanglaíonn Rialacháin CCL go luaitear ar bhíllí miondealaithe aitheantas an tsoláthraí agus tréimhse na seirbhísí a ngearrtar uimhreacha ardráta lena n-aghaidh (mura ndearna an tomhaltóir iarratas gan an fhaisnéis a lua). Lena chois sin, forálann Rialacháin CCL go bhféadfadh tomhaltóir bac a chur ar ghlaonna amach nó ar SMS nó MMS ardráta nó ar chineálacha eile feidhmchlár saor in aisce. Tá beart bunaithe ag ComReg cheana féin chun cead a thabhairt do thomhaltóirí cosc a chur ar rochtain ar SMS nó ar MMS ardráta chun an fhéidearthacht a bhaineann le bille an-ard gan choinne a laghdú. D'fhéadfadh ComReg athbhreithniú a dhéanamh má tá cosaintí breise a bhaineann le billeáil tríú páirtí oiriúnach, de bhua cheanglais na reachtaíochta náisiúnta.

32. ComReg 23/66 agus ComReg 24/18 [www.comreg.ie/publications](http://www.comreg.ie/publications)

33. Féach ar an tuarascáil maidir le húsáid Sheirbhís Athsheachadóra Téacs na hÉireann a foilsíodh <https://www.comreg.ie/irish-text-relay-service-usage-report-published/>

34. Tá an Fóram um Chomhionannas Rochtana agus Rogha á éascú ag ComReg chun fadhbanna SCL a phlé agus a chur chun cinn le páirtithe leasmhara ábhartha (grúpaí ionadaíochta daoine faoi mhíchumas, lucht tionscail agus saineolaithe speisialaithe eile).

35. Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Ceanglais Inrochtaineachta maidir le Táirgí agus Seirbhísí), 2023

36. Cinneadh ComReg D03/18, ComReg 18/09 [www.comreg.ie/publications](http://www.comreg.ie/publications)

## Cairt Custaiméirí

Go ginearálta, tá ganntanas trédhearcachta ag baint le caighdeán na seirbhísí do chustaiméirí. Ciallaíonn sé sin go bhféadfadh deacrachtaí a bheith ag custaiméirí an leibhéal seirbhísí do chustaiméirí is féidir leo a bheith ag súil leis óna soláthraí féin a oibriú amach nó comparáid a dhéanamh idir seirbhísí do chustaiméirí ó sholáthraithe seirbhíse, mar shampla nuair a bhíonn custaiméir ag aistriú chuig soláthraí difriúil. Forálann reachtaíocht a bhunaigh an Rialtas, an tAcht um Rialáil Cumarsáide agus um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach (Leasú), 2023, i measc rudaí eile, gur féidir le ComReg iarracht a dhéanamh ceanglais rialála nua a bhunú chun déileáil le fadhbanna a thagann chun cinn, ionas go bhfuil úsáideoirí deiridh á gcosaint.

Tá machnamh déanta ag ComReg ar Chairt Custaiméirí a bhunú i rith na tréimhse seo. Chiallóidh Cairt Custaiméirí go mbeadh eolas agus tuiscint níos fearr ag custaiméirí ar an leibhéal seirbhísí do chustaiméirí is féidir leo a bheith ag súil leis óna soláthraí Seirbhísí Rochtana Idirlín (SRI) agus ó Sheirbhísí Cumarsáide Idirphearsanta (SCI). Chomh maith leis sin, bheadh sé níos éasca do chustaiméirí comparáid a dhéanamh idir an leibhéal seirbhísí do chustaiméirí thar sholáthraithe difriúla. I mí an Mhárta 2023, d'eisigh ComReg comhairliúchán poiblí inar déileáladh le sonraíocht bheartaithe ceanglas ar sholáthraithe seirbhísí idirlín agus gutháin, chun Cairt Custaiméirí a fhoilsiú agus a choinneáil cothrom le dáta.<sup>37</sup> Chuir ComReg síneadh leis an spriocdháta chun glacadh le haighneachtaí, agus chiallaigh sé sin go mbeadh críoch á cur leis an tréimhse chomhairliúcháin ar an 2 Meitheamh 2023.<sup>38</sup> I bhfianaise an mheasúnaithe a rinne ComReg ar na freagraí a fuarthas ar an gcomhairliúchán, mar a léiríodh i bPlean Gníomhaíochta Bliantúil ComReg, rachaidh ComReg i mbun tuilleadh comhairliúcháin maidir leis na tograí a leagadh amach sa chomhairliúchán bunaidh.

## Bunachar Sonraí an Eolaire Náisiúnta

Is taifead é Bunachar Sonraí an Eolaire Náisiúnta ("BSEN") ar gach síntiúsóir de sheirbhísí cumarsáide gutha in Éirinn, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil uimhreacha seasta, pearsanta agus fóin phóca acu nár dhiúltaigh a bheith páirteach sa taifead sin.<sup>39</sup> Is í príomhfheidhm BSEN tiomsú agus rochtain ar fhaisnéis d'eolairí fóin agus ar sheirbhísí eolaí gutháin a éascú. Chomh maith leis sin, tá eolas le fáil in BSEN faoi shainrogha síntiúsóirí chomh fada is a bhaineann le cumarsáid mhargaíochta gan iarraidh a fháil.<sup>40</sup>

I ndiaidh próisis léirithe spéise<sup>41</sup> agus comhairliúchán poiblí maidir lena thograí, chinn ComReg ón 1 Iúil 2024 gurb é PXS B.V. an duine cuí chun an BSEN a bhainistiú agus a chothabháil de réir na Sonraíochta Oibriúcháin<sup>42</sup> do thréimhse 3 bliana, mura leasaíonn ComReg é sin ar shlí eile. Is féidir le ComReg, dá lánrogha, síneadh a chur le tréimhse na treorach do thréimhse bhreise suas le 2 bhliain, agus faoi réir athbhreithniú a bheith á dhéanamh ag ComReg ar bheart BSEN atá foilsithe ag ComReg. Cabhróidh an Cinneadh sin chun a chinntiú go mbeidh teidlíochtaí agus cosaintí faoi na Rialacháin á gcomhlíonadh agus go mbeidh tionchar dearfach aige ar an tionscal de bhrí go gcabhróidh oibriú an BSEN chun freastal ar a n-oibleagáidí gaolmhara.

37. ComReg 23/14 [www.comreg.ie/publications](http://www.comreg.ie/publications)

38. ComReg 23/48 [www.comreg.ie/publications/](http://www.comreg.ie/publications/)

39. Coimeádtar an BSEN de réir Rialachán 95 (3) de Rialachán an Chóid Chumarsáide Leictreonaí Eorpáí 2022 ("Rialachán CCLE") agus Rialachán 14 de Rialachán ón gComhphobal Eorpach (Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí) (Príobháideachas agus Cumarsáid Leictreonach), 2011 (arna leasú) ("na Rialacháin r-Phríobháideachais").

40. ComReg 24/12 [www.comreg.ie/publications/](http://www.comreg.ie/publications/)

41. ComReg 24/32 [www.comreg.ie/publications/](http://www.comreg.ie/publications/)

42. Ar fáil ar shuíomh gréasáin PXS BSEN – BSEN – PXS – Bunachar Sonraí an Eolaire Náisiúnta

## Seirbhís Freagartha Glaonna Éigeandála

Tá freagracht reachtúil ar ComReg as monatóireacht a dhéanamh ar chaighdeán sholáthraí na Seirbhíse Freagartha Glaonna Éigeandála (SFGÉ) agus as athbhreithniú a dhéanamh ar an Táille Láimhseála Glaonna (TLG) a d'fhéadfadh an soláthraí ECAS a ghearradh.

I mí Eanáir 2024, chinn ComReg, i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar na costais tabhaithe ag an soláthraí SFGÉ, an TLG uasta a shocrú ag €3.12 don ghlaon ón 12 Feabhra 2024. Sa bhliain roimhe sin, idir an 12 Feabhra 2023 agus an 11 Feabhra 2024, chinn ComReg go bhfuil an TLG uasta cothrom le €3.78.

Ní ghearrtar táille ar an tomhaltóir le haghaidh glaonna ar an uimhir 999 nó 112 de bhrí gurb é an líonra teileachumarsáide reatha a íocann an costas sin.

I rith na tréimhse, d'fhoilsigh ComReg dhá fhógra faisnéise maidir le líon na nglaoanna ar SFGÉ.

Ceanglaítear ar ComReg<sup>43</sup> critéir a leagan síos a bhaineann le cruinneas agus le hiontaofacht na faisnéise maidir le suíomh an glaoiteora a fhoráiltear leis na teachtaireachtaí éigeandála (112/999) le SFGÉ, agus ní mór do sholáthraithe seirbhíse na critéir sin a chomhlíonadh. Tá faisnéis le fáil Rialachán Tarmligthe freisin maidir leis na critéir chruinnis agus iontaofachta sin.<sup>44</sup> Chomh fada is a bhaineann le cruinneas, le haghaidh seirbhísí líne seasta, is éard atá i gceist seoladh fisiciúil an chríochphointe líonra agus le haghaidh cumarsáid mhóibíleach, tá an suíomh le cur in iúl laistigh de roinnt méadar. Sa dá chás, ní mór an critéar iontaofachta a léiriú mar chéatadán na nglaoanna tarchurtha chuig SFGÉ sa chás go bhfuil an critéar cruinnis á chomhlíonadh ag suíomh an ghlaoteora.

I Márta 2024, i ndiaidh comhairliúchán poiblí a réachtáil,<sup>45</sup> d'eisigh ComReg a fhreagra ar an gComhairliúchán agus Cinneadh maidir le critéir chruinnis agus iontaofachta d'Fhaisnéis maidir le Suíomh Glaoiteora Éigeandála.<sup>46</sup> Ciallaíonn an cinneadh sin gur cheart go mbainfeadh an fhaisnéis suímh seo a leanas le glaonna éigeandála:

- chomh fada is a bhaineann le cumarsáid éigeandála sheasta, ba cheart gurb ionann an fhaisnéis a bhaineann le seoladh fisiciúil an chríochphointe líonra (“CPL”) agus an tÉirchód nó comhordanáidí geografacha an tseolta, má tá a leithéid ar fáil, agus an seoladh suiteála mura bhfuil.
- I gcás líonra mhóibíligh, ní mór an tAitheantas Cille a chur ar fáil i ngach cás agus ní mór go mbeadh na sonraí líonra tacaíochta cruinn agus nuashonraithe go rialta. Lena chois sin, ceanglaítear nach mór do na soláthraithe seirbhísí móibíleacha a chinntiú go bhfuil a líonraí cumraithe chun Ardchóras Móibíleach Aimsiúcháin (“AML”) a chumasú agus, in am trátha, Formáid Sonraí Faisnéise Láithreachta – Oibiacht Suímh (“PIDF-LO”).

43. Rialachán 93(7)(d) de Rialacháin an Chóid – I.R. Uimh.

44. Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún (AE) 2023/444 an 16 Nollaig 2022, (an “Rialachán Tarmligthe”).

45. ComReg 23/117 [www.comreg.ie/publications/](http://www.comreg.ie/publications/)

46. ComReg 24/17, D06/24 [www.comreg.ie/publications/](http://www.comreg.ie/publications/)

## Seirbhís Uilíoch do Chumarsáid Leictreonach

**Tá rochtain inacmhainne ag gach úsáideoir deiridh ar sheirbhísí leathanbanda agus cumarsáide gutha ag suíomh seasta.**

Gné lárnach dár gcuid oibre maidir le cosaint tomhaltóirí is ea a chinntiú go bhfuil seirbhís cumarsáide leictreonaí uilíoch ar fáil.

### Rochtain ag Suíomh Seasta

Chuaigh an t-ainmniú OSU ar EIR do rochtain ag suíomh seasta in éag ar an 30 Meitheamh 2023. Níl aon ainmniú i bhfeidhm faoi láthair i ndáil le seirbhísí cumarsáide gutha seasta.

Tá na doiciméid chomhairliúcháin phoiblí seo a leanas eisithe ag ComReg:

- Ceanglais Seirbhíse Uilíche: Naisc ghutha amháin agus seirbhísí cumarsáide gutha a chur ar fáil ag suíomh seasta (GSS OSU)<sup>47</sup>
- Soláthar Seirbhíse Uilíche de naisc ghutha amháin agus de sheirbhísí cumarsáide gutha ag suíomh seasta – Freagra ar Chomhairliúchán, Tuilleadh Comhairliúcháin agus Dréachtchinneadh<sup>48</sup>

Ar an 12 Nollaig 2023, d'eisigh ComReg Cinneadh D10/23<sup>49</sup> lena mbunaítear nach féidir seirbhísí cumarsáide gutha seasta a chinntiú sa Stát. Scríobh ComReg chuig an tAire ag lorg a thuairime maidir le cibé acu an féidir nó nach féidir le huirlisí beartais phoiblí poitéinsiúla eile rochtain a chinntiú ar sheirbhísí cumarsáide gutha sa Stát nó in aon chuid den Stát.

Ar an 25 Meitheamh 2024, d'eisigh RCAC Comhairliúchán maidir le<sup>50</sup> hinfhaighteacht seirbhísí cumarsáide gutha ag suíomh seasta (GSS) – uirlisí beartais phoiblí poitéinsiúla a bheith ann cheana. Glacadh le haighneachtaí ar an gcomhairliúchán seo go dtí an 6 Lúnasa 2024.

Leanfaidh ComReg ar aghaidh lena chuid oibre sa réimse seo i ndiaidh thuairim an Aire a fháil maidir le cibé acu an féidir nó nach féidir le huirlisí beartais phoiblí poitéinsiúla eile rochtain a chinntiú ar sheirbhísí cumarsáide gutha sa Stát nó in aon chuid den Stát.

47. ComReg 23/02 [www.comreg.ie/publications](http://www.comreg.ie/publications)

48. ComReg 23/55 [www.comreg.ie/publications](http://www.comreg.ie/publications)

49. ComReg 23/115 [www.comreg.ie/publications](http://www.comreg.ie/publications)

50. gov - Comhairliúchán maidir le hinfhaighteacht seirbhísí cumarsáide gutha ag suíomh seasta (GSS) - uirlisí beartais phoiblí poitéinsiúla a bheith ann cheana ([www.gov.ie](http://www.gov.ie))

## Forbairt na dTaraifí miondíola

Gaolmhar le hinacmhainneacht seirbhísí uilíocha, ceanglaítear ar ComReg monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairt agus ar leibhéal praghsanna miondíola seirbhísí oiriúnacha leathanbhanda agus cumarsáide gutha agus tuairisciú don Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide ar bhonn rialta maidir leis na nithe seo agus nuair a iarrann an tAire a leithéid a dhéanamh.<sup>51</sup>

D'fhoilsigh ComReg a chéad tuarascáil i mí na Nollag 2023.<sup>52</sup>

## Caighdeán Seirbhíse (QoS) na Seirbhíse Uilíche

Glacann ComReg leis gur gné thábhachtach de rochtain ag suíomh seasta é QoS. Dá réir sin, tá ComReg den tuairim go bhfuil sé tábhachtach go ndéanfaí monatóireacht ar fheidhmíocht QoS. Déanfaidh ComReg monatóireacht ar fheidhmíocht QoS ar bhonn leanúnach agus d'fhéadfadh sé idirghabháil a dhéanamh más cuí.

D'fhoilsigh ComReg Fógraí Faisnéise Ráithiúla ComReg ina léirítear feidhmíocht ESO Eir do gach tréimhse ráithiúil agus bhliantúil.<sup>53</sup>

## Iarratais Mhaoinithe OSU

Leagtar amach i Ráiteas Straitéise ComReg 2023-2025<sup>54</sup> cinntí maidir le hiarratais mhaoinithe OSU ComReg 2010-2015; dúshlán dlí Eircom ina dhiaidh sin; atreorú Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) déanta ag Ard-Chúirt na hÉireann; breithiúnas CBAE agus orduithe ó Ard-Chúirt na hÉireann ina dhiaidh sin.

Sa chomhthéacs seo, chuir ComReg tús lena athbhreithniú, de réir an ordaithe ón Ard-Chúirt, ar na measúiníthe ar an ualach éagothrom (2010-2015) ar bhonn an ghlanchoistais ghaolmhair arna chinneadh bunaithe ar na Cinntí.<sup>55</sup>

Rinne ComReg athbhreithniú ar an measúnú ar an ualach éagothrom a bhain le Cinneadh ComReg D05/19 (i.e. 2010-2011). Chuaigh ComReg i mbun comhairle maidir lena réamhthuairimí, agus ina dhiaidh sin, rinne ComReg cinneadh maidir leis an measúnú ar an ualach éagothrom i gcomhair 2010-2011 (D17/24).<sup>56</sup> Chinn ComReg nárbh ionann glanchostas sholáthar an OSU in 2010-2011 agus ualach éagothrom ar Eircom. Ní dhearnadh an cinneadh a achomharc.

Tá sé beartaithe ag ComReg athbhreithniú a dhéanamh ar gach bliain ina dhiaidh sin ina ndearna Eircom iarratas agus ina ndearnadh cinneadh maidir le glanchostas.

Níl aon iarratas ar mhaoiniú OSU faighte ag ComReg don tréimhse airgeadais 2022-2023.

51. Rialachán 71(1) de Rialacháin ón Aontas Eorpach (Cód Cumarsáide Leictreonaí), 2022 ("na Rialacháin") - I.R. Uimh. 444/2022 - Rialacháin ón Aontas Eorpach (Cód Cumarsáide Leictreonaí), 2022, <https://www.irishstatutebook.ie/eli/2022/si/444/>

52. ComReg 23/110 [www.comreg.ie/publications/](http://www.comreg.ie/publications/)

53. ComReg 23/94 [www.comreg.ie/publications/](http://www.comreg.ie/publications/)

54. Microsoft Word - Ráiteas Straitéise ECS (comreg.ie)

55. ComReg D05/19; D06/119; D08/19; D08/19; D09/19 [www.comreg.ie/publications/](http://www.comreg.ie/publications/)

56. ComReg 24/43R [www.comreg.ie/publications/](http://www.comreg.ie/publications/)

## Comhlíonadh agus Forfheidhmiú

Tá na soláthraithe seirbhíse ag tabhairt aird ar chearta tomhaltóirí i rith a n-aistir.

### Treoir Rialála maidir le cearta úsáideora deiridh Chód Cumarsáide Leictreonaí na hEorpa (an Cód)

Bhunaigh an Cód cearta úsáideora deiridh nua i ndáil leis an gceart chun faisnéis réamhchonarthach íosta áirithe a fháil agus an Achoimre Conartha nua sula nglactar páirt i gconarthaí, sula n-aistrítear rochtain idirlín agus sula mbaintear tairbhe as tairiscintí cuachta. Glactar leis mar phíosa lárnach reachtaíochta chun sochaí Gigighiotáin na hEorpa a chomhlíonadh agus chun rannpháirtíocht iomlán gach saoránach den AE a chinntiú sa gheilleagar agus sa tsochaí dhigiteach.

Chun cabhrú le tuiscint soláthraithe seirbhíse ar an raon ceart úsáideora deiridh d'fhoilsiomar Treoir Rialála maidir le Cearta Úsáideora Deiridh an Chóid.

Eisíodh an Treoir seo ar dtús agus ina dhiaidh sin nuashonraigh ComReg í i mí na Nollag 2020 i bhfianaise an Chóid. I mí Lúnasa 2023, i ndiaidh tús a bheith curtha le, ar an 9 Meitheamh 2023, Rialacháin CCL agus Acht 2023, rinne ComReg tuilleadh nuashonraithe ar an Treoir seo. Nuashonraíodh an Treoir seo chun léargas a thabhairt ar an soiléiriú tríd an reachtaíocht trasuite náisiúnta maidir le ról ComReg agus na ceanglais dlí bhreise do sholáthraithe.

Tá ComReg airdeallach ar an tábhacht a bhaineann lena chinntiú go dtacaítear le cultúr comhlíonta ionas go seasann a soláthraí seirbhíse le cearta tomhaltóirí. Tá comhlíonadh agus forfheidhmiú éifeachtach tábhachtach sa chomhthéacs seo.

Maidir le cearta tomhaltóirí, déanann ComReg monatóireacht ar an tslí a bhfuil oibleagáidí ábhartha á gcomhlíonadh ag soláthraithe SAR agus SCL, lena n-áirítear Cód Cleachtais SAR, na Rialacháin Seirbhíse Uilíche<sup>57</sup> agus Cinntí Gaolmhara ComReg. Tháinig forálacha áirithe de Rialacháin an Chóid in ionad na Rialachán Seirbhíse Uilíche<sup>58</sup> laistigh den tréimhse. Chomh maith leis sin, déanann ComReg monatóireacht ar an tslí a bhfuil na Rialacháin Fánaíochta á gcomhlíonadh,<sup>59</sup> a nuashonraíodh laistigh den tréimhse freisin,<sup>60</sup> agus reachtaíocht ceart tomhaltóirí chun críche maoirseachta a bhfuil comhaontú maidir le comhar ag ComReg leis an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CCPC) ina leith. Rinneadh athchóiriú suntasach ar reachtaíocht maidir le Cearta Tomhaltóirí laistigh den tréimhse go príomha tríd an Acht um Chearta do Thomhaltóirí a bhunú.<sup>61</sup>

Maidir leis na Rialacháin Fánaíochta leasaithe, déanann ComReg monatóireacht ghníomhach ar an tslí a bhfuil an córas Fánaíochta ar Tháillí Baile á chur chun feidhme ag soláthraithe seirbhíse. Chomh maith leis sin, forfheidhmíonn ComReg Rialacháin maidir leis an Idirlíon Oscailte.<sup>62</sup>

57. Rialacháin ón gComhphobal Eorpach (Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí) maidir le Seirbhís Uilíoch agus Cearta Úsáideora, 2011

58. I.R. Uimh. 444/2022 Rialacháin ón Aontas Eorpach (Cód Cumarsáide Leictreonaí), 2022

59. I.R. 228/2013 – Na Rialacháin Chumarsáide (Fánaíocht Teileafóin Shoghluaiste), 2013

Rialachán (AE) Uimh. 531/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an 13 Meitheamh 2012 maidir le fánaíocht ar líonraí cumarsáide móibíleacha poiblí laistigh den Aontas.

60. I.R. Uimh. 315/2022 – Na Rialacháin Chumarsáide (Fánaíocht Teileafóin Shoghluaiste), 2022

61. I.R. Uimh. 37/2022 Acht um Chearta do Thomhaltóirí, 2022

62. Rialachán (AE) 2015/2120 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015

Áiríodh ar ár gcuid oibre a bhain leis an Idirlíon Oscailte:

- Monatóireacht leantach ar an margadh<sup>63</sup> SRI agus tionscnamh rúnsiopadóireachta a chur i gcrích.
- Foilsiú thuarascáil bhliantúil ComReg maidir le cur chun feidhme Rialacháin an AE maidir le Rochtain ar an Idirlíon Oscailte in Éirinn.<sup>64</sup>

## Cásanna & Torthaí Comhlíonta Tomhaltóirí

I mí Iúil 2023, thuairiscigh ComReg go raibh tús curtha aige le himscrúdú ar chomhlíonadh 48 lena oibleagáidí faoin alt 41, alt 42, alt 43 agus alt 46 den Acht um Chosaint do Thomhaltóirí, 2007 (arna leasú) (“Acht 2007”) a bhaineann le cleachtais tráchtála atá éagothrom nó míthreorach. I mí Bealtaine 2023, bhí fógra athraithe conartha eisithe ag 48 do chustaiméirí inar fógraíodh an méid seo a leanas, *“Ón 5 Iúil 2023 tá ár mballraíocht fhoriomlán agus ár dtimthriall athnuachana breise á n-athrú againn. Seachas táillí a ghearradh ar bhonn míosúil, gearrfar táillí gach 4 seachtaine.”* Sular eisíodh an fógra seo, chuir 48 in iúl ar a shuíomh gréasáin agus sna meáin go raibh a phraghsanna “don saol” nó “go deo”. Chomh maith leis sin, shonraigh 48 freisin go raibh a bhallraíocht bunaithe ar an mí féilire seachas ar gach tréimhse 48 lá agus go raibh níos mó laethanta ag custaiméirí le 48 ná a bhí le soláthraithe seirbhíse eile. Dá bhrí sin, bhí imní ar ComReg go mbeadh 48 ag athrú an tslí ina bhfuil an praghas á ríomh agus praghas féin ina dhiaidh sin. Trí neamhaird a thabhairt ar a ghealltanais san ábhar poiblíochta, bhí cúis ag ComReg a chreidiúint nach mbeadh a oibleagáidí á chomhlíonadh ag 48 faoi Acht 2007 maidir le cleachtais tráchtála éagothroma nó mhíthreoracha dá leanfadh sé ar aghaidh leis an athrú conartha a bhí beartaithe. De bhua Alt 73 d’Acht 2007, sa chás go raibh cúis ag ComReg a chreidiúint go raibh trádálaí i mbun gnímh nó cleachtais thoirmisce a dhéanamh nó páirt a ghlacadh ina leithéid, nó go raibh sé ar tí a leithéid a dhéanamh, nó go raibh a leithéid déanta aige, féadfaidh sé glacadh le gealltanais i scríbhinn ón trádálaí sin ina bhfuil téarmaí agus coinníollacha atá, de réir chinneadh ComReg, oiriúnach sna himthosca. Ghlac ComReg le gealltanais ó 48. I measc ghealltanais 48 bhí, i ndáil le seirbhísí a thairgtear de réir téarmaí a cuireadh in iúl a bhí “don saol” nó “go deo”, bhí an cinneadh nach leanfadh sé ar aghaidh leis an athrú conartha bhunaidh chun fad an timthrialla bhilleála a laghdú agus go mbeadh alt 41, alt 42, alt 43 agus alt 46 d’Acht 2007 á chomhlíonadh aige.

Chomh maith leis sin, i mí Iúil 2023, thuairiscigh ComReg, i mí Dheireadh Fómhair 2022, gur thug sé fógra do Three Ireland (Hutchison) Teoranta (“Three”) maidir le toradh neamhchomhlíonta lena oibleagáidí faoi Chód Cleachtais (“an Cód Cleachtais”) na seirbhísí ardráta (“SAR”) agus coinníollacha a cheadúnas SAR. Bhain an fógra le forálacha Alt 3.2 den Chód Cleachtais agus rinneadh é de bhua Alt 9(1) d’Acht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Ardráta agus Bonneagar Cumarsáide Leictreonaí), 2010, a cheanglaíonn an méid seo a leanas *“Ní mór do sholáthraithe SAR gach iarracht réasúnach a dhéanamh chun a chinntiú go bhfuil SAR atá á chur ar fáil acu ar chaighdeán teicniúil leordhóthanach ionas nach mbeidh sé mar bhonn le díobháil don úsáideoir deiridh agus chun a chinntiú go mbeidh ceanglais an Chóid á gcomhlíonadh.”* Bhain an fógra le fadhb inar ghearr Three €2.50 ar chustaiméirí le haghaidh SMS SAR nuair ba cheart do Three táille luach €2.00 a ghearradh. Dheimhnigh Three do ComReg go raibh creidiúintí curtha i bhfeidhm do 25,500 custaiméir ar gearradh táillí orthu sa bhreis ar chostas iarbhír SMS SAR, agus bhí na creidiúintí

63. Soláthraithe seirbhísí rochtana idirlín

64. ComReg 24/51 [www.comreg.ie/publications/](http://www.comreg.ie/publications/)

iomlána cothrom le €140,600. Chomh maith leis sin, dheimhnigh Three go raibh bearta breise curtha chun feidhme aige chun an neamhchomhlíonadh a réiteach. I bhfianaise na mbearta a bhí déanta ag Three chun an neamhchomhlíonadh a réiteach, ní raibh sé beartaithe ag ComReg aon ghníomh breise a dhéanamh i ndáil leis an gceist seo.

I mí Feabhra 2024, thuairiscigh ComReg i mí Lúnasa 2022 gur sheol sé fógra chuig Three Ireland (Hutchison) Teoranta agus Three Ireland Services (Hutchison) Teoranta (“Three Ireland” le chéile) maidir le toradh neamhchomhlíontach a bhain le hoibleagáidí faoi Rialacháin ón gComhphobal Eorpach (Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí) (Seirbhís Uilíoch agus Cearta Úsáideoirí), 2011 (“na Rialacháin maidir le Seirbhís Uilíoch”). Rinneadh an fógra neamhchomhlíonta de réir Rialachán 31 de na Rialacháin Seirbhíse Uilíche agus bhain sé le teip Three Ireland Rialachán 14(1) agus Rialachán 14(2)(d) de na Rialacháin Seirbhíse Uilíche a chomhlíonadh de bhrí nár sonraíodh sa chonradh a cuireadh ar fáil dá chustaiméirí, ar bhealach a bhí inrochtana go héasca, sonraí na bpraghsanna agus na dtaraifí a bhí oiriúnach dá bplean. D’fhreagair Three Ireland don fhógra i mí Mheán Fómhair 2022 agus mhol sé bearta leighis sonracha chun a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis phraghsála agus taraife inrochtana do chustaiméirí ar chonradh an chustaiméara agus ar leathanach gréasáin praghsála Three Ireland. Ina dhiaidh sin, dheimhnigh Three Ireland, i gcomhfhreagras le ComReg, go raibh na bearta leighis comhaontaithe curtha i gcrích aige agus dheimhnigh ComReg ina dhiaidh sin go raibh clabhsúr curtha leis an imscrúdú.

I mí Aibreáin 2024, thuairiscigh ComReg, ar an 15 Aibreán 2024, gur éist Cúirt Dúiche Bhaile Átha Cliath le 10 n-ionchúiseamh tugtha ag ComReg i gcoinne Eircom Limited (“Eircom”) a bhain le teipeanna Eircom oibleagáidí a chomhlíonadh a bhain lena phróiseas láimhseála gearán. Bhain na hionchúisimh le nithe éagsúla. I ngach cás theip ar Eircom admháil gearán a sholáthar, ar cuimsíodh inti uimhir thagartha ghearán, do chustaiméirí laistigh de 2 lá oibre, agus i gcásanna eile tugadh tuilleadh teipeanna fós faoi deara, Freagra Gearán a sholáthar laistigh den amfráma uasta de 10 lá oibre nó eolas a roinnt le custaiméirí maidir le seoladh ríomhphoist chun leanúint ar aghaidh lena ngearán le cois aon fhoirm theagmhála eile má bhí an gearán fós gan réiteach i ndiaidh 10 lá oibre. Rinneadh na hionchúisimh faoi Rialachán 27 ón gComhphobal Eorpach (Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí) (Seirbhís Uilíoch agus Cearta Úsáideoirí), 2011 (“Rialachán 2011”). De bhua Rialachán 27(1), ceanglaítear ar gach Soláthraí Seirbhíse cód cleachtas a chur chun feidhme chun díospóidí neamhréitithe a réiteach, lena n-áirítear gearán. I mí Meithimh 2017, de bhua Rialachán 27(2) de Rialachán 2011, ina bhforáiltear gur féidir le ComReg ceanglais a shonrú atá le comhlíonadh chun críche comhlíonadh Rialachán 27(1) a chinntiú, d’fhoilsigh ComReg Cinneadh D04/17 maidir le ‘Cód Cleachtas chun Gearán Cumarsáide Leictreonaí a Láimhseáil’ (“ComReg D04/17”).<sup>65</sup>

I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar theagmhálaithe custaiméara ábhartha, chuir ComReg tús le himscrúdú. Ag deireadh an imscrúdaithe seo d’ionchúisigh ComReg Eircom trí thoghairmeacha Cúirte Dúiche a eisiúint a bhaineann le sárúithe ar Rialachán 27 de Rialachán 2011 agus alt 4.3.1(i), alt (ii) agus alt (iv) de ComReg D04/17, a cheanglaíonn nach mór do ghnóthais an méid seo a leanas a chinntiú: (i) eisítear Admháil Gearán, lena n-áirítear uimhir thagartha ghearán, do chustaiméirí laistigh d’amfráma uasta de dhá lá oibre; (b) cuirtear Freagra ar an nGearán ar fáil do chustaiméir laistigh d’amfráma uasta de 10 lá oibre; agus, (c) sa chás nach mbíonn gearán réitithe i ndiaidh 10 lá oibre, cuireann an fhoireann ghéaraithe seoladh ríomhphoist ar fáil don chustaiméir ionas

65. ComReg17/62 [www.comreg.ie/publications/](http://www.comreg.ie/publications/)

gur féidir leanúint ar aghaidh leis an ngearán sa bhreis ar aon fhoirm theagmhála eile. Phléadáil Eircom ciontach as 12 chúiseamh a bhain le 10 dtoghairm os comhair na cúirte. D'fhorchuir an Breitheamh Anthony Halpin ciontuithe coiriúla a bhain le 10 gcúiseamh agus chuir sé san áireamh an 2 chúiseamh eile agus d'ordaigh sé do Eircom fineálacha luach €7,500 ar fad a íoc. Chomh maith leis sin, chabhraigh Eircom le costais ComReg, mar a comhaontaíodh idir na páirtithe.

## 5.

# Rialáil Poist

Is é ComReg an t-údarás rialála don earnáil poist in Éirinn. Tá ár ról maidir le rialáil poist bunaithe ar Threoir Eorpach atá trasuite i ndlí Éireannach. Is iad feidhmeanna reachtúla ComReg an méid seo a leanas a chinntiú:

- Seirbhís poist uilíoch a sholáthar a fhreastalaíonn ar riachtanais réasúnacha úsáideoirí na seirbhíse poist.
- Oibleagáidí atá forchurtha ortha a bheith á gcomhlíonadh ag soláthraithe seirbhíse poist.

Is iad feidhmeanna reachtúla ComReg an méid seo a leanas a chinntiú:

- Tacú le forbairt na hearnála poist a chur chun cinn agus go háirithe, seirbhís poist uilíoch a bheith ar fáil laistigh de, chuig agus ón Stát ar phraghas inacmhainne chun tairbhe na n-úsáideoirí ar fad.
- Leasanna úsáideoirí seirbhíse poist a chur chun cinn.
- Tacú le forbairt an iomaíochais agus na nuálaíochta sa mhargadh chun seirbhís poist a sholáthar.

### An tseirbhís poist uilíoch a rialú

Baineann ról ComReg i ndáil le cúrsaí poist go príomha leis an tseirbhís poist uilíoch a rialú, tacar seirbhísí poist atá ag déileáil le hiomaíocht theoranta. Mura bhfuil iomaíocht éifeachtach ann, cinntíonn rialáil na seirbhíse poist uilíoch go mbeidh seirbhísí poist sonracha á gcur ar fáil do gach duine, ag praghas inacmhainne agus ag leibhéal cáilíochta leordhóthanach. Is foirm chosanta d'úsáideoirí seirbhíse poist í an tseirbhís poist uilíoch, go háirithe d'úsáideoirí leochaileacha agus iad siúd atá faoi mhíbhuntáiste digiteach.

Ciallaíonn an tseirbhís poist uilíoch, arna ceangal ag dlí na hÉireann, ar gach lá oibre go ndéantar sórtáil amháin agus seachadadh amháin chuig baile nó áitreabh gach duine sa Stát. In Éirinn, is éard atá i gceist go príomha leis an tseirbhís poist uilíoch litreacha a sheachadadh chuig daoine aonair agus gnóthaí. Ní bhíonn an tseirbhís poist uilíoch ag déileáil le mórán beartán, de bhrí go bhfuil seachadadh beartán á dhéanamh ar bhonn tráchtála den chuid is mó ag oibrítheoirí seachadta beartán difriúil in Éirinn.

Tá An Post ainmnithe mar sholáthraí na seirbhíse poist uilíoch (“SPU”) chun an tseirbhís poist uilíoch ar fad a chur ar fáil don Stát ar fad go dtí an 1 Lúnasa 2029, mura leasaíonn ComReg a leithéid ar shlí eile.

### Díospóidí tomhaltóirí a réiteach d'úsáideoirí seirbhíse poist

Chomh maith leis sin, tá ról réitigh díospóidí ag ComReg d'úsáideoirí seirbhíse poist nach bhfuil sásta leis na céimeanna atá curtha i gcrích ag soláthraí seirbhíse poist údaraithe chun a ngearán a réiteach.

I rith na bliana atá á hathbhreithniú, bhreithnigh ComReg 24 iarratas ar réiteach díospóidí a bhain le nithe poist agus astu sin réitíodh nó tugadh chun críche 19 ndíospóid agus diúltaíodh do 5 iarratas.

## Rialáil chaighdeán SPU do sheirbhísí poist uilíocha

Ceanglaítear de réir an dlí ar ComReg caighdeáin cháilíochta seirbhíse a bhunú don tseirbhís poist uilíoch. Chomh maith leis sin, ceanglaítear ar ComReg monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh SPU, An Post, agus ar chomhlíonadh le caighdeáin cháilíochta seirbhíse agus tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú maidir le torthaí a chuid monatóireachta.

I rith bhliain féilire iomlán 2023, sheachaid An Post, mar an SPU, 87% de phost na seirbhíse poist uilíoch tosaíochta ar fud an Stáit ar an gcéad lá oibre eile i ndiaidh an lae postála. B'ionann toradh 2023 agus méadú beag, 2%, ar thoradh 2022. Ach tá an fheidhmíocht 7% faoi bhun an chaighdeáin rialála atá cothrom le 94%.

### Sonraí maidir le beartáin

D'fhoilsigh ComReg sonraí comhiomlána maidir le beartáin a bhailíonn sé faoin Rialachán Eorpach maidir le Beartáin Thrasteorann.

I measc na mbuaicphointí bhí:

- Bhí an t-ioncam beartáin iomlán i gcomhair 2022 cothrom le €875m. Ach laghdaigh an t-ioncam den chéad uair, tugadh laghdú ioncaim de -9% (-€87m) faoi deara in 2022 i gcomparáid le 2021;
- Bhí líon iomlán na mbeartán cothrom le 139 milliún. Ach laghdaigh an líon den chéad uair, tugadh laghdú de -14% (-23m) faoi deara ar an líon in 2022 i gcomparáid le 2021.

### Suirbhé poist

In 2023, choimisiúnaigh ComReg suirbhé ar úsáideoirí na seirbhíse poist baile. Fianaise ba ea torthaí an tsuirbhé go bhfuil tábhacht fós ag baint leis an bpost:

# 3/4

Thug breis is triúr as gach ceathrar úsáideoirí le fios gur dóigh leo go bhfuil seachadadh laethúil litreacha agus beartán tábhachtach;

# 3/4

Thug breis is triúr as gach ceathrar úsáideoirí le fios gur dóigh leo go bhfuil seachadadh litreacha an lá dár gcionn tábhachtach;

# 4/5

Thug breis is ceathrar as gach cúigear úsáideoirí le fios gur dóigh leo go bhfuil seachadadh beartán an lá dár gcionn tábhachtach;

# 9/10

Bhí naonúir as gach deichniúr úsáideoirí den tuairim gur cheart go mbeadh praghas litreacha agus beartán inacmhainne.

## Straitéis poist 2024 - 2026

Ag deireadh 2023, i ndiaidh comhairliúcháin phoiblí a réachtáil, leag ComReg amach a straitéis poist don tréimhse idir 2024 – 2026. Seo a leanas ár straitéis ina bhfuil trí sprioc agus dhá chuspóir le haghaidh gach ceann de na spriocanna sin:

### Fíor 8: Straitéis Poist ComReg don tréimhse idir 2024 – 2026

1.

#### Mórspríoc 1:

Seirbhís poist uilíoch a chinntiú



**Cuspóir 1:** Measúnú a dhéanamh ar riachtanais réasúnacha úsáideoirí seirbhíse poist

**Cuspóir 2:** Comhlíonadh ceanglas seirbhíse poist uilíoch a mhonatóiriú

2.

#### Mórspríoc 2:

Leasanna seirbhíse poist a chur chun cinn agus a chosaint



**Cuspóir 3:** Cumhachtaigh úsáideoirí seirbhíse poist trína chinntiú go bhfuil faisnéis chruinn agus oiriúnach ar fáil

**Cuspóir 4:** Úsáideoirí seirbhíse poist a chosaint trína chinntiú go bhfuil nósanna imeachta gearán agus cúitimh ar fáil

3.

#### Mórspríoc 3:

Tacú le forbairt na hearnála poist



**Cuspóir 5:** Tacú le forbairt na hearnála poist trí thaighde, sonraí agus faisnéis a chur ar fáil

**Cuspóir 6:** Forbairt na hearnála poist a éascú trína sainordú dlí a sheachadadh

## 6.

# Creat Margaidh

## Bainistiú Acmhainn an Speictrim Raidió

Is meán í acmhainn an speictrim raidió, nó an speictream, trínar féidir faisnéis a tharchur gan sreang thar achar idir cúpla méadar agus na mílte ciliméadar.

Is acmhainn nádúrtha an-luachmhar atá inti atá mar bhonn leis na seirbhísí cumarsáide gan sreang ar fad atá le fáil sa Stát, a chlúdaíonn gach gníomhaíocht eacnamaíoch, shóisialta agus cumarsáide. Ina measc seo tá seirbhísí a úsáidtear go coitianta, cosúil le cumarsáid gan sreang mhóibíleach/sheasta agus leathanbhanda, craoladh raidió agus teilifíse, agus oibriú sábháiltear aeriompair agus iompair mhuirí.

Chomh maith leis sin, tá ról riachtanach ag speictream raidió in oibriú laethúil seirbhísí éigeandála agus fórsaí cosanta agus tá sé riachtanach freisin do sheirbhísí eile lena n-áirítear feidhmchláir eolaíochta thábhachtacha cosúil le réamhaisnéis na haimsire agus monatóireacht a dhéanamh ar thimpeallacht an Domhain. Braitheann go leor seirbhísí cumarsáide ar nascacht gan sreang mar chuid den chnámh droma a nascann stáisiúin bhunáite mhóibíleacha, a sholáthraíonn fothaí do tharchuradóirí craolta agus naisc theiliméadrachta a cheadaíonn monatóireacht a dhéanamh ar threalamh cianda m.sh. monatóireacht a dhéanamh ar leibhéal uisce ag dambaí agus ag taiscumair. Is acmhainn nádúrtha fhinideach atá ann, áfach, lena mbaineann úsáidí agus úsáideoirí iomaíocha, agus dá bhrí sin, ní mór iad a bhainistiú go stuama.

Is é ComReg an comhlacht reachtúil atá freagrach as an acmhainn speictrim raidió in Éirinn a rialú agus a bhainistiú. Tríd an bhfeidhm seo a fheidhmiú, is é cuspóir ComReg maidir le bainistíocht speictrim bainistíocht agus úsáid éifeachtúil an speictrim raidió a chinntiú, lena n-áirítear aird a thabhairt ar ráitis bheartais rialtais ábhartha agus ar fhorbairtí idirnáisiúnta.

Chun cabhrú le ComReg an speictream raidió a bhainistiú, leagann ComReg amach agus nuashonraíonn sé a phlean go rialta chun an speictream raidió a bhainistiú. I rith na tréimhse tuairiscithe seo, lean ComReg ar aghaidh ag obair ar mhíreanna oibre mar atá sonraithe ina Straitéis maidir le Bainistíocht an Speictrim Raidió don tréimhse idir 2022 agus 2024.<sup>66</sup> Déantar cur síos sa straitéis seo ar phlean oibre agus ar thosaíochtaí ComReg don tréimhse ag féachaint dá ról mar bhainisteoir speictrim na hÉireann fad is atá sé ag cur le Ráiteas Straitéise Cumarsáide Leictreonaí ComReg.

Áirítear ar bhainistiú acmhainn an speictrim raidió:

- Leithdháileadh bandaí speictrim, a bhfuil oibleagáidí ar ComReg a fhoilsiú agus athbhreithniú rialta a dhéanamh ar a Phlean Radaimhnicíochta (Plean) d'Éirinn.<sup>67</sup>
- Sannadh minicíochtaí speictrim raidió a thagraíonn do ghníomhaíochtaí ComReg a eisíonn, agus a údaraíonn úsáid a bhaint as, agus cearta úsáide, radaimhnicíochtaí.

66. Speictream Raidió <https://www.comreg.ie/about/strategy/radio/>

67. Plean Radaimhnicíochta d'Éirinn <https://www.comreg.ie/industry/radio-spectrum/radio-frequency-plan-for-ireland/>

- Ceadúnú ó lá go lá – thart ar 3,500 ceadúnas nua Teileagrafaíochta Gan Sreang a eisiúint gach bliain d'oibritheoirí éagsúla, comhlachtaí poiblí, cuideachtaí príobháideacha agus daoine aonair.
- Sláine speictrim raidió na hÉireann a chothabháil trí ghníomhaíochtaí monatóireachta, comhlíonta agus forfheidhmithe.
- Éire a chur chun cinn mar shuíomh idéalach d'fhorbairt speictrim trí úsáid a bhaint as Tástáil agus Triail na hÉireann.<sup>68</sup>


## Oibríochtaí Ceadúnaithe

Tá údarú ó ComReg ag teastáil chun trealamh raidió a shealbhú agus a úsáid in Éirinn. D'fhéadfadh an t-údarú sin a bheith le fáil i bhfoirm ceadúnais nó díolúine ceadúnais. Féadfar ceadúnais a eisiúint de réir na reachtaíochta seo a leanas:

- An tAcht Radio-Theleagrafaíochta, 1926 (arna leasú); agus
- An tAcht Craolacháin, 2009

Amhail ar an 30 Meitheamh 2024, bhí líon na gceadúnas cothrom le 22,337 arb ionann é sin agus méadú 25% sna cúig bliana ón 30 Meitheamh 2019 (Féach Fíor 9).


### Fíor 9: Líon na gCeadúnas Beo 2019 – 2024



Ainneoin go n-eisítear ceadúnais le haghaidh raon leathan cúiseanna, tá níos mó éilimh ar cheadúnais speictrim raidió áirithe. Tá méadú 30% tagtha ar cheadúnais nasc raidió seasta i ndáil le líon na nasc raidió seasta in Éirinn le 5 bliana anuas. Amhail ar an 30 Meitheamh 2024, bhí 16,459 ceadúnas nasc raidió seasta ann, sin thart ar 74% de gach ceadúnas beo. Bíonn nasc raidió seasta in úsáid ag oibritheoirí seasta agus móibíleacha, craoltóirí agus saoráidí den chuid is mó chun acmhainn agus líonraí tarchurtha a chur ar fáil, agus chun iomarcaíocht agus cúltaca a chur ar fáil do líonraí eile.

68. Test & Trial Ireland <https://www.comreg.ie/industry/radio-spectrum/test-trial/>

## Fíor 10: Líon na gCeadúnas Naisc Raidió Seasta Beo 2019 – 2024



Tá tóir fós ar cheadúnais do raidió gnó, do raidió aerárthaigh agus do stáisiúin amaitéara. Amhail ar an 30 Meitheamh 2024, bhí 4,963 ceadúnas beo le haghaidh na gcineálacha ceadúnais sin ann, sin thart ar 22% de gach ceadúnas beo. Mhéadaigh líon na gceadúnas raidió aerárthaigh a deonaíodh 6% i rith na tréimhse idir 2019 agus 2024. I bhfianaise thionchar shrianta Covid, laghdaigh na ceadúnais Déanta Clár agus Imeachtaí Speisialta (DCIS) go suntasach idir 2019 agus 2021, ó 533 ceadúnas go dtí 124 ceadúnas. Idir 2021 agus 2023, áfach, mhéadaigh líon na gceadúnas DCIS deonaithe arís, agus bhí 328 ceadúnas eisithe faoi mhí Meithimh 2023. I mí Meithimh 2024, bhí 383 ceadúnas DCIS deonaithe. Mhéadaigh líon na stáisiúin amaitéarach raidió go dtí 2,216 i mí Meithimh 2024, sin méadú de 15% i gcomparáid le Meitheamh 2019.

Clúdaíonn na ceadúnais raidió fágtha cineálacha ceadúnais éagsúla lena n-áirítear ceadúnais úsáide liobrálaithe (a éascaíonn seirbhísí móibíleacha a chur ar fáil), raidió móibíleach truncáilte, seirbhísí aerthráchta agus ceadúnais seirbhísí muirí talún (a éascaíonn oibriú sábháilte aeriompair agus muiriompair).

### Faireachas Margaidh Táirgí

Is é ComReg an t-údarás faireachais margaidh (“ÚFM”) ainmnithe agus an t-údarás inniúil in Éirinn faoi na Treoracha EMC<sup>69</sup> agus RE,<sup>70</sup> arna trasú go dlí náisiúnta,<sup>71</sup> laistigh den Stát.

I rith na tréimhse atá á hathbhreithniú, chuir ComReg a dhualgais i gcrích mar ÚFM trí hAonad Sábháilteachta Táirgí (“AST”) lena n-áirítear:

- (a) Seiceálacha comhlíonta ar tháirgí atá á n-onnmhairiú ag an bpointe iontrála sa Stát, trí chomhar le Lucht Custaim;<sup>72</sup>

69. Rialachán (AE) 2015/2120 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhchuíbhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le comhoiriúnacht leictreamaighnéadach.

70. Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le comhchuíbhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh raidió a chur ar fáil ar an margadh.

71. Rialacháin ón gComhphobal Eorpach (Comhoiriúnacht Leictreamaighnéadach), 2016 agus 2017 (I.R. Uimh. 145 de 2016 agus I.R. Uimh. 69 de 2017, arna leasú le I.R. Uimh. 316 de 2023), agus Rialacháin ón Aontas Eorpach (Trealamh Raidió), 2017, arna leasú (I.R. Uimh. 248 de 2017 arna leasú le I.R. Uimh. 30 de 2024).

72. Rannán Custaim na gCoimisinéirí Ioncaim

- (b) Cuairteanna ar áitreabh oibritheoirí eacnamaíocha<sup>73</sup> á ndéanamh ag oifigigh údaraithe chun seiceálacha a dhéanamh ar shamplaí de threalamh raidió a chuirtear ar fáil ar an margadh sa Stát; agus
- (c) Faireachas margaidh ar líne de threalamh raidió atá le díol le húsáideoirí deiridh in Éirinn trí ardáin ríomhthráchtála.

Chomh maith leis sin, d'oibrigh ComReg le húdaráis faireachais margaidh eile ar fud an AE chun comhchuibhiú a fheabhsú.

I mí Lúnasa 2023, thionscain ComReg a chéad feachtas cumarsáide maidir le sábháilteacht táirgí. Is é cuspóir an fheachtais sin agus cuspóirí feachtais a reáchtálfar amach anseo cabhrú le hoibritheoirí eacnamaíocha teacht ar an tuiscint is fearr agus is féidir ar a gcuid oibleagáidí maidir leis an trealamh raidió a chuireann siad ar an margadh, agus conas is féidir le rannpháirtíocht réamhghníomhach le ComReg cabhrú leis sin, agus freisin chun oideachas a chur ar agus chun eolas a roinnt le húsáideoirí Deiridh.

In 2024, d'fhoilsigh ComReg tuarascáil ina bhfuil sonraí maidir lena ghníomhaíochtaí faireachais margaidh.<sup>74</sup>

## Imscrúduithe ar Thrasnaíocht Radaimhnicíochta (TRM)

Is éard atá i gceist le Trasnaíocht Radaimhnicíochta ("TRM") comharthaí radaimhnicíochta a chuireann isteach ar sheirbhísí cumarsáide leictreonaí, go hiomlán, go páirteach nó go sealadach. D'fhéadfadh TRM cur isteach ar aon sheirbhís cumarsáide raidió lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do sheirbhísí éigeandála, rialú aerthráchta, seirbhísí gutháin phóca, raidió gnó, naisc mhicreathoinne agus seirbhísí craolta.

Tarlaíonn TRM nuair a tharchuireann gléas cumarsáide gan sreang amháin ag nó gar don mhinicíocht chéanna le gléas eile nó mar gheall ar réimsí leictreamaighnéadacha ginte ag gléasanna leictreonacha éagsúla, cosúil le soilse agus ríomhairí. D'fhéadfadh TRM tarlú go neamhbheartaithe: mar shampla, d'fhéadfadh sé tarlú mar gheall ar chórais raidió atá suiteáilte go mícheart nó ar bhealach míchúramach nó mar gheall ar threalamh leictreach nó leictreonach atá lochtach nó neamhchomhlíontach.

Tá gach gearán TRM a fhaigheann ComReg aicmithe i dtrí chatagóir, Cineál A (freagairt láithreach), Cineál B (freagra laistigh de 5 lá oibre) agus Cineál C (fiosrúcháin a réitítear trí fhaisnéis a sholáthar), ag brath ar dhéine nó ar thionchar na trasnaíochta díobhálaí.<sup>75</sup>

Don tréimhse idir 2022 agus 2023, fuair ComReg náid tuarascáil (0) de Chineál A, 27 de Chineál B agus 15 de Chineál C mar a léirítear i bhFíor 11 thíos.<sup>76</sup> Thuairiscigh aonad Speictrim agus Faisnéise (SII) ComReg 100% de d'fhreagra PTF do thuarascálacha de Chineál B i rith na tréimhse seo. Ba le treiseoirí gutháin phóca a bhain 52% de na foinsí trasnaíochta, mar atá mínithe thíos.


73. Monaróirí (nó a n-ionadaí údaraithe), onnmhaiseoirí agus dáileoirí

74. ComReg 24/29 [www.comreg.ie/publications/](http://www.comreg.ie/publications/)

75. <https://www.comreg.ie/industry/radio-spectrum/spectrum-compliance/radio-interference/>

76. <https://www.comreg.ie/industry/radio-spectrum/spectrum-compliance/>

## Fíor 11: Grafaic Eolais Staitisticí Faisnéise agus Imscrúduithe Speictrim Bhliantúil 2022 – 2023



## Trasnaíocht LALR 5GHz ar Radar Meitéareolaíoch

In Éirinn, tá Met Éireann freagrach as dhá radar meitéareolaíoch sa bhanda minicíochta 5 470 – 5 570 GHz (Baile Átha Cliath agus Sionainn) a úsáidtear chun críche réamhaisnéise na haimsire.

Is fadhb Eorpach í trasnaíocht dhíobhálach a tharlaíonn mar gheall ar radar meitéareolaíoch mar gheall ar LALanna Raidió (“LALR”) neamhchomhlíontacha<sup>77</sup> atá ag oibriú sa bhanda 5 GHza bhfuil CEPT agus AdCo<sup>78</sup> RED ag déileáil léi. Go ginearálta, tugtar an neamhchomhlíonadh sin faoi deara nuair a dhíchumasaíonn oibrítheoirí LALR an mód RMD agus RCT<sup>79</sup> den trealamh LALR chun cur ar a gcumas rochtain a fháil ar chainéil oibriúcháin bhreise nó chun cumhacht a mhéadú agus ar an tslí sin, raon oibriúcháin an trealaimh a mhéadú. Dá bhrí sin, is féidir le radar meitéareolaíoch an

77. Is córas rochtana raidió é LAL Raidió (LALR) a úsáidtear chun rochtain gan sreanga a sholáthar idir gléasanna ríomhaire. Úsáidtear LALR den chuid is mó mar chóras rochtana gan sreang don Idirlíon. D’fhéadfadh gur pointe rochtana sa bhaile a bheadh ann, ionas go bhfuil rochtain gan sreang ar fáil le nasc idirlín leathanbhanda. Chomh maith leis sin, d’fhéadfadh gur pointe rochtana ag ball te a bheadh ann, cosúil le toglann nó caifé in aerfort.

78. Déantar comhar Eorpach maidir le faireachas margaidh trí ghrúpaí neamhfhoirmiúla d’údarais faireachais margaidh, ar a dtugtar Grúpaí Comhair Riaracháin (AdCo).

79. Foráiltear in IEEE Std 802.11h sásraí do roghnú minicíochta dinimiciúla (RMD) agus rialú cumhachta tarchurtha (RCT) a úsáidtear chun ceanglais rialála a shásamh d’oibriú sa bhanda 5 GHz.

trealamh LALR a bhrath nuair a bhíonn sé ciliméadair fhada uaidh. D'fhéadfadh sé sin a bheith mar bhonn le róchumhachtú an chomhartha LALR ionas nach féidir leis na coinníollacha aimsire a bhrath.

Chun tionchar na trasnaíochta díobhálaí ó LALRanna a mhaolú, ní mór do Met Éireann scagadh a dhéanamh ar a radar. D'fhéadfadh sé sin, áfach, íogaireacht an radair a laghdú agus, dá bhrí sin, beachtas chumas réamhaisnéisithe an radair.

I rith na tréimhse idir 2022 agus 2024, lean ComReg ar aghaidh ag obair le Met Éireann, agus ag déileáil leis na fadhbanna trasnaíochta díobhálaí a eascraíonn as trealamh TLAN neamhchomhlíontach a mbíonn tionchar díobhálach aige ar radar ag Aerfort na Sionainne agus ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Sa chomhthéacs sin, rinneadh roinnt feabhsuithe ar an modheolaíocht bhunaidh a forbraíodh i rith thréimhse oibre 2020-2021 maidir le brath agus bain LALRanna neamhchomhlíontacha.

I measc na bhfeabhsuithe tá scanadh rialta sceidealaithe atá á ndéanamh ag Met Éireann chun gléasanna LALR a bhíonn mar bhonn le cur isteach a bhrath. Cuirtear faisnéis maidir le gléasanna a bhraitheann an scanadh seo arís agus arís eile ar fáil do ComReg, a cheadaíonn do ComReg a acmhainní a úsáid chun díriú ar na gléasanna sin is dócha is cúis leis an gcion.

## Radaíocht Neamhianúcháin

Is ábhar tábhachtach é astaíochtaí Radaíochta Neamhianúcháin (“RNI”) ó láithreáin tarchuradóra. In 2019, leathnaíodh feidhmeanna na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (“GCC”) chun neamhchosaint phoiblí ar radaíocht neamhianúcháin a chlúdach sa speictream leictreamaighnéadach,<sup>80</sup> agus is é an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (“ÚSS”) an comhlacht atá freagrach as neamhchosaint cheirde ar RNI.<sup>81</sup>

Chun tacú leis an obair atá á déanamh ag ÚSS, ceanglaíonn ComReg, mar choinníoll d'Údarú Ginearálta, mar aon le ceadúnais Radaiteileagrafaíochta éagsúla,<sup>82</sup> nach mór d'oibríteoirí stáisiún tarchurtha a chinntiú go gcomhlíonann a suiteálacha na teorainneacha astaíochta RNI atá sonraithe sna treoirlínte is déanaí atá foilsithe ag an gCoimisiún Idirnáisiúnta um Chosaint ar Radaíocht Neamhianúcháin (“ICNIRP”)<sup>83</sup>

In 2003, chuir ComReg tús lena Chlár Tomhais Radaíochta Neamhianúcháin,<sup>84</sup> ina n-áirítear iniúchadh bliantúil ar oibríteoirí lena gcoinníollacha Údaraithe Ginearálta/Radaiteileagrafaíocht i ndáil le RNI. Áirítear ar gach iniúchadh bliantúil suirbhé a dhéanamh ar líon samplach (thart ar 80) láithreán agus cineálacha tarchuradóra (lena n-áirítear teileafónaíocht mhóibíleach 2G, 3G, 4G agus 5G, craoladh raidió agus teilifíse, leathanbhanda gan sreang srl.) ar fud na tíre. Go dtí seo, tá breis is 1,900 suirbhé láithreáin aonair déanta agus tá astaíochtaí tomhaiste ag gach láithreán a ndearna suirbhé air, agus gan eisceacht, tugadh faoi deara go raibh siad go maith faoin bhun na dtéorainneacha ICNIRP do neamhchosaint phoiblí ghinearálta do RNI.

80. <https://www.epa.ie/our-services/monitoring--assessment/radiation/>

81. [https://www.hsa.ie/eng/topics/physical\\_agents/electromagnetic\\_fields/](https://www.hsa.ie/eng/topics/physical_agents/electromagnetic_fields/)

82. Féach ar Choinníoll 8 de na Coinníollacha a bhaineann le Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí a chur ar fáil – Doiciméad ComReg 03/81R6 [www.comreg.ie/publications/](http://www.comreg.ie/publications/)

83. Is comhlacht é ICNIRP de shaineolaithe eolaíoch neamhspleácha agus tá sé aitheanta go foirmiúil mar eagraíocht neamhrialtasach comhoibritheach oifigiúil ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte. Tá tuilleadh faisnéise le fáil ag: [www.icnirp.org](http://www.icnirp.org)

84. <https://www.comreg.ie/industry/radio-spectrum/site-viewer/non-ionising-radiation-information/>

Tá torthaí gach suirbhé láithreáin atá curtha i gcrích ag ComReg achoimrithe agus foilsithe go ráithiúil i dTuarascálacha RNI ComReg. Is féidir féachaint ar chóipeanna de thuarascálacha suirbhé láithreáin aonair ar Siteviewer,<sup>85</sup> saoráid léarscáile ar líne a chuireann ComReg ar fáil, a cheadaíonn don phobal féachaint ar shonraí stáisiún bunáite gutháin phóca ar fud na hÉireann.

## Leasú coinníollacha teicniúla i gceadúnais leathanbhanda gan sreang móibíleach.

I rith thréimhse an athbhreithnithe, leasaigh ComReg na coinníollacha teicniúla a bhain le dhá chineál ceadúnais leathanbhanda móibíleacha agus gan sreanga,

- na ceadúnais MBSA2 don bhanda 2.3 GHz; agus
- na ceadúnais MBSA1 don bhanda 800 MHz, don bhanda 900 MHz agus don bhanda 1800 MHz.

Éascaíonn na leasuithe sin na forbairtí a rinneadh le déanaí le haghaidh na mbandaí sin ag leibhéal teicniúil agus rialála agus i measc rudaí eile, forálann siad d'implonú Theicneolaíocht Raidió Nua 5G (5G), úsáid a bhaint as stáisiúin bhunáite Córas Aeróg Gníomhach (CAG), agus forbairt agus comhtháthú teicneolaíochtaí 5G agus Idirlíon na nEarraí (IoT).

## Test & Trial Ireland

### Fíor 12: Lógó Test & Trial Ireland



Soláthraíonn suíomh geografach na hÉireann ar imeall thiar na hEorpa agus a dlús daonra íseal buntáiste nádúrtha tábhachtach trí fhluirse choibhneasta speictrim raidió inúsáidte. Is seirbhís í Test & Trial Ireland ar féidir le fiontraithe, le taighdeoirí agus le forbróirí a úsáid chun teicneolaíochtaí gan sreang a thástáil nó a thriail i mbandaí minicíochta éagsúla, lena n-áirítear codanna de na bandaí móibíleacha agus craolta. I rith na bliana atá á hathbhreithniú, d'éisigh ComReg 26 ceadúnas Tástála nó Trialach a d'éascaigh, mar shampla, tástálacha ar líonra cumarsáide den chéad ghlúin eile (cosúil le 5G) i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.<sup>86</sup> Tá tuilleadh sonraí le fáil ó Test & Trial Ireland, [www.testandtrial.ie](http://www.testandtrial.ie), lena n-áirítear físeán gearr ina bhfuiltear ag tacú leis an tionscnamh seo.<sup>87</sup>

85. <https://siteviewer.comreg.ie/#explore>

86. Bronnann ComReg Ceadúnas Tástála atá oiriúnach le haghaidh 5G ar thaighdeoirí teileachumarsáide TCD <https://www.comreg.ie/comreg-awards-test-licence-suitable-for-5g-to-tcd-telecoms-researchers/>;

Cumasóidh an chéad cheadúnas tástála 5G bronnta ag ComReg taighde ar líonraí cumarsáide don chéad ghlúin eile [https://www.tcd.ie/news\\_events/articles/first-5g-test-licence-awarded-by-comreg-will-enable-next-gen-communications-networks-research/](https://www.tcd.ie/news_events/articles/first-5g-test-licence-awarded-by-comreg-will-enable-next-gen-communications-networks-research/)

87. [www.testandtrial.ie](http://www.testandtrial.ie)

## Slándáil na líonraí cumarsáide leictreonaí

### Security of electronic communications networks

I ndiaidh glacadh le Moladh Choimisiún an Aontais Eorpaigh maidir le Cibearshlándáil líonraí 5G (2019) 2335 final (Mol. 2335),<sup>65</sup> ar an 26 Márta 2019, tá ComReg ag obair i ndlúthchomhar leis an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála (LNCS) chun cabhrú leis na táirgí insoláthartha atá ag eascairt as Mol. 2335.

Tá Beart 7 den Straitéis Náisiúnta Cibearshlándála (2019 go dtí 2024), ina leagtar amach conas a bhunóidh an rialtas tacar nua ceanglas slándála don earnáil teileachumarsáide, ábhartha sa chomhthéacs seo freisin.

Chabhraigh ComReg le LNCS agus chuir sé ionchur ar fáil freisin do mheithleacha ábhartha Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA) agus Chomhlacht na Rialtóirí Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC) agus do dhoiciméid aschuir eile i ndáil leis an gceist seo.

Mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin agus ar ghníomhaíochtaí eile foilsíodh an tuarascáil maidir le measúnú riosca comhordaithe an AE um chibearshlándáil sna líonraí den Chúigiú Glúin (5G)<sup>88</sup> agus Bosca Uirlisí Eorpach maidir le slándáil líonraí 5G<sup>89</sup> (ar an mBosca Uirlisí) ar an 29 Eanáir 2020.

### Rialacháin maidir le Bearta Slándála Cumarsáide Leictreonaí

Is bearta iad Rialacháin na mBearta Slándála Cumarsáide Leictreonaí is féidir leis an Aire a dhéanamh i ndáil leis na cineálacha bearta slándála atá le cur i gcrích ag Soláthraithe líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí. Chabhraigh ComReg le LNCS le forbairt na mbearta slándála seo, lena n-áirítear trí roinnt ceardlann a réachtáil le páirtithe leasmhara tionscail.

D'fhoilsigh RCAC comhairliúchán teicniúil le páirtithe leasmhara<sup>90</sup> i mí Meithimh 2024 chun tuairimí páirtithe leasmhara na rialachán seo a bhailiú, go háirithe páirtithe a bhfuil tionchar díreach ag na rialacháin sin orthu, cosúil le Soláthraithe líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí.

Tugann an tAcht um Rialáil Cumarsáide agus um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach (Leasú), 202, na hoibleagáidí agus na cumhachtaí reachtúla do ComReg chun feidhmiú mar údarás inniúil do mhaoriseacht agus d'fhorfheidhmiú bearta slándála le haghaidh LCL/SCL. Táthar ag súil gurb éard a bheidh sna bearta slándála seo na bearta atá le fáil i Rialacháin Bearta Slándála na Cumarsáide Leictreonaí mar atá foilsithe ag RCAC. Déanfaidh ComReg maoirseacht agus forfheidhmiú ar chur chun feidhme Rialacháin na mBearta Slándála Cumarsáide Leictreonaí i measc Sholáthraithe LCL/SCL ar bhealach oibiachtúil, trédhearcach, neamh-idirdhealaitheach agus comhréireach. Dá réir sin, tá siad ag obair ar chlár oibre leanúnach chun cur ar chumas ComReg céimeanna réasúnacha a dhéanamh chun a chinntiú go gcomhlíonann Soláthraithe leis na hoibleagáidí atá orthu faoi Chuid 2 den Acht lena n-áirítear Rialacháin na mBearta Slándála Cumarsáide Leictreonaí.

88. Measúnú riosca comhordaithe ar fud na AE ar shlándáil líonraí 5G | Todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú

89. Bosca uirlisí an AE maidir le slándáil 5G | Todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú

90. Comhairliúchán Teicniúil le Páirtithe Leasmhara maidir le Dréachrialacháin Chumarsáide Leictreonaí (Bearta Slándála), 2024 <https://www.gov.ie/en/consultation/35043-technical-stakeholder-consultation-on-the-draft-electronic-communications-security-measures-regulations-2024/>

## An Treoir maidir le Slándáil Líonra agus Faisnéise (“NIS2”)

I mí na Nollag 2023, rinneadh cinneadh comh-aireachta ComReg a ainmniú mar Údarás Inniúil do NIS2 le haghaidh na n-earnálacha seo a leanas; Bonneagar Digiteach, Soláthraithe Digiteacha, Bainistiú Seirbhíse TFC (Gnólacht le Gnólacht) agus Spás. Beidh tionchar suntasach ag na feidhmeanna agus ag na hoibleagáidí NIS2 nua seo, dá bhrí sin, tá tús curtha le clár oibre suntasach lena n-áirítear pleanáil, athrú eagraíochta, rannpháirtíocht náisiúnta agus idirnáisiúnta.

### Oibriúcháin Líonra

#### Tuairisciú Teagmhais Líonra; Uainiú agus Tairseacha

Roimhe seo leagadh amach cur chuige ComReg maidir le teagmhais slándála tuairiscithe a bhainistiú agus maidir lena fhreagraí do na teagmhais seo a chomhordú, ina Thuairisciú agus ina Threoir maidir le Tuairisciú Teagmhais agus Íoschaighdeáin Slándála, Doiciméad ComReg 14/02<sup>91</sup> (“Doiciméad 14/02”).

Chuir ComReg tús lena athbhreithniú ar Dhoiciméad 14/02 in 2022 agus chuaigh sé i mbun comhairle maidir lena thograí in 2023 – *“Tairseacha Tuairiscithe Teagmhais Líonra, Comhairliúchán chun athbhreithniú a dhéanamh ar agus chun Doiciméad ComReg a athsholáthar 14/02 (Tuairisciú agus Treoir maidir le Tuairisciú Teagmhais agus Íoschaighdeáin Slándála)”*.<sup>92</sup> Nuashonraigh an doiciméad comhairliúcháin seo, lena n-áirítear an Dréacht-Ionstraim Chinnidh, na treoirlínte mar gheall ar athruithe teicneolaíochta, an creat reachtach nua i ndiaidh Chód Cumarsáide Leictreonaí na hEorpa (“CCLE”) – arna thrasú ag Acht 2023,<sup>93</sup> agus athruithe tugtha isteach i<sup>94</sup> dTreoirlínte Teicniúla<sup>95</sup> nuashonraithe ENISA (na “Treoirlínte Athbhreithnithe”).

Cuireadh críoch leis an gcomhairliúchán ar an 25 Bealtaine 2023 agus i ndiaidh breithniú a dhéanamh ar na freagraí ar fad a fuarthas ó naonúr páirtithe leasmhara, d’ullmhaigh agus d’fhoilsigh ComReg an Freagra ar an gComhairliúchán (Doiciméad ComReg Uimh. 24/23) agus a Ionstraim Chinnidh (D08/24). I ndiaidh Dhoiciméad ComReg 24/23 agus a Ionstraim Chinnidh D08/24 a fhoilsiú, nuashonraigh ComReg a thairseach tuairiscithe teagmhais trí fheidhmiúlacht nua a chur leis ar mhaithe le comhsheasmhacht leis na hathruithe a cuireadh i bhfeidhm ar an gcreat chun teagmhais slándála a thuairisciú. Dá bharr sin, agus breithniú á dhéanamh ar na hathruithe tairsí, chuir ComReg Doiciméad 24/41 in ionad a threorach úsáideoirí dá thairseach tuairiscithe teagmhais (Doiciméad 19/98<sup>96</sup>), an treoir d’úsáideoirí do Thairseach ComReg chun teagmhais slándála a thuairisciú.<sup>23</sup>

Os a choinne sin, ciallaíonn an Ionstraim Chinnidh,<sup>97</sup> atá i bhfeidhm anois, go bhfuil na tairseacha agus na hamscálaí do thuairisciú teagmhais slándála ar bhonn reachtúil.

91. ComReg 14/02 [www.comreg.ie/publications/](http://www.comreg.ie/publications/)

92. ComReg 23/36 [www.comreg.ie/publications/](http://www.comreg.ie/publications/)

93. An tAcht um Rialáil Cumarsáide agus um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach (Leasú), 2023

94. An Ghníomhaireacht Eorpach um Chibearshlándáil (“ENISA”).

95. Treoirlíne Theicniúil maidir le Tuairisciú Teagmhais faoi CCLE <https://www.enisa.europa.eu/publications/enisa-technical-guideline-on-incident-reporting-under-the-eecc>

96. ComReg 19/98 [www.comreg.ie/publications/](http://www.comreg.ie/publications/)

97. ComReg 24/23 [www.comreg.ie/publications/](http://www.comreg.ie/publications/)

## Teagmhais Líonra in 2023

### Tráchttaireacht Ghinearálta ar Thuarascáil ENISA d'Éirinn 2023

Tá gach teagmhas slándála<sup>98</sup> a thuairiscíonn ComReg do ENISA, bunaithe ar fhógraí déanta tríd an tairseach tuairiscithe teagmhais.<sup>99</sup> Éascaíonn an tairseach nuashonruithe teagmhais<sup>100</sup> fad is atáthar ag leanúint ar aghaidh ag obair ar an gceist. Nuair a bhíonn an teagmhas curtha i gcrích, agus nuair a bhíonn anailís déanta ar an mbunchúis, is féidir leis an soláthraí ábhartha an tuarascáil teagmhais a chur i gcrích ansin.

Éascaíonn an fhaisnéis seo cumas ComReg chun monatóireacht ghníomhach a dhéanamh ar threochtaí, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta don chineál agus don tarlú teagmhais agus cuireann sí bonn eolais eile ar fáil don thuilleadh imscrúdaithe de réir mar is gá.

Taisceadh an tuarascáil achomair bhliantúil maidir le teagmhais slándála in Éirinn a cuireadh ar fáil do ENISA, le ENISA ar an 11 Feabhra 2023. Tá achoimre ar na mórtheagmhais a tharla i rith 2023 le fáil thíos.

### Forléargas ar theagmhais a tuairiscíodh do ENISA

Seo a leanas príomh-bhuaicphointí Thuarascáil Achomair Bhliantúil 2023 do ENISA (féach freisin fíor 13):

- Tríd is tríd, tuairiscíodh sé theagmhas dhéag do ComReg in 2023, i gcomparáid le dhá theagmhas dhéag in 2022, agus cailleadh 22,818,885 Uair Úsáideora ar fad;
- As measc na dteagmhais sin, bhain ceithre theagmhas leis an aimsir agus cuimsíodh ina measc: an tréimhse fhuar fhada a tharla ar an 09-10 Márta 2023; Stoirm Agnes; Stoirm Betty agus Stoirm Debby. Bhí an líon foriomlán Uaireanta Úsáideora a cailleadh mar gheall ar theagmhais slándála aimsire cothrom le 4,675,138. Bhí tionchar suntasach ag na stoirmeacha sin ar Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí (“LCL” agus “SCL”) i rith 2023, i gcomparáid leis an tréimhse tuairiscithe roimhe sin in 2022, tréimhse nuair nár tharla aon stoirm. Is bealach é sin freisin chun an méadú ar líon na dteagmhais slándála intuairiscithe a mhíniú.
- Bhí teagmhas slándála amháin mailíseach agus san áireamh ann bhí ionsaí bogearraí éirice, i dtríú tír. Bhí tionchar aige sin ar Chórais Tacaíochta Gnó soláthraí i roinnt Ballstát (“BS”). Ní raibh aon tionchar ag infhaighteacht an líonra ábhartha le tabhairt faoi deara in Éirinn.


98. Teagmhais Líonra <https://www.comreg.ie/industry/electronic-communications/compliance-enforcement/network-incidents/>

99. ComReg eLicensing <https://www.elicensing.comreg.ie/login.aspx>


100. ComReg 24/41 [www.comreg.ie/publications/](http://www.comreg.ie/publications/)

### Fíor 13: Comparáid idir teagmhais slándála a tuairiscíodh do ComReg i gcomhair 2022-2023

**Príomhchúiseanna Teagmhais**  
Uaireanta Úsáideora Cailte (2022)




**Príomhchúiseanna Teagmhais**  
Uaireanta Úsáideora Cailte (2023)



Arís eile, bhain an phríomhchúis a bhí leis na teagmhais slándála shuntasacha a tharla i rith 2023, le bogearraí; idir bogearraí lochtacha nó fabhtanna bogearraí. Tugadh fadhbanna a bhaineann le bogearraí faoi deara go minic i rith na mblianta roimhe sin. Díol suntais is ea nach feiniméan a bhaineann go sonrach le hÉirinn atá ann; is léir ó fhigiúirí atá curtha ar fáil ag ENISA go bhfuil an meánfhiúir don chatagóir seo le deich mbliana anuas thar gach ballstát cothrom le 64% de gach teagmhas tuairiscithe mar atá léirithe thíos.

**Fíor 14: Nádúr na dTeagmhas Slándála ar Fud Gach BS, Meán 10 mBliaana 2013-2023 (Foinse: ENISA)**



Á chur sin san áireamh agus imeachtaí a tharla le déanaí ar an 19 Meitheamh 2024<sup>101</sup> (nach mbaineann leis na hearnálacha atá á rialáil aige); tá ComReg den tuairim go bhféadfaí maolú i gcoinne an chineáil teagmhas slándála seo tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Tástáil a fheabhsú, ar fud an tionscail, i measc díoltóirí agus soláthraithe, bogearraí agus crua-earraí;
- Baill foirne chuícháilithe a bheith i láthair, i rith babhtálacha nó uasghráduithe; agus
- Nósanna imeachta géaraithe agus rollta siar tráthúla níos soiléire.

Go ginearálta, tá sé tugtha faoi deara ag ComReg go mbíonn líonraí copair móibíleacha, raidió agus lasnairde níos leochailí do dhrochaimsir, (damáiste mar gheall ar an ngaoth, oighear agus báisteach throm); agus go ginearálta, tá gléasra seasta faoi thalamh níos leochailí do thuilte, a tharlaíonn mar gheall ar bhorradh stoirme agus ar bháisteach throm. Is féidir maolú go húsáideach i gcoinne a leithéid sin d'éifeachtaí díobhálacha trí úsáid a bhaint as trealamh agus as imfháluithe ag a bhfuil rátáil oiriúnach Cosanta Iontrála ("CI") agus cothabháil séalaí i ndiaidh oibreacha deisiúcháin a dhéanamh, i gcás iontrála uisce. Chomh fada is a bhaineann le damáiste meicniúil do cháblaí, is féidir úsáid a bhaint as prúnáil chuí fásra tarchrochta chun maolú i gcoinne a leithéid.

101. Fabht CrowdStrike i bpróiseas rialaithe cáilíochta mar bhonn le tuairteáil (rte.ie) <https://www.rte.ie/news/business/2024/0725/1461685-crowdstrikes-software-bug/>

Tá sé tugtha faoi deara ag ComReg freisin, go bhfuil costas eacnamaíoch ag baint le gach teagmhas slándála,<sup>102</sup> chomh fada is a bhaineann le cailteanas seirbhísí, a bhfuil tionchar acu ar tháirgiúlacht agus ar thráchtáil; mar aon le costas sochaíoch, lena n-áirítear teorainn a chur le roghanna cumarsáide do shaoránaigh an stáit. Ó tharla go bhfuilimid ag brath níos mó ar sheirbhísí cumarsáide d'úsáidí cosúil le cianobair, is ábhar imní é seo.

## Cumarsáid Chiapaireachta

Tá sochaí na hÉireann agus a geilleagar ag brath go mór ar theicneolaíocht teileachumarsáide. Is crá croí é cumarsáid chiapaireachta, ar a dtugtar glaonna agus téacsanna camscéimeanna freisin, atá mar bhonn le damáiste airgeadais agus eacnamaíoch suntasach d'íospartaigh i ngach earnáil de shochaí na hÉireann lena n-áirítear tomhaltóirí, gnóthaí agus comhlachtaí poiblí. Bíonn an céasadh sin mar bhonn freisin le strus agus le himní suntasach, go háirithe i gcás na ndaoine is leochailí a bhíonn ag brath go minic ar a nguthán mar a bpríomh-mhodh chun cumarsáid a dhéanamh le cairde agus le daoine muinteartha.

Níl aon mhuinín ag go leor tomhaltóirí Éireannacha as an uimhir a bhíonn le feiceáil ar a nguthán níos mó, nó Aitheantas Seoltóra (aitheantas) ar a dtéacsteachtaireacht. Tá léargas imníoch le fáil i suirbhé maidir le hlomptraíocht agus le Dearcthaí, a choimisiúnaigh ComReg, faoin meath atá tagtha ar mhuinín as glaonna agus téacsanna. Mar shampla:

Teastaíonn deimhniú éigin ó

**leath de na tomhaltóirí ar fad anois**

maidir le dlisteanacht ón nglaoiteoir nó ó sheoltóir téacs nó cuirfidh siad stop leis an malartú gutha nó téacs.

Níl muinín ag breis is

**40%**

de thomhaltóirí a úsáideann seirbhísí SMS<sup>103</sup> san fhoirm chumarsáide seo agus tá níos lú airde atá tabhairt acu uirthi de réir a chéile.

**1/4**

Ní thugann tomhaltóirí **amháin as gach ceathrar tomhaltóirí** aird ar bith ar theachtaireachtaí SMS a fhaigheann siad.

Fuair breis is

**90%**

d'aoisigh in Éirinn glao camscéime chuig a nguthán póca le bliain anuas.


**Fuair 84% téacs camscéime de chineál éigin.**

102. Choimisiúnaigh ComReg na sainchomhairleoirí DotEcon chun tuarascáil bhunúsach a sholáthar maidir le Tionchair Eacnamaíocha agus Shochaíoch Teagmhas Líonra, féach Doiciméad Uimh. 23/59 ComReg chun tuilleadh eolais a fháil faoi thionchar eacnamaíoch teagmhas in Éirinn.

103. Áirítear ar a leithéid de sheirbhísí faisnéis/meabhrúcháin faoi choinní sláinte, baincéireacht agus bille fóntais.

Chomh maith leis sin, choimisiúnaigh ComReg Europe Economics chun meastachán a dhéanamh ar an méid díobhála a dhéanann cumarsáid chiapaireachta. Tríd is tríd, meastar, go coimeádach, go bhfuil an díobháil inchainníochtaithe iomlán do shocháí na hÉireann ag eascairt as cumarsáid chiapaireachta cothrom le **breis is €300 milliún sa bhliain** agus tá eolas maidir leis sin le fáil thíos.

### Fíor 15: Díobháil Bhliantúil Déanta ag Cumarsáid Chiapaireachta



## Tascfhórsa Tionscail agus Comhairliúchán Poiblí

Tá an cheist seo ag déanamh imní d'úsáideoirí deiridh teileachumarsáide, don tsochaí shibhialta agus do rialtais. Rinne ComReg iarracht oibriú leis an tionscal atá á rialú aige chun sraith idirghabhálacha chun an fhadhb laethúil seo a shainaithint agus a imlonnú. Chuige sin, bhunaigh ComReg tascfhórsa ar fud an tionscail ar a dtugtar Tascfhórsa Tionscail na Cumarsáide Ciapaireachta (TTCC).

Reáchtáladh an TTCC ó mhí Feabhra 2022 go dtí Bealtaine 2024 tráth ar reáchtáladh an cruinniú deiridh. Tionscnamh trastionscail deonach a bhí ann a raibh ComReg páirteach ann mar aon le 17 n-oibritheoirí a chlúdaigh 100% de thrácht móibíleach na hÉireann agus 90% de thrácht PSTN seasta.

Bhí TTCC dírithe go príomha ar mhuintir a chothú sa líonra cumarsáide trí idirghabhálacha praiticiúla, inoibrithe, líonrabhunaithe a fhorbairt chun éifeachtaí damáisteacha glaonna agus téacsanna camscéime ar thomhaltóirí agus ar shochaí na hÉireann a mhaolú.

Shainaithin TTCC roinnt idirghabhálacha praiticiúla agus glacadh leo mar chuid díobh sin a raibh bonn rialála leo de bhua comhairliúcháin phoiblí a raibh foilsíú ComReg 24/24<sup>104</sup> mar thoradh air i mí Aibreáin 2024 agus a bhí ag teacht leis na hlonstraimí Cinnidh (ICanna) seo a leanas:

- Ná Tionscain (NT) – D09/24
- Uimhreacha Cosanta (UC) – D10/24
- Blocáil glaonna ALG seasta – D11/24
- Blocáil glaonna ALG móibíleacha – D12/24
- Balla Dóiteáin Gutha – D13/24
- Clárlann Aitheantas Seoltóra SMS – D14/24
- Nuashonrú ar Choinníollacha Úsáide Uimhrithe ComReg – D15/24

Cuirfidh na hidirghabhálacha a bhfuil cur síos déanta orthu sna DInna seo teorainn le glaonna agus le téacsanna camscéime, agus feabhsóidh siad muintir as na seirbhísí sin, agus tá sé de bhuntáiste leo freisin go gcosnóidh siad leasanna tráchtála oibritheoirí trí bheith in ann seirbhísí agus líonraí a thairiscint a mbeidh muintir ag tomhaltóirí astu. Tá tacaíocht rialála riachtanach chun a chinntiú go bhfuil na hidirghabhálacha seo ar fad á gcomhlíonadh ag an tionscal iomlán.<sup>105</sup>

Tá spriocdháta sonracha luaite le gach DI d'implonnú oibritheora. D'fhonn cabhrú leis an tionscal chun na spriocdhátaí sin a chomhlíonadh bhunaigh ComReg an Fóram Tionscail maidir le Cumarsáid Chiapaireachta ("FTCC") i mí Meithimh 2024 agus é mar phríomhaidhm treoir a chur ar lucht tionscail, agus a chinntiú go gcuirtear na hlonstraimí Cinnidh chun feidhme go rathúil. Déanfaidh FTCC an méid seo a leanas go sonracha:

- Dul chun cinn trí gach DI;
- Teach ar chomhaontú maidir le cuspóirí;
- Pleananna tionscadail forfheidhmithe mionsonraithe a ullmhú;
- Iarrachtaí an tionscail táirgí insoláthartha a chur ar fáil a chomhordú;
- Maoirseacht a dhéanamh ar sheoladh na hidirghabhála; agus
- Monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn.

104. ComReg 24/24 [www.comreg.ie/publications/](http://www.comreg.ie/publications/)

105. Léiriú ALG – Sainaithint Líne Glao, an uimhir a chuirtear i láthair nó a thaispeántar don duine a fhaigheann an glao gutháin. D'fhéadfadh sé seo a bheith cosúil le ALG Líonra an pháirtí atá ag glao nó ní gá go mbeadh sé cosúil leis.


Chomh maith leis sin, breithneoidh FTCC nithe eile a bhaineann le glaonna agus le téacsanna camscéime chun déileáil le bearnaí nua nó fágtha a bhféadfadh caimiléirí tairbhe a bhaint astu, lena n-áirítear bearta a bhíonn mar thoradh ar an gcomhairliúchán Scagaire Camscéime SMS a fhoilseoidh ComReg i Ráithe 3, 2024.

## Méadracht

Níor bailíodh aon sonraí maidir le teagmhas camscéimeanna SMS agus Gutha in Éirinn sular bunaíodh TTCC; ní haon chúis ionaidh é sin de bhrí nár dearadh líonraí díreach chun trácht bréagach a bhrath.

Úsáidfean an mhéadracht mar mhodh chun eolas a bhailiú faoi éifeachtacht na n-idirghabhálacha faoi shainordú, cabhraíonn siad chun an fhadhb a scálú agus dlús a chur le feabhas leanúnach. Léirítear i bhFíor 16 líon míosúil na nglanna a mblocálann na hidirghabhálacha gutha a chur oibritheoirí tuairiscithe i bhfeidhm.

**Figure 16: Blocked scam calls as reported by some operators - Blocked Calls DNO/PN/F-CLI**



Tá tionchar dáiríre ag obair na n-oibritheoirí anois agus tá líon míosúil na nglanna camscéime a blocáladh méadaithe go suntasach de réir mar atá na hidirghabhálacha faoi shainordú á gcur chun feidhme ag níos mó oibritheoirí. Thuairiscigh oibritheoirí rannpháirteacha gur bhlocáil siad breis is 12 milliún glaonna camscéime in 2023. Mar ábhar tagartha, mheas Europe Economics i nDoiciméad 23/52a<sup>106</sup> ComReg gur ghlac tomhaltóirí Éireannacha le breis is 59 milliún glaonna in 2022.

106. ComReg 23/52a [www.comreg.ie/publications/](http://www.comreg.ie/publications/)

## Faisnéis Bhreise

Tá an t-ábhar foilsithe ar fad (Fógraí Faisnéise, Freagraí comhairliúcháin srl.) le fáil ar leathanach tiomnaithe ComReg.<sup>107</sup> Tá roinnt samplaí den ábhar foilsithe sin le fáil i bhFíor 17.

### Fíor 17: Sampla d'ábhar foilsithe ag ComReg maidir le cumarsáid chiapaireachta



Is fadhb dhomhanda í Cumarsáid Chiapaireachta agus ní fadhb í a bhaineann go huathúil le hÉirinn. Tá go leor tíortha ag déileáil le méadú ar chamscéimeanna agus ar chalaosí atá bunaithe ar chumarsáid. Rinne ComReg idirchaidreamh díreach le ÚRNanna eile agus leanfaidh sé ar aghaidh lena leithéid a dhéanamh,<sup>108</sup> lena n-áirítear iad siúd sna Stáit Aontaithe, i gCeanada, san Astráil agus sa Ríocht Aontaithe, chun faisnéis agus eispéiris a roinnt agus chun eolas a fháil faoin tslí a bhfuil dlínsí eile ag déileáil leis an bhfadhb seo. Tá eolas maidir leis na ÚRNanna ar oibrigh ComReg leo le fáil i bhFíor 18 thíos. Bhí an clár rannpháirtíochta seo an-úsáideach chomh fada is a bhain le teacht ar thuiscint maidir le fadhbanna a bhíonn ag rialtóirí eile, mar aon le hidirghabhálacha poitéinsiúla eile a shainathint chun dul i ngleic leis na fadhbanna sin.

### Fíor 18: Rannpháirtíocht ComReg le ÚRNanna eile maidir le cumarsáid chiapaireachta



107. <https://www.comreg.ie/industry/electronic-communications/nuisance-communications/>

108. An tÚdarás Rialála Náisiúnta - Gníomhaireacht Rialtais a bhfuil sé de chúram uirthi reachtaíocht teileachumarsáide a chur chun feidhme agus monatóireacht a dhéanamh uirthi.

Leanfaidh cumarsáid chiapaireachta i gcibé foirm – cumarsáid faoi bhréagrioct, camscéimeanna, fioscaireacht, smioscaireacht, calaois, srl., ar aghaidh ag forbairt agus ag teacht chun cinn. Dá bharr sin, ní mór do ComReg agus don tionscal leanúint ar aghaidh leis na bagairtí seo atá ag forbairt go leanúnach a chomhlíonadh.

## Eispéireas Úsáideoirí Móibíleacha – Léarscáiliú an Chlúdaigh Mhóibíligh Lasmuigh

Cuireann ComReg ríomhanna innealtóireachta neamhspleácha i bhfeidhm ar na sonraí líonra a fhaightear ó oibrítheoirí líonra mhóibíligh (OLManna). Ansin calabraithear na ríomhanna seo trí úsáid a bhaint as tacar tomhas Toinne Leanúnaí (TL) fíorshaoil agus tástálacha tiomána spriocdhírthe, ag roinnt suíomhanna ar fud na hÉireann. I ndiaidh calabraithe, gintear na tuartha maidir leis an léarscáil chlúdaigh lasmuigh le haghaidh teicneolaíochtaí 2G/3G/4G agus 5G in uirlis phleanála raidió ComReg, Atoll, agus cuirtear ar fáil iad ar shuíomh gréasáin ComReg.<sup>109</sup> Ina theannta sin, tá an anailís ar na tuartha clúdaigh lasmuigh mar bhonn le bainistíocht leanúnach ComReg ar an speictream raidió.

Áirítear ComReg ar cheann de na chéad Údarás Rialála Náisiúnta (ÚRN) chun faisnéis maidir le clúdach 5G a chur ar fáil trína uirlisí léarscáilithe do thomhaltóirí.

## An Scéim Náisiúnta Uimhrithe Teileachumarsáide a Bhainistiú

Bainistíonn ComReg an Scéim Náisiúnta Uimhrithe Teileachumarsáide in Éirinn. Cuimsítear ansin uimhreacha geografacha, uimhreacha neamhgheografacha, uimhreacha fóin póca, uimhreacha seirbhísí ardráta, cóid ghearra agus cóid líonra. Tá uimhreacha agus cóid ghutháin riachtanach chun líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí a sholáthar. Cumasaíonn siad cumarsáid ródaíthe éifeachtach náisiúnta agus idirnáisiúnta agus tacaíonn siad le feidhmiú cuí na gcóras billeála agus socraíochta. Bíonn uimhreacha in úsáid ag roinnt seirbhísí ar líne freisin chun úsáideoirí a shainaithint nó a fhíordheimhniú.

In intinn an tomhaltóra, soláthraíonn uimhreacha faisnéis don ghlaiteoir maidir leis an tseirbhís ar glaodh uirthi, praghas an ghlaio, agus, i gcásanna áirithe, suíomh an pháirtí ar glaodh air. Don pháirtí glaoite, soláthraíonn uimhreacha i bhfoirm Aitheantais Líne Ghlaiteora (ALG) faisnéis maidir le haitheantas an ghlaiteora.

Ní mór do ComReg a chinntiú go bhfuil uimhreacha á mbainistiú go héifeachtach agus á n-úsáid go héifeachtúil, agus nach mbaintear mí-úsáid astu ar shlí ar bith. Bainistíonn ComReg sannadh leanúnach uimhreacha d'oibrítheoirí agus ní mór dó infhaighteacht leanúnach uimhreacha a chinntiú d'iontrálaithe nua agus d'úsáideoirí deiridh. De réir a chéile, cuireann ComReg uimhreacha ar fáil do sholáthraithe seirbhíse néalchumarsáide do sheirbhísí nua agus nuálacha, chun deis a thabhairt d'iomáiocht bláthú. Comhthreomhar leis sin, ní mór dúinn a chinntiú go bhfuil tomhaltóirí á gcosaint, agus gur féidir le daoine muinín a bheith acu as uimhreacha agus as ALG.

De réir mar a tarraingíodh aird air sa rannóg thuas maidir le cumarsáid chiapaireachta, níl aon mhuinín ag tomhaltóirí Éireannacha in ALG níos mó, agus go deimhin tá siad éirithe as glaonna a fhreagairt ó uimhreacha anaithnide. Tríd is tríd, is amhlaidh atá de bhrí go raibh caimiléirí (as thar lear den chuid is mó ach ní go heisiach) ag

109. <https://coveragemap.comreg.ie/map>

'spúfáil' ALGanna Éireannacha chun dallamullóg a chur ar shaoránaigh Éireannacha ionas go gceapfaidh siad go bhfuil a gcuid glaonna ag teacht ó uimhreacha líne talún Éireannacha nó ó uimhreacha móibíleacha Éireannacha, de bhrí go bhfuil níos mó seans ann go bhfreagrófar a leithéid sin de ghlaonna. Uaireanta úsáideann caimiléirí uimhreacha faoi bhréagrioct freisin a úsáideann eagraíochtaí a bhfuil siad ag ligean orthu go bhfuil siad ag déanamh ionadaíocht orthu (m.sh. banc) ionas go mbeidh chreidiúnacht bhreise ag baint lena nglanna. Tá díobháil shuntasach shoचाíoच agus eacnamaíoch á déanamh ag an gcaillteanas muiníne sin agus ag na glaonna neamhfhreagartha agus ag na téacsanna nach dtugtar aird orthu dá barr. Tá cuid de na hidirghabhálacha atá sainordaithe ag ComReg i nDoiciméad 24/24 deartha chun déileáil le cumarsáid faoi bhréagrioct a bhaineann le ALG, ach teastaíonn bearta eile freisin chun cabhrú le muinín a athbhunú.

## Treoirínthe Cuir Aithne ar do Chustaiméir (KYC)

Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh caimiléirí seirbhísí néalchumarsáide a úsáid chun rochtain a fháil ar uimhreacha Éireannacha dlisteanacha agus úsáid a bhaint de réir a chéile as SIManna Éireannacha neamhchláraithe chun glaonna camscéime a dhéanamh agus a fháil agus chun SMS camscéime a sheoladh.

Mar fhreagairt, i láthair na huaire tá ComReg ag dul i gcomhairle le treoirínthe maidir le próisis oibritheora dea-chleachtas Cuir Aithne ar do Chustaiméir (KYC) (féach Doiciméad 24/24c ComReg<sup>110</sup>), ina gcuimsítear treoirínthe d'oibritheoirí móibíleacha chun SIM a chlárú.

Leagtar amach sna tograí sin na seiceálacha íosta KYC a mholann ComReg d'oibritheoirí a dhéanamh nuair a bhíonn uimhreacha agus SIManna á gcur ar fáil acu d'oibritheoirí. Le cois na seiceálacha beartaithe roimh uimhreacha a chur ar fáil, molann ComReg freisin go bhfuil próisis bunaithe ag oibritheoirí chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh, chun measúnú a dhéanamh ar mhí-úsáid uimhreach agus chun freagairt do mhí-úsáid den chineál sin. Ainneoin go bhfuil na treoirínthe beartaithe lánroghnach, spreagtar oibritheoirí chun na próisis mholta a chur chun feidhme chun an riosca go mbeidh uimhreacha agus SIManna á gcur ar fáil do chaimiléirí á laghdú. I ndiaidh comhairliúcháin, foilseoidh ComReg treoirínthe KYC críochnaithe mar dhoiciméad tagartha aonair ar féidir é a nuashonrú de réir mar a bheidh dea-chleachtas KYC ag forbairt.

Díreoidh obair bhainistíochta uimhreach a dhéanfar amach anseo ar oibriú le hoibritheoirí chun a chinntiú go bhfuil a nósanna imeachta Cuir Aithne ar do Chustaiméir (KYC) oiriúnach chun cosc a chur ar uimhreacha agus ar SIManna a bheith á bhfáil ag caimiléirí, i bhfianaise an chrá croí leanúnach a bhaineann le cumarsáid chiapaireachta.

## Coinníollacha Úsáide Uimhrithe Nuashonraithe

Tá sonraí le fáil i gCoinníollacha Úsáide Uimhrithe ComReg maidir le rialacha úsáide uimhreacha agus critéir incháilitheachta do shealbhóirí uimhreach. Cosnaíonn na coinníollacha sin agus na critéir incháilitheachta tomhaltóirí agus tacaíonn siad le hiomaíocht trína chinntiú go bhfuil rochtain chomhionann ag oibritheoirí ar acmhainní uimhrithe.

110. ComReg 24/24c [www.comreg.ie/publications/](http://www.comreg.ie/publications/)

Tá na Coinníollacha Úsáide Uimhrithe á nuashonrú go rialta chun na forbairtí margaidh agus reachtacha is déanaí a chur san áireamh. Cuireadh tús leis an athbhreithniú is déanaí i mí Meithimh 2023, mar chuid de chomhairliúchán ComReg maidir le Cumarsáid Chiapaireachta (Doiciméad 23/52<sup>111</sup>). Mar atá léirithe thuas, go minic baineann glaonna camscéime mí-úsáid as nó bíonn siad freagrach as 'spúfáil' ALG, ionas go mbeadh gá le hathbhreithniú agus le nuashonrú ar Choinníollacha Úsáide Uimhrithe i ndáil le ALG, ag tarraingt aird go háirithe ar an bpointe nach mór d'oibritheoirí a thionscnaíonn a nglanna in Éirinn, bailíocht ALGanna a úsáideann a gcustaiméirí a chinntiú.

Lena chois sin, agus mar fhreagairt don mhéadú ar chamscéimeanna atá bunaithe ar SMS a úsáideann Aitheantas Seoltóra SMS bréagach, mhol ComReg Aitheantas Seoltóra SMS a chur san áireamh mar chuid den Phlean Uimhrithe Náisiúnta agus Clár Cosanta Aitheantais Seoltóra SMS a fheidhmiú mar idirghabháil chun trácht SMS camscéime a chomhrac.

Tá an t-athbhreithniú agus an nuashonrú seo críochnaithe agus d'fhoilsigh ComReg Coinníollacha Uimhrithe leasaithe (ComReg Document 15/136R4<sup>112</sup>) i mí Aibreáin 2024. Sa bhreis air sin, tá ComReg anois i mbun Clár Cosanta Aitheantais Seoltóra SMS a fhorbairt agus cuirfidh sé tús le hAitheantas Seoltóra a chlárú ag tús 2025.

## Liostaí Uimhreacha Cosanta agus Ná Tionscain (NT)

I lár 2022, tháinig Tascfhórsa Tionscail na Cumarsáide Ciapaireachta (TTCC) ar chomhaontú maidir le sonraíochtaí le haghaidh idirghabhálacha tosaigh chun déileáil le glaonna camscéime a úsáideann ALGanna faoi bhréagrioct. Shainordaigh ComReg na hidirghabhálacha sin ina dhiaidh sin (Doiciméad 24/24).

Ceann de na hidirghabhálacha is ea liosta Ná Tionscain (NT) a bheith á chur chun feidhme ag oibritheoirí. Mar atá luaite thuas, go minic spúfálann calaoiseoirí uimhir ghnó dhlísteanach, mar shampla cuideachtaí Éireannacha a bhfuil muinín ag daoine astu cosúil le bainc agus le gníomhaireachtaí stáit, nuair a bhíonn glaoch á chur ar íospartaigh fhéideartha. Tagraíonn an liosta d'uimhreacha gutháin NT sannta d'eagraíochtaí nach n-úsáidtear do ghlaonna amach riamh. Dá bharr sin, tá aon ghlaó amach ó na huimhreacha sin spúfáilte agus, dá bhrí sin, ba cheart iad a bhlocáil. Tá ComReg ag leanúint ar aghaidh ag tacú leis an liosta NT ar a shuíomh gréasáin agus bainistíonn sé iarratais ó eagraíochtaí atá le cur leis an liosta agus dáileadh míosúil an liosta NT athbhreithnithe d'oibritheoirí. Chomh maith leis sin, bainistíonn ComReg tiomsú méadrachta blocála glaonna NT ó oibritheoirí.

An dara idirghabháil comhaontaithe ag TTCC agus arna sainordú freisin ag ComReg ina dhiaidh sin is ea liosta na nUimhreacha Cosanta (UC). Is éard atá i gceist le hUimhreacha Cosanta uimhreacha nach bhfuil sannta ag ComReg agus nach bhfuiltear ag súil a shannfar gan mhoill. Dá réir sin, d'fhéadfaí glacadh le glaonna atá ag ligean orthu atá ag teacht ó na huimhreacha sin mar ghlaonna camscéime agus, dá bhrí sin, ní mór d'oibritheoirí iad a bhlocáil.

Chomh maith leis sin, bainistíonn Foireann Uimhrithe ComReg forbairt agus dáileadh leanúnach an liosta UC d'oibritheoirí, a chuireann méadracht blocála glaonna ar fáil do ComReg ar bhonn míosúil don idirghabháil seo.

111. ComReg 24/52 [www.comreg.ie/publications/](http://www.comreg.ie/publications/)

112. ComReg 15/136R4 [www.comreg.ie/publications/](http://www.comreg.ie/publications/)

Tá na liostaí NT agus UC curtha chun feidhme ag gach móroibritheoir, agus ní mór do na hoibritheoirí eile iad a chur chun feidhme faoi Dheireadh Fómhair 2024, agus tá na hidirghabhálacha seo ag leanúint ar aghaidh ag cosaint tomhaltóirí a bhfuil na camscéimeanna áirithe seo spriocdhírthe orthu.

## Soláthar Thar an Líonra agus r-SIM a Chur Chun Cinn

Ceanglaítear ar ComReg<sup>113</sup> tacú le soláthar thar an líonra (OTA) chun aistriú soláthraí a éascú do thomhaltóirí gutháin phóca. Braitheann soláthar OTA ar theicneolaíocht SIM (r-SIM) ‘leabaithe’.

Cuirfidh clárú agus aistriú custaiméara OTA go hiomlán digiteach ar chumas tomhaltóirí aistriú idir oibritheoirí in imeacht cúpla nóiméad. I measc na mbuntáistí eile a bhaineann le OTA agus le r-SIM tá an cumas a thabhairt do thomhaltóirí próifílí áitiúla sealadacha a íoslódáil nuair a bhíonn siad ag fánaíocht thar lear. Tá tábhacht ar leith ag baint leis seo nuair a bhítear ag fánaíocht lasmuigh den AE, sa chás nach bhfuil oibleagáidí maidir le Fánaíocht ar Tháillí Baile (RLAH) i bhfeidhm, agus sa chás go mbíonn ar thomhaltóirí déileáil le billí móra nuair a fhilleann siad ar an mbaile. D’fhéadfadh roinnt próifílí áitiúla sealadacha a chinntiú gur féidir le tomhaltóirí tairbhe a bhaint as taraifí infheidhme áitiúla níos réasúnaí. Tá aird tarraingthe ar thuilleadh buntáistí a bhaineann le r-SIM i bhFíor 19.

### Fíor 19: Na Buntáistí a bhaineann le Soláthar r-SIM agus OTA



Bhí ComReg ag obair le OLManna agus le páirtithe leasmhara tionscail eile chun na gníomhartha a bhfuil cur síos déanta orthu i straitéis foilsithe ComReg a chur chun feidhme chun soláthar OTA a chur chun cinn (Doiciméad 22/48a). Tráth scríofa an doiciméid seo, bhí a bpróisis OTA féin seolta ag dhá oibritheoir as trí oibritheoir líonra mhóibíligh, agus tá siad sin á dtástáil ag Analysys Mason thar ceann ComReg. Táthar ag leanúint ar aghaidh leis an obair seo agus tá ComReg ag súil le tuarascáil Analysys Mason a fhoilsiú níos déanaí in 2024 i dteannta le Fógra Faisnéise.

Choimisiúnaigh ComReg na sainchomhairleoirí DotEcon agus Analysys Mason chun staidéar bunúsach a dhéanamh sa réimse seo agus tá sé sin foilsithe mar Dhoiciméad 23/59a ComReg.<sup>114</sup>

113. Rialachán 79(16) de I.R. Uimh. 444/2022 - Rialachán ón Aontas Eorpach (Cód Cumarsáide Leictreonaí), 2022.

114. ComReg 23/59a [www.comreg.ie/publications](http://www.comreg.ie/publications)

Tá seacht bpríomhthátal luaite le staidéar DotEcon agus Analysys Mason:

- D'fhéadfadh teagmhais líonra tarlú le haghaidh cúiseanna éagsúla.
- Níl a leithéid de rud ann agus gnáthbhristeacha agus d'fhéadfadh bristeacha éagsúla a bheith le tabhairt faoi deara ar fud an daonra.
- Ainneoin nach dtarlaíonn teagmhais líonra go minic, bíonn tionchar níos suntasaí ag a leithéid ar dhaoine thar a chéile.
- D'fhéadfadh údar a bheith le hinfheistíocht bhreise ach bheadh sé deacair díriú ar a leithéid.
- B'fhéidir go dteipfeadh ar úsáid a bhaint as seirbhís chúltaca teagmhais líonra a mhaolú nuair a thagann siad chun cinn.
- Tá srian ar oibrítheoirí chomh fada is a bhaineann leis an tslí is féidir leo teagmhais mhórscála a dheisiú.

Tá formhór na dtomhaltóirí den tuairim go bhfuil praghas, luas agus clúdach níos tábhachtaí ná iontaofacht nuair a bhíonn soláthraí á roghnú.

---

113. Rialachán 79(16) de I.R. Uimh. 444/2022 - Rialacháin ón Aontas Eorpach (Cód Cumarsáide Leictreonaí), 2022.

# Anailís Margaidh agus Praghsáil

## Nascacht agus Rolladh Amach Líonraí An-Ardluais

Trasúíodh Treoir an Chóid Cumarsáide Leictreonaí ina leagtar amach an creat rialála coiteann Eorpach do rialú na cumarsáide leictreonaí, in Éirinn trí na Rialacháin ón Aontas Eorpach (Cód Cumarsáide Leictreonaí), 2022 (I.R. 444 de 2022) (“Rialacháin CCLE”). Bhunaigh na Rialacháin CCL, a tháinig i bhfeidhm i mí Meithimh 2023, an príomhchuspóir seo a leanas do ComReg - cur chun feidhme nascachta agus rochtain ar, agus glacadh le, líonraí an-ardluais, lena n-áirítear líonraí seasta, móibíleacha agus gan sreang, i measc na dtomhaltóirí agus na ngnóthaí uile sa Stát. Tá cuspóirí eile i bhfeidhm go leanúnach lena n-áirítear tacú le hiomaíocht i ndáil le soláthar líonraí cumarsáide leictreonaí agus saoráidí gaolmhara, lena n-áirítear iomaíocht atá bunaithe ar bhonneagar éifeachtach, agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí agus seirbhísí gaolmhara a sholáthar. Bhí ról lárnach ag na cuspóirí sin i gcur chuige ComReg maidir le rialáil mhórdhíola.

Chun na cuspóirí sin a chomhlíonadh, coimeádann na Rialacháin CCLE mar phríomhuirlis rialála prionsabal an rialacháin neamhshiméadraigh a chiallaíonn go bhfuil oibrítheoir a aimsítear le cumhacht mhargaidh shuntasach (“CMS”) ar mhargadh ábhartha a léiríonn bacainní arda ar iontráil agus nach dtaispeánann aon chlaonadh d’iomaíocht éifeachtach ar bhonn cúig bliana, faoi réir oibleagáidí atá deartha chun iomaíochas a bunú, a chosaint agus a fheabhsú chun tairbhe úsáideoirí deiridh. Is treoirphrionsabal den chreat rialála coiteann atá ann go mbeadh oibleagáidí CMS á n-athbhreithniú ar bhonn rialta agus á bhforchur ag leibhéal mórdhíola, agus go bhfuil oibleagáidí á bhforchur díreach ag an leibhéal miondíola amháin sa chás nach leor oibleagáidí ag an leibhéal mórdhíola chun déileáil le fadhbanna iomaíochais ar mhargaí miondíola. Amhail ó mhí Meithimh 2024, bhí ceithre mhargadh faoi réir rialachán CMS in Éirinn (féach thíos). Níl aon mhargadh miondíola in Éirinn níos mó atá faoi réir rialachán CMS.

Chomh maith leis sin, bhunaigh na Rialacháin CCLE freisin, agus é mar aidhm iomaíocht éifeachtach a éascú agus a fheabhsú, coincheapa rialála nua lena n-áirítear go háirithe an fhéidearthacht na hoibleagáidí iomlána CMS nó cuid acu a ionadú le gealltanais dheonacha, rud a chiallaíonn go bhfuil ComReg ceangailteach, beag beann ar sheasamh CMS, chun rochtain a sholáthar ar shreangú agus ar cháblaí agus ar shaoráidí gaolmhara laistigh d’fhoirgnimh nó go pointe áirithe arna chinneadh ag ComReg. I mí Feabhra 2024, d’fhoilsigh ComReg dréacht-treoirlínte comhairliúcháin maidir le gealltanais dheonacha oibrítheora CMS ina leagtar amach na nósanna imeachta a bheadh i bhfeidhm i ndáil le tairiscint agus le hathbhreithniú ar ghealltanais i ndáil le coinníollacha do rochtain, do chomhinfeistíocht, nó don dá rud, atá infheidhme maidir le líonra oibrítheora CMS, lena n-áirítear gealltanais i gcomhthéacs deighilt dheonach a ghnó.<sup>115</sup> Dúnadh an comhairliúchán i mí an Mhárta 2024 agus, i ndiaidh na bhfreagraí a bhreithniú, d’eisigh ComReg treoirlínte deiridh i mí Mheán Fómhair 2024.<sup>116</sup> I mí Meithimh 2024, d’fhoilsigh ComReg gairm ar ionchur i ndáil le bearta chun breithniú a dhéanamh ar imlonnú líonra a éascú trí chomhroinnt bonneagair<sup>117</sup> ag féachaint

115. ComReg 24/08 [www.comreg.ie/publications](http://www.comreg.ie/publications)

116. ComReg 24/74 [www.comreg.ie/publications/](http://www.comreg.ie/publications/)

117. ComReg 24/47 [www.comreg.ie/publications/](http://www.comreg.ie/publications/)

do chumhachtaí ComReg faoi Rialacháin CCLE. Dúnadh an tréimhse chun glacadh le haighneachtaí i mí Mheán Fómhair 2024 agus táthar ag leanúint ar aghaidh le breithniú a dhéanamh ar na haighneachtaí a fuarthas.

## Mapáil agus Sonraí

Chomh maith leis sin, tugadh freagrachtaí agus cumhachtaí nua do ComReg faoi na Rialacháin CCLE i ndáil le suirbhéanna geografacha a dhéanamh ar imlonnú líonraí leathanbhanda. Úsáidtear na sonraí a fhaightear chun na críche sin chun bonn eolais a chur ar fáil do raon feidhmeanna rialála, lena n-áirítear anailísí margaidh a dhéanamh, oibleagáidí seirbhíse uilíche agus uirlisí cumarsáide a sholáthar do thomhaltóirí chun infhaighteacht leathanbhanda a sheiceáil. Chomh maith leis sin, ceanglaítear ar ComReg torthaí an tsuirbhé gheografaigh a chur ar fáil don Aire Cumarsáide. Ó tháinig an tAcht um Rialáil Cumarsáide agus um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach (Leasú), 2023, i bhfeidhm, féadfaidh an tAire iarraidh ar ComReg comhairle a chur air nó uirthi maidir leis an margadh cumarsáide leictreonaí agus maidir le nithe a bhaineann le feidhmeanna an Choimisiúin, agus freisin chun faisnéis a chur ar fáil dó nó di a mheasann an tAire a d'fhéadfadh cabhrú leis nó léi chun beartas a fhorbairt a bhaineann le líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí agus le saoráidí gaolmhara.

Chun críche a athbhreithnithe margaí agus feidhmeanna rialála eile, bailíonn ComReg faisnéis ó sholáthraithe seirbhíse trí úsáid a bhaint as a cumhachtaí bailithe faisnéise reachtúla. Bhí tionscadal aistrithe bailithe faisnéise ilbhliantúil ComReg mar bhonn le tuilleadh feabhsuithe ar chórais agus ar nósanna imeachta a chumasáionn bailiú éifeachtach agus éifeachtúil faisnéise gráinní lena n-áirítear, le bliain anuas, faisnéis bailithe i ndáil le faisnéis ioncaim agus táscairí eile le haghaidh seirbhísí líne agus leathanbhanda léasaithe. D'ainneoin cuid de na deacrachtaí a bhain le cruinneas sonraí na soláthraithe seirbhíse ba chúis leis an bhfaisnéis foilsithe a leasú, go ginearálta, bhí an leibhéal rannpháirtíochta sásúil.

## Rialáil CMS Margaí Mórdhíola

Sular forchuireadh oibleagáidí CMS-bhunaithe, ar dtús, ní mór do ComReg na margaí a d'fhéadfadh a bheith laistigh de raon feidhme an rialacháin a shainiú ag féachaint do Mholadh 2020 an Choimisiúin Eorpaigh maidir le margaí ábhartha atá soghabhálach i leith rialacháin ex ante. I ndiaidh an margadh ábhartha a shainiú, ní mór do ComReg measúnú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil Cumhacht Mhargaidh Shuntasach (CMS) ag aon chuideachta faoin margadh sin, coincheap atá cosúil le ceannas faoi dhlí na hiomaíochta. Má tá CMS ag cuideachta, ní mór do ComReg leigheas (nó oibleagáid) amháin ar a laghad a fhorchur chun éifeacht dhóchúil na bhfadhbanna iomaíochta sainaitheanta a fheabhsú ag féachaint dá dtionchar ar iomaíocht agus ar thomhaltóirí. Mar shampla, d'fhéadfadh ComReg a cheangal ar oibritheoir CMS rochtain ar a líonra a oscailt d'iomaitheoirí ag an leibhéal mórdhíola, agus a chinntiú go mbeadh a leithéid de rochtain faoi réir rialuithe praghsanna. Ceanglaítear ar ComReg faoin dlí Eorpach fógra maidir lena dhréachtchinntí i ndáil lena anailís margaidh a fhógairt don Choimisiún Eorpach, agus féadfaidh an Coimisiún Eorpach a bharúil a roinnt maidir lena leithéid de dhréachtbhearta, agus i gcásanna áirithe, a gcur chun feidhme a bhlocáil. Déantar athbhreithniú ar mhargaí rialaithe ó am go ham faoin bpróiseas anailíse margaidh sin.

Amhail ó mhí Meithimh 2024, tá na margaí seo a leanas faoi réir rialachán CMS.

Margadh Rochtain an Bhonneagair Fhisiciúil (“RBF”);

Margadh Rochtain Áitiúil Mhórdhíola (“RÁM”);

Margadh Rochtain Ardchaighdeáin Mhórdhíola ((Ciorcaid ghnó ardoillte) (“RACM”); agus Na Margaí Tarchurtha Craolta Mórdhíola (“TCM”).

I rith na bliana, chuir ComReg críoch lena anailís ar thrí mhargadh agus d’eisigh sé cinntí maidir le rialáil mhargaí RBF agus RÁM. Dírialaíodh na Margaí Rochtana Lárnacha Mórdhíola (“RLM”) agus cuireadh deireadh le hoibleagáidí CMS i mí Eanáir 2024.

Amhail ag mí Meithimh 2024, bhíothas ag leanúint ar aghaidh le hathbhreithnithe ar mhargaí TCM agus ar mhargaí Tarchurtha Craolta Mórdhíola.

## Margadh Rochtain an Bhoneagair Fhisiciúil (RBF)

Baineann sé seo le bonneagar duchta agus cuaille sonrath teileachumarsáide a sholáthar is féidir le soláthraithe seirbhíse a úsáid chun tacú le líonraí snáthoptaice ardluais a rolladh amach, agus i ndeireadh na dála, soláthar raon seirbhísí mórdhíola agus miondíola iarteachtach a éascú, lena n-áirítear leathanbhanda ardluais. I mí Eanáir 2024, d’fhoilsigh ComReg Cinneadh D03/24<sup>118</sup> inar ainmníodh Eircom Teoranta ag trádáil mar Eir agus Open eir (“Eircom”) mar ghnó ag a raibh CMS sa mhargadh RBF ar bhonn náisiúnta agus forchuireadh oibleagáidí éagsúla. Nuair a bhí margadh ar leithligh le haghaidh RBF á sainiú den chéad uair, bhí ComReg airdeallach ar cé chomh hinmhianaithe is a bhí sé rialachán CMS a chur i bhfeidhm chomh fada suas sa slabhra breisluacha teileachumarsáide agus ab fhéidir agus, nuair a bheadh sé iomchuí, an gá atá le rialachán CMS i margaí iarteachtacha a laghdú nó deireadh a chur leis b’fhéidir. Go dtí an tráth sin, bhí rochtain ar dhuchtaí agus ar chuailí Eircom arna rialú ag cinneadh 2018 ComReg i ndáil le RÁM, Cinneadh D10/18.<sup>119</sup>

I gCinneadh D03/24, bhreithnigh ComReg impleachtaí aistriú bonneagar fisiciúil Eircom lasmuigh de lorg an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda chuig Fibre Network Ireland Teoranta (FNI), cuideachta comhfhiontair a bhfuil 49.99% de na scaireanna inti faoi úinéireacht Eircom agus an chuideachta infheistíochta, Infravia Capital Partners, 50.01%. Tráth an idirbhirt, thug ComReg faoi deara go raibh Rialachán 15 de Rialacháin Rochtana 2011 (I.R. 334 de 2011) (a bhfuil Rialachán CCL 2022 curtha ina áit ó shin (I.R. 444 de 2022)) trucearta de bhrí gur cuimsíodh san idirbheart rún a bhí ag Eircom, mar oibrítheoir le CMS, *“...a shócmhainní líonra rochtana áitiúil nó cuid shuntasach de sin a aistriú chuig eintiteas dlíthiúil ar leithligh faoi úinéireacht dhifriúil, nó chun eintiteas gnó ar leithligh a bhunú le cur ar fáil do gach soláthraí miondíoltóra, lena n-áirítear rannáin mhiondíola, táirgí coibhíseacha le rochtain iomlán”* agus thug Eircom gealltanais maidir le comhlíonadh leanúnach le hoibleagáidí CMS do ComReg. I gCinneadh D03/24 chinn ComReg go raibh sé oiriúnach caitheamh leis an mbonneagar fisiciúil a bhí faoi úinéireacht FNI agus a bhí faoi úinéireacht Eircom mar líonra bonneagair fisiciúil amháin, a bhfuil a oibriú agus a bhainistiú faoi rialú Eircom go héifeachtach.

Ceanglaíonn Cinneadh D03/24 ar Eircom rochtain a sholáthar ar a dhuchtaí agus ar a chuailí go náisiúnta ar bhonn neamh-idirdhealaitheach ag praghsanna costasbhunaithe éifeachtúla. Athrú suntasach sa chur chuige i gcomparáid le Cinneadh D10/18 é an oibleagáid atá ar Eircom roinnt roghanna a sholáthar chun rochtain a fháil ar iarrthóirí

118. Cinneadh ComReg D03/24 [www.comreg.ie/publications/](http://www.comreg.ie/publications/)

119. Cinneadh ComReg D10/18 [www.comreg.ie/publications/](http://www.comreg.ie/publications/)

i ndáil le huainiú íocaíochtaí le haghaidh rochtain. Anois is féidir le hiarrthóirí rochtana íoc as cineálacha áirithe rochtain agus tairbhe a bhaint as laghdú ar chíosanna leanúnacha dá bharr. D'fhéadfadh sé sin a bheith cabhrach don chás infheistíochta i gcomhthéacs Eircom agus iarrthóirí rochtana. Chomh maith leis sin, thacaigh ComReg le roinnt bealaí nua chun rochtain a fháil ar líonra duchtaí Eircom, rud a bhí riachtanach i bhfianaise a thaithí ó rinneadh an cinneadh deiridh in 2018. Áiríodh ar na hoibleagáidí sin freisin faisnéis a sholáthar dá chustaiméirí mórdhíola faoina líonra duchtaí agus cuaillí, agus oibleagáidí chun SLanna a sholáthar. Ceanglaíonn cinneadh ar leithligh, Cinneadh D04/24, ar Eircom monatóireacht a dhéanamh ar a fheidhmíocht trí RBF a sholáthar trí thagairt a dhéanamh do shraith príomhtháscairí feidhmíochta (“PTFanna”) agus a leithéid a fhoilsiú. Cabhraíonn sé sin le ComReg, inter alia, a chinntiú go bhfuil rochtain á tairiscint ar bhonn neamh-idirdhealaitheach.

Tá na leigheasanna RBF nua seo deartha chun cur ar chumas iarrthóirí rochtana dréimire na hinfeistíochta a dhreapadh trí úsáid a bhaint as a líonra féin trí athúsáid a bhaint as an mbonneagar atá ar fáil do Eircom cheana féin. Is é an aidhm atá leis sin a chinntiú go mbeidh rolladh amach líonra níos éifeachtúla, rud a fheabhsóidh iomaíochas agus a chuirfidh dlús le luas agus le fairsinge imlonnú cábla snáthoptaice chuig an mbaile (FTTH) in Éirinn.

## Margadh Rochtain Áitiúil Mhórdhíola (RÁM)

Is margadh mórdhíola é an margadh RÁM trínár féidir le soláthraí seirbhíse miondíola (“SSM”) acmhainn leathanbhanda a fháil ar cíós ó oibríteoir líonra agus glacadh le freagracht as an trácht gaolmhar ag nó in aice leis an malartán áitiúil (i.e. go háitiúil). Cumasaíonn sé sin SSM, tríd an tseirbhís seo a nascadh lena líonra féin, seirbhís leathanbhanda, ceann go ceann, a thairiscint do thomhaltóirí, do ghnóthaí nó d'oibríteoirí eile. I mí Eanáir 2024, d'fhoilsigh ComReg Cinneadh D05/24 inar cinneadh gur lean Eircom ar aghaidh le CMS a bheith aige sa mhargadh seo agus a cheanglaíonn ar Eircom rochtain a chur ar fáil do sholáthraithe seirbhíse eile ar sheirbhísí leathanbhanda mórdhíola den chéad ghlúin eile ag praghsanna rialaithe.<sup>121</sup>

Áirítear ar na príomhoibleagáidí rochtain a sholáthar ar Rochtain Díchuachta Fhíorúil Mhórdhíola thar chumraíochtaí líonraí Cábla Snáthoptaice go Colbha agus Cábla Snáthoptaice chuig an mBaile ar bhonn neamh-idirdhealaitheach. Chomh maith leis sin, forchuireadh oibleagáidí tacaíochta éagsúla lena n-áirítear oibleagáid chun CLSanna a sholáthar d'iarrthóirí rochtana agus chun PTFanna áirithe a chur ar fáil do ComReg. Agus é airdeallach ar a oibleagáidí tacú le hiomaíochas fad is atá rolladh amach Líonraí An-Ardluais (LAAL) á spreagadh, dhear ComReg leigheasanna praghais chun na cuspóirí sin a chomhlíonadh. Dá réir sin, cuireadh méid áirithe solúbthachta praghais ar fáil do sheirbhísí FTTH díreach chun cosc a chur ar Eircom ó phraghsanna a shocrú chomh híseal sin go mbeadh infheistíocht iomaíoch (bonnphraghas) á foriamh agus ag an am céanna a chinntiú nach raibh praghsanna á socrú chomh hard sin nach bhféadfadh SSManna dul in iomaíocht i margaí miondíola (cúngach corrlaigh).<sup>122</sup> Cuireadh deireadh le toirmeasc ar lascaíní méideanna mórdhíola a forchuireadh in 2018<sup>123</sup> rud a thug cead do Eircom lascaíní agus promóisin mórdhíola a thairiscint faoi réir aon scéim dá leithéid a bheith á ceadú ag ComReg roimh ré.

120. Cinneadh ComReg D04/24 [www.comreg.ie/publications/](http://www.comreg.ie/publications/)

121. ComReg 24/07, Cinneadh D05/24, [www.comreg.ie/publications](http://www.comreg.ie/publications)

122. Chuir an rialú praghsanna a forchuireadh i gCinneadh D11/21 ComReg trínár ghlac ComReg leis an tSamhail Líonra Rochtana chun praghsanna mórdhíola áirithe a shocrú. D'achomharc Eircom Cinneadh ANM chuig an Ard-Chúirt (Eircom v ComReg, Ard-Chúirt, Uimh. Taifid 2022/12 MCA. Éisteadh an t-achomharc i mí Iúil 2022 agus táthar ag feitheamh ar bhreithiúnas.

123. ComReg 18/95, Cinneadh D11/18, [www.comreg.ie/publications](http://www.comreg.ie/publications)

I rith na bliana, bhreithnigh ComReg roinnt tograí do scéimeanna lascaine mórdhíola dá leithéid a bheith á dtairiscint ag Eircom.

Ar an 26 Deireadh Fómhair 2023, d'eisigh ComReg treoir a cheangal ar Eircom gan dhá lascaine mórdhíola a thairiscint le haghaidh táirgí leathanbhanda mórdhíola rialaithe i bhfianaise an toirmisc a bhí i bhfeidhm an t-am sin agus ar an nádúr frithiomaíoch a bhain leo dar leis. D'achomharc Eircom an treoir sin chuig an Ard-Chúirt ar an 22 Samhain 2023<sup>124</sup> ach ina dhiaidh sin thoiligh sé don achomharc a bheith á chaitheamh amach i mí an Mhárta 2024.<sup>125</sup> Ar an 23 Feabhra 2024, chuir Eircom Scéim Lascaine Mórdhíola FTTH (Fógra Mórdhíola Uimh. 2024-010) faoi bhráid ComReg. D'fhoilsigh ComReg Comhairliúchán 24/38<sup>126</sup> i ndáil lena mheasúnú a rinneadh ar an togra ar an 24 Bealtaine 2024. D'fhoilsigh sé a chinneadh deiridh ar an 30 Lúnasa 2024 inar sheas sé leis an gcead leanúint ar aghaidh bunaithe ar ábhair imní faoin tionchar is dócha a bheidh ag an scéim ar iomaíocht.<sup>127</sup> Ceadaíodh scéim eile a bhí fógartha ag Eircom thart ar an am céanna.

## Margadh Rochtana Lárnach Mórdhíola (RLM)

Tá an margadh RLM cosúil le RÁM ach amháin go dtarlaíonn aistriú tráchta ag líon beag suíomh lárnach. Ceadaíonn sé sin d'oibrítheoirí a bhfuil clúdach líonra teoranta acu seirbhís leathanbhanda ceann go ceann a chur ar fáil do thomhaltóirí.

In 2018, chinn ComReg go raibh CMS ag Eircom sa mhargadh seo i gceantair réigiúnacha, ina raibh níos lú áitreabh. I gCinneadh D05/24, chinn ComReg nach raibh CMS ag Eircom níos mó agus go bhféadfaí an margadh a dhírialáil go hiomlán, ag féachaint do rialú an mhargaidh RÁM réamhtheachtaigh agus leathnú líonraí oibrítheoirí eile, lena n-áirítear NBInna a bheith á rolladh amach faoin Scéim Náisiúnta Leathanbhanda. Dá bharr sin, baineadh an rialachán ar fad don mhargadh seo faoi réir tréimhse éagtha.

## Margadh Rochtana Mórdhíola ar Ardchaighdeán (RACM)

Is ionann RACM agus soláthar, ar bhonn mórdhíola, bandaleithead ardacmhainne ar ardchaighdeán a chur ar fáil d'úsáid ghnó. Go hiondúil, bíonn an tseirbhís siméadrach, i bhfocal eile, bíonn na luasanna céanna ar fáil sa dá threo (i gcomparáid le formhór na dtáirgí leathanbhanda tomhaltóra a thairgeann luasanna íoslódála níos airde ná luasanna uaslódála de ghnáth). Bíonn acmhainn ráthaithe de ghnáth agus dírithe ar chustaiméir amháin agus go hiondúil bíonn comhaontuithe leibhéal seirbhíse ar ardchaighdeán mar bhonn leo.

Amhail ó Mheitheamh 2024, tá an margadh seo á rialú faoi chinneadh 2020 ComReg, Cinneadh D03/20, inar taifeadh go raibh CMS ag Eircom i gceantair réigiúnacha áirithe. Áirítear ar na hoibleagáidí oibleagáidí chun rochtain mhórdhíola a sholáthar do sheirbhísí áirithe ar bhonn neamh-idirdhealaitheach a léiríonn a gcostas éifeachtach soláthair.

124. Eircom v ComReg, An Ard-Chúirt, Uimh. Taifid 2023/395.

125. I ndiaidh Chinneadh D05/24 ComReg [www.comreg.ie/publications/](http://www.comreg.ie/publications/) a fhoilsiú i mí Eanáir 2024 inar cuireadh deireadh leis an toirmeasc ar lascaí agus ar phromóisín mhórdhíola.

126. ComReg 24/38 [www.comreg.ie/publications](http://www.comreg.ie/publications)

127. Ar an 31 Bealtaine 2024, d'fhógair Eircom promóisean FTTH ar a dtugtar Fógra Mórdhíola 2024-021 ('WN2024-021') do ComReg. De bhrí go bhféadfadh promóisean FTTH WN2024-021 iarratas a dhéanamh freisin i gcomhair cuid den am ina bhféadfadh an scéim lascaine WN2024-010 a bheith i mbun feidhme, d'eisigh ComReg Comhairliúchán breise 24/57 [www.comreg.ie/publications/](http://www.comreg.ie/publications/) ar an 5 Iúil 2024 ar cuireadh clabhsúr leis ar an 19 Iúil 2024. Ar an 30 Lúnasa 2024 d'fhoilsigh ComReg Cinneadh D20/24 [www.comreg.ie/publications/](http://www.comreg.ie/publications/) gan WN2024-010 a cheadú agus d'fhoilsigh sé Cinneadh D21/24 freisin [www.comreg.ie/publications/](http://www.comreg.ie/publications/) a cheadaigh WN2024-021.

Bhí tús curtha le hathbhreithniú nua ar an margadh ó mhí an Mheithimh 2024 agus bhí sé beartaithe comhairliúchán a reáchtáil ag deireadh 2024 agus cinneadh deiridh a eisiúint ag deireadh 2025.

## Margadh Tarchurtha Leathanbanda Mórdhíola (TCM)

Is éard atá i gceist le TCM soláthar, ar bhonn mórdhíola, acmhainn chraolta chun críocha seirbhísí raidió agus teilifíse. Tá dhá fhomhargadh sainaitheanta ag ComReg agus is é RTÉ agus a fhochuideachta, 2RN, na soláthraithe aonair in Éirinn. Is ionann iad sin agus rochtain ar líonra fisiciúil túr agus crann faoi úinéireacht 2RN (“Margadh A TCM”), agus rochtain ar ilphictiúrlanna TDT faoi úinéireacht RTÉ (“Margadh B TCM”). Sa dá chás, áirítear ar na hoibleagáidí atá 2RN agus ar RTÉ rochtain mhórdhíola a sholáthar ar bhonn neamh-idirdhealaitheach a léiríonn a gcostas éifeachtach soláthair.

Chomh maith leis sin, bhí athbhreithniú á dhéanamh ar an margadh ó mhí an Mheithimh 2024 agus bhí sé beartaithe comhairliúchán a reáchtáil ag deireadh 2024 faoi na torthaí agus cinneadh a eisiúint ag deireadh 2025.

## Múchadh Copair (CSO)

I mí an Mhárta 2022, d’eisigh ComReg comhairliúchán maidir leis an ascnamh ó líonraí copair go dtí bonneagar nua-aimseartha (Múchadh Copair (CSO)). I mí na Samhna 2023, d’eisigh ComReg Cinneadh D09/23<sup>128</sup> ina leagtar amach an creat atá le comhlíonadh ag Eircom sular féidir le Eircom seirbhísí teileachumarsáide coparbhunaithe a aistarraingt agus a líonra copair a mhúchadh, ar bhonn malartaithe. Is í an chéad chéim an próiseas sainordaithe agus tá Togra Múchta le cur faoi bhráid ComReg ag Eircom lena cheadú. Níl a leithéid de thogra curtha i dtoll a chéile ag Eircom fós.

## Meánchostas Ualaithe an Chaipitil (WACC)

Sa chás go ndéanann ComReg idirghabháil chun praghsanna a shocrú bunaithe ar chostas ní mór dó cead a thabhairt don oibritheoir i gceist toradh réasúnach a fháil ionas gur féidir leis a chuid gníomhaíochtaí a mhaoiniú. Déantar é sin trí ráta toraidh éifeachtúil a shonrú i gcoibhneas leis méid an chaipitil leithdháilte ar mhargadh áirithe ar a dtugtar cóimheas toraidh ar chaipiteal a úsáidtear. Déantar é sin a mheas trí Mheánchostas Caipitil Ualaithe a ríomh arb ionann é agus an meánchostas a bhaineann le gnó a mhaoiniú ag cur a struchtúir fiachais/chothromais san áireamh.

I mí Dheireadh Fómhair 2020 d’fhoilsigh ComReg Cinneadh<sup>129</sup> maidir le Meánchostas Ualaithe an Chaipitil (WACC) sna hearnálacha móibíleacha, líne seasta agus craoltóireachta, atá le húsáid chun críche oibleagáidí rialaithe praghsanna a fhorchuirtear ar oibritheoirí CMS. Mar atá leagtha amach i gCinneadh 2020 Dheireadh Fómhair (Cinneadh WACC), athríomhann ComReg an WACC do gach earnáil go bliantúil agus, gach bliain ar nó i ndiaidh an 30 Meitheamh, foilsíonn sé, trí Fhógra Faisnéise, luachanna WACC nuashonraithe. Foilsíodh Fógra Faisnéise i mí Meithimh 2024 i dteannta le Nuashonrú Bliantúil 2024 WACC<sup>130</sup> agus cuirfear na luachanna nuashonraithe i bhfeidhm ar aon athbhreithniú ar phraghas a dhéanamh amach anseo. Foilseofar Nuashonrú Bliantúil WACC 2025 i Ráithe 2 2025.

128. ComReg 20/96, Cinneadh D09/20 [www.comreg.ie/publications](http://www.comreg.ie/publications)

129. ComReg 20/96, Cinneadh D10/20 [www.comreg.ie/publications](http://www.comreg.ie/publications)

130. ComReg 24/49 [www.comreg.ie/publications](http://www.comreg.ie/publications)

## Monatóireacht agus Comhlíonadh Margaidh

Déantar monatóireacht ar chomhlíonadh Eircom lena oibleagáidí CMS ar roinnt bealaí lena n-áirítear trí cheanglais fógra roimhe ré a bhaineann le gach athrú a chuir Eircom i bhfeidhm ar dhoiciméadacht foilsithe do Tháirgí Rochtana Rialaithe (RAPanna) agus d'athruithe ar chórais agus ar nósanna imeachta. Tugann ComReg aird ar leith ar mhonatóireacht a dhéanamh ar fhorbairt leanúnach líonraí snáthoptaice mórdhíola a bhfuil Eircom, Siro, Virgin Media agus NBI freagrach aisti, a úsáideann RAPanna RBF ó Eircom.

I rith na tréimhse, lean ComReg ar aghaidh le páirt a ghlacadh i gCeardlann Forbartha Táirgí mhíosúil atá á hóstáil ag Eircom agus leis an bhFóram Rannpháirtíochta Tionscail (IEF) a óstáil agus athsheoladh é in 2020 á stiúradh ag Cathaoirleach seachtrach. In 2023/24 bhí an fóram ag díriú ar RAPanna a bhain le RBF, rud a bhí ag teacht le treocht a tugadh faoi deara le roinnt blianta anuas. I mí Meithimh 2024, tionscnaíodh próiseas soláthair chun leanúint ar aghaidh le socrú cathaoirleachta IEF i gcomhair dhá bhliain bhreise.

I mí Meithimh 2021, d'eisigh ComReg treoir do Eircom, a ceartaíodh i mí Dheireadh Fómhair 2021, a thug sainordú do Eircom, mar chuid de na hoibleagáidí a d'fhorchuir Cinneadh D10/18, chun Táirge Rochtana Duchta a chur ar fáil ar a dtugtar Féinsuiteáil Fodhuchta. D'achomharc Eircom treoir ComReg chuig an Ard-Chúirt<sup>131</sup> agus éisteadh le hachomharc Eircom i mí Iúil 2022. I mí Bealtaine 2024, i ndiaidh glacadh le Cinneadh RBF ina sainordaítear Eircom chun táirge Féinsuiteála Fodhuchta a sholáthar, chaith an Ard-Chúirt amach achomharc Eircom ar thoilíú.

Chomh maith leis sin, déanann ComReg monatóireacht ar rannpháirtíocht idir-oibritheora ar fhadhbanna lena n-áirítear portú, aistriú agus idirnas Scirbhís Rochtana Idirlín (SRI). I mí Meithimh 2023, chuir ComReg gníomh i gcrích chun cur chun feidhme éifeachtach réiteach SRI díoltóirbhunaithe ar fud an tionscail a chinntiú agus ceapadh bainisteoir tionscadail tríú páirtí. Measadh go raibh an réiteach réidh do sheirbhís tráchtála an tionscail i mí na Samhna 2023 agus táthar ag leanúint ar aghaidh leis an monatóireacht atá á déanamh ag ComReg ar an bpróiseas idir-oibritheora a bhaineann le haistriú SRI.

## Forfheidhmiú Mórdhíola

Rinneadh 22 imscrúdú comhlíonta gníomhach i rith na tréimhse, a raibh trí cinn díobh oscailte i rith na tréimhse. Dúnadh cás amháin. Ar leithligh, osclaíodh cúig chás a bhain le mí-úsáid uimhreacha Éireannacha, agus dúnadh cúig chás.

As measc an 22 cás comhlíonta gníomhach mórdhíola, bhain 21 cás lena oibleagáidí CMS a bheith á gcomhlíonadh ag Eircom; ní raibh aon imscrúdú comhlíonta gníomhach á dhéanamh ar oibritheoirí móibíleacha.

I mí Bealtaine 2023, d'oscail ComReg imscrúdú ar chomhlíonadh Eircom le roinnt oibleagáidí Eircom forchurtha faoi Chinneadh D10/18 i ndiaidh do Eircom a fhógairt go mbeadh struchtúr praghanna nua á bhunú aige do tháirgí leathanbhanda mórdhíola. Mar chuid den imscrúdú, reáchtáil oifigigh údaráithe ComReg cuairt gan choinne ar áitreabh Eircom tráth ar urghabhadh sonraí. I ndiaidh an imscrúdaithe,

131. Eircom v ComReg, An Ard-Chúirt, Uimh. Taifid 2021/288 MCA.

rinne ComReg iarracht oibriú le Eircom chun a chinntiú go mbeadh rúndacht na sonraí urghafa á cosaint lena n-áirítear doiciméid phearsanta agus doiciméid a bhí á gcosaint ag pribhléid ghairmiúil dlíodóra. In éagmais rannpháirtíochta fiúntaí, chuir ComReg iarratas faoi bhráid na hArd-Chúirte faoi alt 61 d'Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002, ag lorg orduithe ón Ard-Chúirt chun cead a thabhairt do ComReg rochtain a fháil ar na doiciméid urghafa agus iad a athbhreithniú de réir Plean Céime.<sup>132</sup> Éisteadh iarratas ComReg i mí na Nollag 2023 agus ar an 2 Feabhra 2024, thug an Ard-Chúirt a breithiúnas a cheadaigh iarratas ComReg. I mbreithiúnas eile a rinneadh ar an 22 Feabhra 2024, chinn an Ard-Chúirt foirm chuí na n-orduithe a lorgaíodh agus cheadaigh sí Plean Céime chun athbhreithniú a dhéanamh ar an doiciméid a d'urghabh ComReg. Tá an Plean Céime curtha chun feidhme agus táthar ag leanúint ar aghaidh le himscrúdú ComReg.

Leanadh ar aghaidh le hullmhúcháin don éisteacht, lena n-áirítear fianaise shaineolach neamhspleách a mhalartú, i rith na bliana i ngníomh forfheidhmithe ComReg i gcoinne Eircom i ndiaidh do ComReg a chinneadh gur theip ar Eircom a oibleagáidí a chomhlíonadh chun faisnéis a chur ar fáil d'oibritheoirí eile maidir lena Thaifid Rochtana Éighníomhaí (PAR), a thairfeadann sonraí a bhonneagair éighníomhaigh lena n-áirítear duchtanna agus cuailí. Sa ghníomh forfheidhmithe seo a tionscnaíodh san Ard-Chúirt de bhua Rialachán 19 de Rialacháin Rochtana 2011,<sup>133</sup> lorgaíonn ComReg dearbhú maidir le neamhchomhlíonadh agus forchur fíneála. Tá sé beartaithe ag éisteacht a réachtáil i mí na Nollag 2024.

---

132. ComReg v Eircom, An Ard-Chúirt, Uimh. Taifid 2023/280 MCA, [2024] IEHC 49 and [2024] IEHC 106.

133. ComReg v Eircom, An Ard-Chúirt, Uimh. Taifid 2022/211 MCA.

## 8.

# Straitéis agus Eacnamaíocht

## Seimineár Gréasáin ComReg: Ról rialála forbarthach ComReg – ó chopar go néal

I mí na Bealtaine 2024, d'óstáil ComReg seimineár gréasáin maidir le ról rialála forbarthach ComReg. Ba é an smaoineamh a bhí mar bhonn leis an seimineár gréasáin go mbeidh leibhéal athraithe gan fasach ag tarlú i dtimpeallacht rialála ComReg sna blianta amach romhainn. Gach seans go mbeidh teicneolaíocht agus reachtaíocht AE nua fhorbarthach mar bhonn leis an méid atá á rialáil ag ComReg, a modh rialála, agus na scileanna a theastaíonn uaidh chun athrú a rialú ag athrú go suntasach. Beidh ar an tionscal déileáil le deiseanna agus le dúshlán fad is a bheidh iarracht á déanamh aige na forbairtí sin a nascleanúint.

Mhínigh Coimisinéirí ComReg ár dtúsphointe, an tslí a bhfuilimid ag smaoineamh ar an todhchaí agus conas is féidir le taithí agus le saineolas ó earnálacha eile cabhrú chun bonn eolais a chur ar fáil dár gcur chuige. D'fhreastail ionadaithe ó chomhlachtaí poiblí, oibritheoirí, an tsochaí shibhialta agus grúpaí tomhaltóirí ar an seimineár gréasáin.

## Suirbhé Nascachta Leathanbhanda 2023

I mí Lúnasa 2023, d'fhoilsigh ComReg torthaí Shuirbhé Nascachta Leathanbhanda 2023. Soláthraítear léargas sa suirbhé ar úsáid, ar thuiscintí agus ar eispéiris úsáideoirí leathanbhanda baile, lena n-áirítear clúdach líonraí leathanbhanda ardluais. Sa suirbhé díreann ar thopaicí a bhaineann le nascacht leathanbhanda lena n-áirítear:

- Rochtain ar leathanbhanda baile;
- Leathanbhanda baile a úsáid lena n-áirítear úsáid ghléis;
- Pleananna leathanbhanda baile;
- Seirbhís agus pleananna leathanbhanda baile;
- Fadhbanna a tugadh faoi deara;
- Ascnamh chuig leathanbhanda baile snáthoptaice iomlán.

Tríd is tríd, léirítear i dtorthaí an tsuirbhé an tábhacht a bhaineann le seirbhís leathanbhanda bhaile a chur ar fáil do thomhaltóirí Éireannacha.

# 44%

Oibríonn 44% de fhreagróirí ón mbaile ar líne lá amháin sa tseachtain ar a laghad agus oibríonn trian de na freagróirí trí lá in aghaidh na seachtaine ón mbaile ar a laghad.

Faisnéis maidir le hascnamh chuig leathanbhanda snáthoptaice:

- Tá na leibhéil sástachta an ard - thagair 88% do nasc i bhfad níos tapa.
- Tá seans ann go molfaidh trí cheathrú de na daoine leathanbhanda snáthoptaice.
- Tá seans ann go bhfaighidh breis is leath de na daoine atá gan leathanbhanda snáthoptaice an cineál sin leathanbhanda má bhíonn sé ar fáil lena n-áirítear iad siúd atá ina gcónaí i gceantair níos tuaithe, iad siúd atá ag obair ón mbaile níos minice agus iad siúd atá ina gcónaí i dteaghlaigh níos mó.

Tugann an suirbhé léargas úsáideach ar an tslí a bhfuil úsáid leathanbhanda sa bhaile in Éirinn ag forbairt de réir mar atá clúdach líonraí leathanbhanda ardluais ag forbairt ar fud na tíre agus de réir mar atá an chianobair ag éirí níos coitianta.

# Idirnáisiúnta

## Comhlacht na Rialtóirí Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC)

Le linn na bliana seo, lean ComReg de bheith rannpháirteach go gníomhach i gComhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC), a fheidhmíonn mar ardán tábhachtach chun cur chun feidhme comhsheasmhach an chreata rialála don chumarsáid leictreonach san Aontas Eorpach a áirithiú agus lena gceadaítear malartú rialála idir údaráis rialála náisiúnta (ÚNRanna). Áirítear ar bhallaíocht BEREC gach ÚRN ón 27 Ballstát den Aontas Eorpach, ionadaithe ón gCoimisiún Eorpach, tíortha ón Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE), agus ó na tíortha poitéinsiúla is iarrthóra ón Aontas Eorpach, lena n-áirítear ón Úcráin agus tíortha ó na Balcáin Thiar.

I rith na tréimhse tuairiscithe seo, d'fheidhmigh Coimisinéir ComReg (agus Cathaoirleach), Robert Mourik, mar ionadaí ComReg ar Bhord Rialtóirí (BoR) agus toghadh é mar Leaschathaoirleach BEREC i gcomhair 2024, agus chun glacadh le ról Chathaoirleach BEREC i gcomhair 2025. Tá formhór ghníomhaíochtaí idirnáisiúnta ComReg dírithe ar chabhrú leis na táirgí insoláthartha atá leagtha amach i gClár Oibre BEREC 2023 agus 2024 a chomhlíonadh. D'éiligh sé sin rannpháirtíocht ghníomhach shaineolaithe ComReg in 12 Mheitheal BEREC agus Comhchathaoirleacht a dhéanamh ar Mheitheal Éabhlóid Líonra Gan Sreang (WNE).

I measc na dtionscadal BEREC ar chabhraigh ComReg leo bhí, i measc tionscadal eile, dhá Bharúil maidir le (i) forbairtí margaidh agus teicneolaíochta agus a dtionchar ar chur i bhfeidhm ceart úsáideoirí deiridh in CCLE, agus (ii) cur chun feidhme náisiúnta agus feidhmiú an chórais údaraithe ghinearálta, agus Tuarascáil BEREC ar néalseirbhísí agus ar imeall-ríomhaireacht. Lena chois sin, is ball gníomhach é ComReg de Mheitheal BEREC ar Inbhuanaitheacht, agus tá tuarascálacha á fhoilsiú aige maidir le tionchar na ré digití ar an timpeallacht, lena n-áirítear an fhaisnéis is déanaí maidir le 'Úsáideoirí deiridh a chumhachtú trí thrédhearcacht chomhshaoil maidir le táirgí digiteacha'. Chabhraigh an Mheitheal seo chun léargas straitéiseach a fhorbairt ar tháscairí inbhuanaitheachta comhshaoil comhchuibhithe chun tionchar comhshaoil cumarsáide leictreonaí a thomhas, agus tuarascáil faoin ábhar seo a fhoilsiú. Cuireadh an méid sin san áireamh in obair an Choimisiúin Eorpaigh ar tháscairí comhshaoil don earnáil, a bheidh á chur san áireamh amach anseo san obair a dhéanamh ar an gCód Iompraíochta do Theileachumarsáid.

Baineann sruth oibre leanúnach Mheitheal Inbhuanaitheachta BEREC le cumhachtú úsáideoirí deiridh trí thrédhearcacht chomhshaoil maidir le táirgí agus seirbhísí digiteacha. Áirítear ansin suirbhéanna a seoladh chuig ÚRNanna maidir le tionscnaimh tomhaltóirí sa spás seo, ceardlanna leis an gCoimisiún Eorpach, BEUC (Eagraíocht Tomhaltóirí na hEorpa) agus EEB (Biúró Comhshaoil na hEorpa), agus dréacht-tuarascáil atá le foilsiú gan mhoill ar thionchar comhshaoil na comhroinnté bonneagair.

Lean ComReg agus baill eile de BEREC ar aghaidh le faisnéis faoi na tionscnaimh a chuir oibrítheoirí teileachumarsáide Eorpacha i gcrích a mhonatóirí agus a thiomsú chun cabhrú le dídeanaithe atá ag dul isteach san AE ón Úcráin.

## **An Grúpa Rialtóirí Neamhspleácha (IRG)**

Lean ComReg ar aghaidh le páirt ghníomhach a ghlacadh sa Ghrúpa Rialtóirí Neamhspleácha (IRG), a oibríonn i ndlúthchomhar le BEREC agus a bhunaigh grúpa de ÚRNanna Eorpacha in 1997. Cabhraíonn IRG le ÚRNanna chun acmhainn a fhorbairt, eispéiris a chomhroinnt agus faisnéis a bhailiú faoi cheisteanna tábhachtacha a bhaineann ní hamháin le rialú margaí teileachumarsáide ach freisin le ceisteanna nua maidir le Sonraí, Intleacht Shaorga agus Ardán Digiteach a rialú.

Chomh maith leis sin, bhain ComReg tairbhe as feidhm comhroinnte sonraí IRG chun tuairimí Bhaill IRG a lorg maidir lena dtaithe ar ghlaonna agus téacsanna camscéime / calaiois cumarsáide ciapaireachta. Lena chois sin, bhreithnigh agus d'fhreagair ComReg 59 iarratas ar fhaisnéis maidir le hábhair a dháil Baill IRG eile, cosúil le rialachán siméadrach, carranna nasctha, seirbhísí ardráta, trealamh teirminéil rochtain gan sreang sheasta, agus ábhair eile nach iad.

Is gníomhaíocht thábhachtach í rannpháirtíocht leanúnach ComReg in IRG, de bhrí go gcabhraíonn sí chun tacú le comhroinnt faisnéise agus le piarfhoghlaim idir ÚRNanna, a fheabhsaíonn leibhéal chomhchuibhithe rialacháin ar fud na hEorpa.

## **An Coiste Cumarsáide (CoCom)**

Is coiste comhairle ardleibhéil atá ag freastal ar an gCoimisiún Eorpach é an Coiste Cumarsáide (CoCom) a bunaíodh in 2002 faoin gCreat-Treoir (Treoir 2002/21/CE, arna leasú). Páirteach in CoCom tá ionadaithe Ballstáit agus is é an príomhról atá aige roghanna a sholáthar maidir le dréachtbhearta a bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún glacadh leo. Ghlac ComReg páirt in, mar chuid de thoscaireacht na hÉireann do CoCom, chun tacú le hionadaithe ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

## **Dualgais chláir á gcur i gcrích ag an Aonad Idirnáisiúnta**

Lena chois sin, lean an tAonad Idirnáisiúnta ar aghaidh le páirt a ghlacadh i sruthanna oibre cláir ad-hoc agus seachtracha eile a bhfuil tionchar acu ar ComReg. Mar shampla, chomhordaigh sé freagra ComReg ar Innéacs Gheilleagar agus Shochaí Dhigiteach (DESI) 2022 an Choimisiúin Eorpaigh, 107 trí shonraí margaidh teileachumarsáide ábhartha a chomhdú leis an gCoimisiún Eorpach.


Lean aonaid gnóthaí idirnáisiúnta ComReg agus Ofcom (rialtóir cumarsáide na Ríochta Aontaithe) ar aghaidh le plé déthaobhach ar ábhair chomhleasa, i ndiaidh don Ríocht Aontaithe a ballraíocht den Aontas Eorpach a aistarraingt go foirmiúil ón Aontas Eorpach agus BEREC a fhágáil ina dhiaidh sin.

## **An Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE)**

Is ball é ComReg de Líonra na Rialtóirí Eacnamaíochta (NER), fochomhlacht de Choiste Beartais Rialála ECFE, an Mheitheal um Beartas Bonneagar agus Seirbhísí Cumarsáide (WPCISP), meitheal de chuid Choiste um Beartas Geilleagair Dhigitigh ECFE (CDEP), agus rannpháirtí i nGrúpa Saineolaithe Rialáil Níos Fearr san Aois Dhigiteach (BRIDGE) ECFE.

## An tIonad um Rialáil san Eoraip (CERRE)

Is ball de CERRE é ComReg agus bhí sé páirteach i gcoistí stiúrtha tionscadail. Áiríodh orthu seo: 'Iomaíocht agus Rialáil Seirbhísí Néalríomhaireachta: Anailís agus Athbhreithniú Eacnamaíoch ar Bheartais AE' (2024), 'Acht Sonraí: I dTreo Rialachán Sonraí AE Cothromaithe' (2023), 'Idir-inoibritheacht agus Margáí Digiteacha' (March 2022), 'Comhéadain Oscailte agus Nuálaíocht i dTeileachumarsáid' (Meán Fómhair 2022) agus 'Seirbhísí Aitheantais Dhigitigh sa Gheilleagar Ardáin' (Deireadh Fómhair 2022).



# Seirbhísí Corparáideacha

## Rialachas

Is é cuspóir ComReg comhlíonadh a chinntiú, i gcónaí, le dea-chleachtas i Rialachas Corparáideach.

Is é beartas ComReg Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 a chomhlíonadh agus thuairiscigh sé ar chomhlíonadh rannóg ábhartha den Chód sa Tuarascáil Bhliantúil seo nó ar leithligh trí litir a sheoladh chuig an tAire Cumarsáide, Aeráide agus Comhshaoil.

Tá clár iniúchta fairsing bunaithe ag ComReg, a bhfuil a Choiste Iniúchta i mbun maoirseachta a dhéanamh air, agus bhuaill baill an Choiste Iniúchta sin le chéile ceithre huairé i rith na bliana. Tá an fheidhm iniúchta inmheánaigh seachfhoinsithe. Chomh maith leis sin, tá iontaobhaí neamhspleách na scéime pinsin ceaptha, d'fhonn cloí le dea-chleachtas.

Mar chomhlacht poiblí atá ag feidhmiú i dtimpeallacht dhúshlánach, dúshlán leanúnach is ea leanúint ar aghaidh le breisluach a chur leis fad is a atáthar ag obair laistigh de shrianta acmhainní. Déanaimid athbhreithniú leanúnach agus leasaímid beartais agus nósanna imeachta a bhaineann le caiteachas, le soláthar agus le bainistíocht riosca. Tá ComReg cuntasach don Oireachtas trí Choistí Oireachtais.

Tá sé mar aidhm le cur chun feidhme leanúnach an phlean soláthair luach ar airgead a chinntiú, seirbhís ar ardchaighdeán a chur ar fáil don phobal agus soláthar a eagrú ar bhealach comhlíontach. I rith na bliana, d'eagraíomar tairiscint iomaíocht i ndáil le seirbhísí seachfhoinsithe. Leanamar Treoracha Soláthair Eorpacha do chonarthaí níos mó. Bhaineamar úsáid as Creat-Chomhaontuithe na hOifige Oifig um Sholáthar Rialtais nuair ab fhéidir.

Tá sé mar aidhm againn gach sonrasc bailí a íoc laistigh de 15 lá agus foilsímid ar ár suíomh gréasáin líon agus luach na n-íocaíochtaí a dhéantar gach ráithe. Táimid ag leanúint ar aghaidh le hamanna timthrialla próiseála oibre a fheabhsú, trí chomhoibriú na mball foirne ar fad agus trí thionscnaimh theicneolaíocha nua a forbraíodh go himmheánach chun próiseáil a fheabhsú. Sa bhliain go dtí an 30 Meitheamh 2024, bhí 96% d'íocaíochtaí déanta laistigh den tréimhse ama riachtanach.

## Cumarsáid agus Gnóthaí Poiblí

Ar aon dul le ráiteas straitéise ComReg, príomhspríoc de chuid ComReg é oibriú ar bhonn réamhghníomhach le go leor dá pháirtithe leasmhara. Tá raon leathan páirtithe leasmhara ag ComReg lena n-áirítear tomhaltóirí agus a ngrúpaí ionadaíocha, oibrítheoirí údaraithe, grúpaí ionadaíocha tionscadail mar aon le comhlachtaí agus le ranna rialtais baile agus idirnáisiúnta eile, agus páirtithe leasmhara eile nach iad freisin.

I rith thréimhse na tuarascála seo, tháinig an Coimisinéir Helen Dixon os comhair an Chomhchoiste Oireachtais um Iompar agus Cumarsáid ar an 22 Bealtaine 2024 i ndáil le beartas forfheidhmithe agus oibriú chumhachtaí forfheidhmithe ComReg.

Úsáidimid cainéil éagsúla, lena n-áirítear suíomh gréasáin ComReg, na meáin, na meáin shóisialta, chun a theachtaireacht a roinnt. Creidimid go gcabhraíonn rannpháirtíocht oscailte le gach páirtí leasmhara le ComReg lena chuid oibre mar údarás rialála náisiúnta. I rith na tréimhse, d'fhoilsíomar 194 doiciméad ar shuíomh gréasáin ComReg.

## An Ghaeilge

I mbliana, lean ComReg ar aghaidh le ceanglais reachtúla a bhain leis an nGaeilge a chomhlíonadh. Cuireadh seirbhísí trí Ghaeilge ar fáil do thomhaltóirí, agus bhí baill foirne a bhí ag obair sa lárionad glaonna Cúraim Tomhaltóirí ar fáil chun fiosrúcháin as Gaeilge a phlé. Sáraíodh spriocanna fógraíochta Gaeilge na hearnála poiblí agus cuireadh tuarascáil faoi bhráid an Choimisinéara Teanga i mí na Nollag 2023. Reáchtáladh trí chiorcal comhrá Cupán Caife, ceann i mí na Samhna 2023, ceann i mí an Mhárta 2024 agus ceann i mí na Bealtaine 2024. Cuireadh cúrsaí páirtaimseartha Gaeilge ar fáil do bhaill foirne nuair a iarradh a leithéid.

## Inbhuanaitheacht Chomhshaoil agus Oiriúnú Athléimneach in ainneoin an Athraithe Aeráide

Tacaíonn ComReg leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC), lena haighneacht bhliantúil don earnáil cumarsáide mar fhreagairt do mheasúnuithe scórchárta oiriúnaithe earnálach na Comhairle Comhairlí um Athrú Aeráide (CCAA). Chomh maith leis sin, cuireann ComReg faisnéis ar fáil do Phleananna Gníomhaithe ar son na hAeráide (CAP) bliantúla an Rialtais i ndáil le gníomhartha a bhaineann leis an earnáil cumarsáide.

Bhí ComReg páirteach san fhochoiste le haghaidh Mheasúnú um Athrú Aeráide na hÉireann Imleabhar 3 GCC (tuarascáil ICCA), i ndáil leis na rannóga faoin earnáil cumarsáide. Tá ComReg páirteach i nGrúpa Saineolaithe Mheasúnú Riosca Náisiúnta an Athraithe Aeráide (NCCRA) na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (GCC).

## Gníomhú ar son na hAeráide

Mar chuid de Shainordú um Gníomhú ar son na hAeráide na Seirbhíse Poiblí, bhunaigh ComReg 'Foireann Ghlas', atá ag tuairisciú don fhoireann bainistíochta shinsearach. Lena chois sin, tá Treochlár um Gníomhú ar son na hAeráide forbartha againn. Bunaíodh an ceanglas go mbunódh comhlachtaí earnála poiblí Foirne Glasa agus Treochlár um Gníomhú ar son na hAeráide i bPlean um Gníomhú ar son na hAeráide 2023 agus rinneadh tuilleadh forbartha air i bPlean um Gníomhú ar son na hAeráide 2024. Tá ár dTreochlár dírithe ar phleananna ComReg chun astaíochtaí iomlána a bhaineann le fuinneamh agus chun astaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise ónár n-oibríochtaí a laghdú. Leagtar amach pleananna ComReg chun Sainordú um Gníomhú ar son na hAeráide na hEarnála Poiblí a chur chun feidhme, trí ghníomhartha an tSainordaithe a chur i gcrích agus tuairisciú maidir leo. Chomh maith leis sin, cuirfimid oiliúint maidir le gníomhú ar son na haeráide agus inbhuanaitheacht san áireamh i straitéisí foghlama agus forbartha.

Tá ComReg tiomanta do ról a imirt tríd an ngníomhaíocht athraithe aeráide chuí a dhéanamh chun astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa (GHG) na hÉireann a laghdú 51% faoin mbliain 2030. Tá ról lárnach ag oibriú le daoine atá ag obair in ComReg inár gcumas ár spriocanna athraithe aeráide a chomhlíonadh. Tá an bonneagar inmheánach bunaithe againn maidir le conas a mbainistimid ár dtionscnaimh inbhuanaithe. Tá ár bhFoireann Ghlas ag feidmiú mar thiománaí comhtháite inbhuanaitheachta in ComReg. Is é an príomhchuspóir atá acu díriú ar bhainistíocht fuinnimh agus dlús a chur le héifeachtúlacht a bhaineann lenár n-úsáid fuinnimh. Is é an cuspóir tánaisteach atá acu dlús a chur le feacht trí thionscnaimh inbhuanaitheachta san eagraíocht. Tá tionscnaimh inbhuanaitheachta bunaithe againn chun an Sainordú a chur chun feidhme.

Lena chois sin, úsáideann ComReg an próiseas Soláthair Phoiblí Ghlais (GPP) chun earraí, seirbhísí nó oibreacha lena mbaineann tionchar comhshaoil laghdaithe a fhoinsiú. Úsáidtear an treoir agus na critéir tionlacain GPP, atá foilsithe ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC), chun tacú lenár nósanna imeachta soláthair agus chun tacú le huailmhianta um ghníomhú ar son na haeráide lena n-áirítear éifeachtúlacht fuinnimh feabhsaithe. Tá sonraí a bhaineann le GPP le fáil inár bPlean Soláthair Chorparáidigh (CPP). Clúdaítear soláthar glais in oiliúint soláthair freisin.

De réir fhorálacha Imlitir 01/2020, taifeadann ComReg, déanann sé monatóireacht air agus luachálann sé na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le húsáid oifigiúil aerthaistil agus cuireann sé íocaíocht ar fáil do Bhainisteoir Cistí an Chiste um Ghníomhú ar son na hAeráide reachtúil a bhaineann leis na hastaíochtaí sin don bhliain roimhe sin. Chuir ComReg a Thuairisceán Bliantúil 2023 agus íocaíocht a bhain leis na hastaíochtaí fritháirithe a bhain le haerthaistéal oifigiúil faoi bhráid an Chiste um Ghníomhú ar son na hAeráide i mí Feabhra 2024.

## Teicneolaíocht Faisnéise

De réir bheartas Rialtais, lean ComReg ar aghaidh lena chórais agus lena fheidhmchláir TF a fhorbairt agus a choinneáil slán.

Táimid ag leanúint ar aghaidh lenár dtairiscint seirbhíse ar líne a fheabhsú don tomhaltóir agus don tionscal, trí infhaighteacht uirlisí agus acmhainní cosúil le Seiceálaí Leathanbhanda agus Léarscáil an Chlúdaigh Mhóibíligh.

Tá tuilleadh éifeachtúlachtaí agus feabhsuithe tugtha faoi deara i ndáil le bailiú agus le hanailís sonraí margaidh.

Tacaíonn ComReg le samhail tús áite do shlándáil, agus leagtar béim ar ardáin nua-aimseartha, shlána, chomhoibritheacha a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

De réir mar a bheidh ár sainordú ag forbairt, beidh lorg digiteach ComReg ag forbairt, ach táimid ag leanúint ar aghaidh le béim a leagan ar chórais TF atá slán agus inscálaithe a sholáthar.

## Acmhainní Daonna agus Sármhaitheas Oibríochtúil

Tréimhse athraithe agus fáis do ComReg agus don fhoireann Acmhainní Daonna ba ea 2024 tráth ar leagadh béim shuntasach ar earcú, ar choinneáil agus ar rannpháirtíocht ball foirne.

I mí Eanáir, rollamar amach Suirbhé Rannpháirtíochta Fostaithe don fhoireann ar fad agus ina dhiaidh sin d’eagraíomar sraith ceardlann le baill foirne faoi na príomhcheisteanna seo a leanas:

- **Éagsúlacht**
- **Dul Chun Cinn agus Deiseanna Gairme**
- **Taithí Fostaithe**

Mhúnlaigh an t-aschur ón suirbhé, meithleacha agus plé a rinneadh ina dhiaidh sin leis an bhfoireann cheannaireachta an plean Acmhainní Daonna i gcomhair 2024.

Tá ComReg tiomanta do thacú le comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú (EDI) san áit oibre agus mar léargas ar an tiomantas sin, d’oibríomar le hIonad um Éagsúlacht na hÉireann agus d’éirigh linn Creidiúnú Boinn Chré-umha a fháil in 2024. Mar chuid den tionscadal seo, chuir Ionad um Éagsúlacht na hÉireann cúrsaí oiliúna ar fáil don Fhoireann Ceannaireachta agus don fhoireann ar fad. Táthar tar éis comhaontú ar sceideal athbhreithnithe do gach beartas Acmhainní Daonna atá dírithe ar EDI agus tá an Oifig Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas bunaithe in Acmhainní Daonna.

Chomh maith leis sin, d’fhoilsigh ComReg a Phróiseas Socruithe Réasúnta chun tacaíocht rúnda a chur ar fáil do bhaill foirne faoi mhíchumas agus rinne gach ball foirne Acmhainní Daonna cúrsaí oiliúna chun tacú le Néara-éagsúlacht san áit oibre. Tá tús curtha againn leis an bpróiseas chun Creidiúnú Boinn Airgid a fháil agus tá ár bplean EDI 2025 á dhréachtú againn de réir na moltaí a rinne Ionad um Éagsúlacht na hÉireann.

Áirítear ar ár bPlean Folláine ComWell rannpháirtíocht agus ionchuimsiú fostaithe, atá mar bhonn lenár dtiomantas chun comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú a chur chun cinn san áit oibre. I rith na tréimhse, rinneamar ceiliúradh ar Lá Idirnáisiúnta na mBan, Bród na nAerach, Feasacht ar Shláinte na bhFear, Feasacht ar Mheabhairshláinte agus d’eagraíomar seisiúin maidir le hábhair imní a bhain le sláinte phearsanta cosúil le sláinteachas codlata agus bainistíocht struis. Anuas air sin, thionscain an fhoireann folláine sraith seisiún oiliúna bainistíochta airgeadais le Employee Financial Wellbeing, agus tugadh rochtain do bhaill foirne ar sheisiúin ghrúpoiliúna agus ar chlinicí pleanála airgeadais duine le duine a bhí saincheaptha go haonair chun freastal ar a gcuid riachtanas.

I mí Feabhra, fuairamar cead chun 55 ról breise a bhunú mar thoradh ar ár gcleachtadh Pleanála Lucht Oibre 2023. Go dtí seo, tá 33 ról líonta againn. Tá ComReg tiomanta dá fhoireann a fhorbairt agus do fhreastal ar riachtanais athraitheacha na heagraíochta agus a cuspóirí forbartha pearsanta. Cuimsítear inár bpróiseas bainistíochta feidhmíochta bliantúil spriocanna foghlama agus forbartha chun a chinntiú go bhfuil na scileanna, an t-eispéireas agus na hinniúlachtaí cearta ag ár bhfoireann chun freastal ar riachtanais athraitheacha na heagraíochta. Bhí an infheistíocht sin inár bhfoireann mar bhonn le méadú ar líon na mball foirne ComReg ar éirigh leo dul chun cinn a dhéanamh inár gcomórtais earcaíochta. Tá an fhoireann Foghlama agus Forbartha ag leanúint ar aghaidh ag tacú leis an tionscnamh seo trí chúrsaí oiliúna i scileanna agallaimh a chur ar fáil agus trí chúrsaí uasoiliúna i gcóitseáil Ghairme a dhéanamh.

Ag súil le sainordú níos fairsinge ComReg, tá tionscadal pleanála lucht oibre suntasach curtha i gcrích agus tá iarratas ar ról nua curtha faoi bhráid ár Roinne. Éileoidh go leor de na ról nua seo scileanna speisialaithe agus tá scrúdú á dhéanamh againn ar bhealaí chun ár bpíblíne tallainne a fhorbairt, go himmheánach agus go seachtrach.

I mbliana d'oibríomar i gcomhpháirt le Coláiste Náisiúnta na hÉireann ar Intéirneacht Acmhainní Daonna agus d'oibríomar leis an Oifig Printíseachta agus é beartaithe againn díriú ar Phrintíseacht TF in 2025. Tá an fhoireann Foghlama agus Forbartha ag leanúint ar aghaidh ag tacú le Céimithe atá ag díriú ar an dara bliain dá gclár. I mbliana, bhain siad tairbhe as clár meantóireachta agus as Clár Céimithe Fhoras Bainistíochta na hÉireann. Tá tús curtha againn le hobair ar ár gClár Céimithe 2025 agus é mar aidhm againn an clár a fhorbairt agus díriú ar Chúrsa Oiliúna Dlí.

## Éagsúlacht agus Ionchuimsiú a Chur Chun Cinn

Is iad Éagsúlacht agus Ionchuimsiú bunchlocha ár bpleanála fála tallainne agus d'oibríomar le Back to Work Connect chun ár ról a fhógairt, agus leagamar béim ar an tsolúbthacht a bhaineann lenár dTimpeallacht Oibre Cumaisc agus leis na tacaíochtaí iontacha atá ar fáil laistigh dár soláthar ComWell do dhaoine atá ag fillleadh ar an obair i ndiaidh tréimhse fhada. Mar chuid den obair atá á déanamh againn chun creidiúnú Boinn Airgid a fháil tá athbhreithniú á dhéanamh againn freisin ar ár bhfógraíocht earcaíochta agus ar ár bpróisis inrochtaineachta.

Tá an fhoireann Acmhainní Daonna tiomanta d'eispéireas fostaí den chéad scoth a chur ar fáil. Tá athbhreithniú á dhéanamh againn ar ár gcórais Acmhainní Daonna, tá tascanna riaracháin á n-uathobriú againn chun rioscaí cosanta sonraí a laghdú agus chun éifeachtúlachtaí a fheabhsú. Tá tionscadal á chur i gcrích againn chun athbhreithniú a dhéanamh ar gach beartas agus nós imeachta Acmhainní Daonna, L agus D agus H agus S, obair atá le cur i gcrích in 2025. Is é cuspóir an athbhreithnithe sin a chinntiú go bhfuilimid cothrom le dáta agus comhlíontach le reachtaíocht mar aon leis an deis a thapú chun uathobriú a dhéanamh, éifeachtúlachtaí a aimsiú agus a chinntiú go bhfuil ár mbeartais ábhartha agus go gcuirtear gach duine san áireamh iontu.

Ceanglaítear ar ComReg alt 25, alt 26, alt 27 agus alt 28 d'Acht um Míchumas, 2005, a chomhlíonadh. Faoin Acht, cinntíonn ComReg go bhfuil rochtain ag daoine faoi mhíchumas ar na limistéir phoiblí dár bhfoirgneamh agus go bhfuil rochtain ag daoine faoi mhíchumas ar ár seirbhísí poiblí freisin.



# Ráitis Airgeadais

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN  
30 MEITHEAMH 2024

## Rannóg

## Leathanach

1. Comhaltaí an Choimisiúin agus Eolas Eile	80
2. Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí an Choimisiúin	81
3. Ráiteas ar Rialú Inmheánach	88
4. Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	91
5. An Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cuntas Leithghabhála	93
6. Ráiteas Ioncaim Chuimsithigh	95
7. An Ráiteas ar an Staid Airgeadais	96
8. Ráiteas Sreabhaidh Airgid	98
9. Nótaí Leis na Ráitis Airgeadais	99

1.

# Comhaltaí an Choimisiúin agus Eolas Eile

## An Coimisiún

Amhail ar an 30 Meitheamh 2024, bhí triúr Coimisinéirí ag obair don Choimisiún

Robert Mourik – Cathaoirleach

Garrett Blaney – Coimisinéir

Helen Dixon – Coimisinéir (a ceapadh an 20 Feabhra 2024)

## Oifigí

1 Lárcheantar na nDugaí

Sráid na nGildeanna

Baile Átha Cliath 1

## Iniúcháirí

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

3A Sráid an Mhéara Uachtarach

Baile Átha Cliath 1

## Baincéirí

Banc na hÉireann

6 – 7 Sráid Uí Chonaill Íochtair

Baile Átha Cliath 1

## 2.

# Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí an Choimisiúin

## Rialachas

Bunaíodh an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg) ar an 1 Nollaig 2002. Tá feidhmeanna an Choimisiúin sonraithe in Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002, agus in Acht um Rialáil Cumarsáide (Leasú), 2007. Baineann na feidhmeanna seo le rialú agus le ceadúnú an tionscail chumarsáide leictreonáil (lena n-áirítear tarchur raidió agus craolacháin), rialú seirbhísí poist, rialú seirbhísí ardráta agus rialú an ainm fearainn .i. Tá an Coimisiún á mhaoiniú go hiomlán ag ioncam faighte ó chumarsáid leictreonach, tionscail seirbhísí poist agus ardráta.

Sonraítear in Alt 11 d'Acht 2002, faoi réir Acht 2002, go mbeidh an Coimisiún ag feidhmiú go neamhspleách nuair a bheidh a fheidhmeanna á bhfeidhmiú aige. Sonraítear in Alt 14 den Acht go gcuimseofar sa Choimisiún Coimisinéir amháin agus nach mó ná triúr Coimisinéirí agus faoi réir an Achta seo, féadfaidh an Coimisiún a nós imeachta féin a rialú. Tá an Coimisiún freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus cuireann sé an tasc sin i gcrích trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a shonrú agus trí chinntí straitéiseacha maidir le gach príomhcheist ghnó a dhéanamh. Is é an Coimisiún agus an Fhoireann Ceannaireachta atá freagrach as bainistíocht, rialú agus treo laethúil, rialta ComReg. Ní mór don fhoireann Ceannaireachta an treo straitéiseach ghinearálta atá sonraithe ag an gCoimisiún a leanúint, agus ní mór dó a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag baill uile an Choimisiúin ar na príomhghníomhaíochtaí agus ar na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar aon riosca suntasach a d'fhéadfadh a bheith ann.

## Freagrachtaí an Choimisiúin

Leagadh obair agus freagrachtaí an Choimisiúin amach in Acht 2002 ar dtús. Tá ár gcuspóirí leagtha amach de réir na reachtaíochta príomhúla agus tánaistí, agus tá an creat reachtach seo á fhorbairt ó ritheadh Acht 2002 agus Acht um Rialáil Cumarsáide (Rialachán), 2007. In 2007, méadaíodh freagrachtaí agus cumhachtaí ComReg, mar aon leis na bearta forfheidhmithe a bhí ar fáil, trí Acht um Rialáil Cumarsáide (Leasú), 2007.

Foráiltear in Alt 21 d'Acht 2002 'gur féidir feidhmiú fheidhmeanna an Choimisiúin a bheith á gcur i gcrích ag nó trí aon bhall foirne nó oifigeach údaraithe den Choimisiún de réir mar mheasfaidh an Coimisiún atá cuí'. Tharmlig an Coimisiún feidhmeanna áirithe ach tá nithe eile forchoimeáda go sonrach don Choimisiún chun cinneadh a dhéanamh. Áirítear ar na míreanna a bhíonn faoi bhráid an Choimisiúin

- tuarascálacha ón gCoiste Iniúchta & Riosca / meithleacha
- tuairiscí airgeadais / cuntais bhainistíochta
- tuairiscí feidhmíochta, agus
- nithe forchoimeáda.

## Freagrachtaí an Choimisiúin (ar lean)

Ceanglaíonn Alt 32 d'Acht um Rialú Cumarsáide, 2002, ar an gCoimisiún, i gcibé foirm a bheidh ceadaithe ag an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, gach cuntas cuí agus ceart ar an airgead ar fad faighte aige nó caite aige, lena n-áirítear cuntas ioncaim agus caiteachais agus clár comhardaithe, ina ndéantar idirdhealú idir:

- (a) a fheidhmeanna i ndáil le cumarsáid leictreonach,
- (b) a fheidhmeanna i ndáil le cúrsaí poist agus
- (c) a fheidhmeanna i ndáil le seirbhísí ardráta.

Nuair a bhíonn na ráitis airgeadais á n-ullmhú, ceanglaítear ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura féidir glacadh leis go leanfaidh an Coimisiún ar aghaidh ag obair.
- sonraí cibé acu ar cloíodh le nó nár cloíodh le caighdeáin chuntasaíochta, faoi réir aon imeacht ábhartha arna nochtadh agus arna mhíniú sna ráitis airgeadais;

Tá an Coimisiún freagrach as taifid chuntasaíochta oiriúnacha a choimeád ina nochtar, le cruinneas réasúnach ag am ar bith, staid airgeadais an Choimisiúin agus a chuireann ar chumas an Choimisiúin a chinntiú go bhfuil Alt 32 d'Acht um Rialáil Cumarsáide á chomhlíonadh ag na ráitis airgeadais. Is é an Coimisiún atá freagrach as cothabháil agus as sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

Tá an Coimisiún freagrach as an bplean gníomhaíochta agus as an mbuiséad bliantúil a cheadú. Rinneadh meastóireacht ar fheidhmíocht an Choimisiúin trí thagairt a dhéanamh don bplean agus don bhuiséad bliantúil i mí Meithimh 2023.

Tá an Coimisiún freagrach as a shócmhainní a chosaint agus, dá réir sin, as céimeanna réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Tá an Coimisiún den tuairim go dtugtar léargas fíorchheart ina ráitis airgeadais ar an bhfeidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an Choimisiúin ag an 30 Meitheamh 2024.

## Struchtúr an Choimisiúin

Sonraítear in Alt 14 d'Acht um Rialú Cumarsáide, 2022, go gcuimseofar sa Choimisiún Coimisinéir amháin agus nach mó ná triúr Coimisinéirí. Sonraítear in Alt 15 den Acht go gceapfar Coimisinéir ar bhonn lánaimseartha i gcomhair tréimhse de nach lú ná trí bliana agus nach mó ná cúig bliana. Foráiltear san Acht freisin sa chás go mbíonn níos mó ná Coimisinéir amháin ann, go gceapfaidh an tAire duine acu chun feidhmiú mar chathaoirleach ar an gCoimisiún.

Faoi Alt 17 d'Acht um Rialú Cumarsáide, 2002, ainmneoidh an Coimisiún, sa chás nach bhfuil níos mó na Coimisinéir amháin ceaptha faoi Alt 15, ball dá fhoireann mar leasbhall den Choimisiún (“leaschoimisinéir”) a ghlacfaidh le freagracht as agus a chomhlíonfaidh, le húdarás an Choimisiúin, gach feidhm de chuid an Choimisiúin nuair a bhíonn an Coimisinéir as láthair.

Amhail ar an 30 Meitheamh 2024, bhí triúr Coimisinéirí ag obair don Choimisiún agus ba é an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide a cheap iad. Tá sonraí le fáil sa tábla thíos faoi bhaill an Choimisiúin agus faoina dátaí ceapacháin, nó athcheapacháin (ní féidir le baill den Choimisiún níos mó ná dhá théarma oifige mar Choimisinéir a chur isteach). Buaileann baill an Choimisiúin le chéile go rialta chun ceisteanna rialála agus oibriúcháin a phlé.

Comhalta den Choimisiún	Dáta Ceapacháin
Robert Mourik Cathaoirleach Garrett Blaney Helen Dixon	7 Eanáir 2024 (dáta athcheapacháin) 7 Eanáir 2024 (dáta athcheapacháin) 20 Feabhra 2024

## Coiste Iniúchóireachta agus Rioscaí

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Rioscaí (CIR) bunaithe ag an gCoimisiún. Ceapann an Coimisiún baill an CIR agus ní bhíonn níos mó ná cúigear daoine páirteach ann:

- beirt Choimisinéirí (Nóta: Is é an Cathaoirleach an tOifigeach Cuntasaíochta agus mar sin ní cheaptar ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Rioscaí é);
- triúr comhaltaí seachtracha neamhspleácha

Déanann duine de na comhaltaí seachtracha cathaoirleacht ar an CIR.

Is é ról an CIR tacú leis an gCoimisiún lena fhreagrachtaí as fadhbanna a bhaineann le riosca, rialú agus rialachas agus dearbhú gaolmhar. Tá an CIR ag feidhmiú neamhspleách ar fheidhm bhainistíochta airgeadais na heagraíochta. Go háirithe, cinntíonn CIR go bhfuil na córais rialaithe inmheánacha lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchta á monatóireacht go gníomhach agus go neamhspleách. Tuairiscíonn an CIR go foirmiúil i scríbhinn don Choimisiún gach bliain.

Baill den CIR ba ea na Coimisinéirí Garrett Blaney agus Helen Dixon sa bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2024. Is iad seo a leanas baill sheachtracha an Choiste Iniúchta agus Riosca ar an 30 Meitheamh 2024: Michael Tutty (Cathaoirleach), an Dr Celine McInerney agus Martin Kelly (ceaptha 1 Nollaig 2023). Tháinig deireadh le téarma Marie Collins ar an CIR ar an 26 Meán Fómhair 2023. Reáchtáladh ceithre chruinniú den CIR sa bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2024.

## Sceideal Freastail, Táillí agus Costais

Tá sceideal tinrimh ag cruinnithe an Choiste Iniúchta & Riosca i gcomhair 2024 leagtha amach thíos lena n-áirítear na táillí agus na costais a fuair gach ball.

## Comhaltaí an Choiste Iniúcháireachta agus Rioscaí

Ainm	Ról	Líon Cruinnithe ar Freastalaíodh orthu	Táillí 2024 €	Costais 2024 €
Michael Tutty - Chathaoirleach	Comhalta Seachtrach	4	8,000	Náid
Marie Collins ( <i>tháinig deireadh lena téarma ar an 26 Meán Fómhair 2023</i> )	Comhalta Seachtrach	1	1,200	Náid
An Dr Celine McInerney	Comhalta Seachtrach	4	4,800	343
Martin Kelly ( <i>ceaptha 1 Nollaig 2023</i> )	Comhalta Seachtrach	3	3,600	Náid
Garrett Blaney	Coimisinéir	4	N/a	Náid
Helen Dixon ( <i>ceaptha 20 Feabhra 2024</i> )	Coimisinéir	2	N/a	Náid

## Nochtaí arna gceangal ag an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Coimisiún freagrach as a chinntiú gur chomhlíon ComReg ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (“an Cód”), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Ceanglaíonn an Cód go ndéanfar na nochtuithe seo a leanas.

## Miondealú ar Shochair Fostaithe Ghearrthéarmacha

Tá sochair fostaithe gearrthéarmacha sa bhreis ar €60,000 catagóirithe sna bandaí seo a leanas:

Raon (€'000)	30 Meitheamh 2024 <i>Uimhir</i>	30 Meitheamh 2023 <i>Uimhir</i>
60 - 70	19	17
70 - 80	9	13
80 - 90	13	19
90 - 100	23	18
100 - 110	18	12
110 - 120	9	8
120 - 130	10	3
130 - 140	4	10
140 - 150	6	6
150 - 160	7	3
160 - 170	2	1
170 - 180	1	2
180 - 190	1	0
190 - 200	0	0
200 - 210	0	1
210 - 220	0	0
220 - 230	0	0
230 +	4	4

### Nóta:

Chun críche an notha seo, cuimsítear i sochair fostaithe gearrthéarmacha i ndáil le seirbhísí a cuireadh ar fáil i rith na tréimhse tuairiscithe tuarastal, pá i gcoibhneas le feidhmíocht agus sochar comhchineáil i ndáil le híocaíochtaí árachais sláinte déanta thar ceann an fhostaí ach níl ÁSPC fostóra san áireamh.

## Costais Chomhairle Theicniúil

Áirítear ar chostais Chomhairle Theicniúil an costas a bhaineann le comhairle sheachtrach don fhoireann bainistíochta agus cuimsítear ann feidhmeanna seachfhoinsithe 'gnó mar is gnách'. Taispeántar costais Chomhairle Dlí de €1.3m (2023: €1.4m) ar leithligh mar chuid de na Costais Dlí thíos.

	2024 €'000	2023 €'000
Comhairle Ghairmiúil & Theicniúil	10,495	9,023
Bainistíocht Teagmhála	605	741
Taighde Margaidh	432	628
Monatóireacht ar Chaighdeán na Seirbhíse	490	614
	<b>12,022</b>	<b>11,006</b>

## Costais Dhlíthiúla

Tá miondealú le fáil sa tábla thíos ar na méideanna atá aitheanta mar chaiteachas sa tréimhse thuairiscithe i ndáil le costais dlí.

	2024 €'000	2023 €'000
Comhairle Dlí	1,318	1,418
Costais Dlí a bhaineann le hlmeachtaí Dlí	2,521	3,422
	<b>3,839</b>	<b>4,840</b>

Sonraítear costais dlí gan costais aisghafa ó thríú páirtithe a chur san áireamh. Ní dhearnadh aon íocaíocht idir-réitigh agus eadrána nó íocaíochtaí socraíochta i rith na bliana.

## Caiteachas Taistil agus Cothabhála

Tá caiteachas taistil agus cothabhála catagóirithe mar seo a leanas:

	2024 €'000	2023 €'000
Taisteal sa Tír	26	20
Taisteal Idirnáisiúnta	207	181
	<b>233</b>	<b>201</b>

## Caiteachas Fáilteachais

Cuimsítear sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais an caiteachas fáilteachais seo a leanas:

	2024 €'000	2023 €'000
Costais Fáilteachais Foirne	18	21
Ranníocaíocht don Chlub Spóirt agus Sóisialta	8	5
	<b>26</b>	<b>26</b>

Ní glacann ComReg páirt i bhFáilteachas Cliant. Ní chuimsítear sna méideanna thuasluaite caiteachas ar shólaistí/ar fháilteachas a bhaineann le hoibríochtaí gnó cosúil le comhdhálacha, imeachtaí agus cruinnithe a óstáil.

## Ráiteas Comhlíonta

Tá an Coimisiún tiomanta do na caighdeáin is airde de rialachas corparáideach a chothabháil. Is é an Cód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú atá foilsithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, an bhunchloch ar a bhfuil ár mbeartais rialachais chorparáidigh bunaithe.

Ceanglaíonn Alt 33 d'Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002, ar an gCoimisiún glacadh le, le cead ón Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus ón Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, cód bainistíochta airgeadais agus socruithe a dhéanamh chun é a fhoilsiú i ndiaidh a leithéid sin de chead a fháil. Ina theannta sin, ceanglaítear ar an gCoimisiún athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar a chód bainistíochta airgeadais agus an cód a athfhoilsiú de réir mar is cuí. Tá ceanglas ar an gCoimisiún freisin nóta tráchta a scríobh sa tuarascáil bhliantúil maidir leis an tslí a bhfuiltear ag cloí leis an gcód.

Tá ár gcód bainistíochta airgeadais (atá bunaithe ar an gCód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) foilsithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe) ceadaithe ag an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus ag an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe. Foilsítear an cód ar ár suíomh gréasáin. Is é polasaí an Choimisiúin comhlíonadh an Chóid a chinntiú.

Thar ceann an Choimisiúin



Garrett Blaney  
Cathaoirleach  
Dáta: 24 Feabhra 2025

### 3.

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach

## Freagracht as Rialú Inmheánach

Thar ceann ComReg admháim freagracht an Choimisiúin as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach de rialú inmheánach á chothabháil agus á oibriú. Cuirtear san áireamh sa fhreagracht seo na ceanglais don Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

## Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas de rialú inmheánach deartha chun riosca a bhainistiú ag leibhéal infhulaingthe seachas a leithéid a chur as an áireamh. Dá réir sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú absalóideach a sholáthar go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus arna dtaifeadh go cuí, agus go bhfuil earráidí nó mírialtachtaí ábhartha á gcosc nó á mbrath go tráthuil.

Tá an córas de rialú inmheánach, atá ag teacht le treoir eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, bunaithe ag ComReg don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2024 agus suas go dtí dáta ceadaithe na ráiteas airgeadais.

## Acmhainn Bainistíochta Riosca

Tá Coiste Iniúchta agus Riosca (CIR) bunaithe ag ComReg ar a bhfuil uasmhéid de bheirt bhall ón gCoimisiún agus uasmhéid de cheathrar ball seachtracha, ag a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchta, agus tá duine de na baill sin ag feidhmiú mar Chathaoirleach. Bhuail an CIR le chéile ceithre huaire sa bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2024.

Tá feidhm iniúcha sheachtraigh sheachfhoinsithe bunaithe ag ComReg freisin a bhfuil dóthain acmhainní curtha ar fáil lena haghaidh agus a chuireann clár oibre atá comhaontaithe le CIR i gcrích.

Tá beartas bainistíochta riosca forbartha ag an gCoimisiún ina leagtar amach a inghlacthacht riosca, na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus ina sonraítear ról agus freagrachtaí na mball foirne i ndáil le riosca. Tá an beartas seo curtha ar fáil do na baill foirne ar fad a mheastar a bheidh ag obair de réir bheartais bhainistíochta riosca ComReg, chun foláireamh a thabhairt don fhoireann bainistíochta maidir le rioscaí atá ag teacht chun cinn agus chun laigí a rialú agus freagracht a ghlacadh as rioscaí agus as rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

## Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha chun feidhme ag ComReg ina sainaitnítear agus ina dtuairiscítear príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun déileáil leo agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí bunaithe ina sainaitnítear na príomhrioscaí a mbeidh ar ComReg déileáil leo agus tá siad sin sainaitheanta, measta agus grádaithe bunaithe ar a suntas.

Athbhreithnítear an clár go rialta agus déanann an Coimisiún é a nuashonrú ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go bhfuil rioscaí á mbainistiú ag leibhéal inghlactha.

Tá sonraí le fáil sa chlár rioscaí faoi na rialuithe agus faoi na gníomhartha atá riachtanach chun rioscaí a mhaolú agus freagracht as oibriú rialuithe atá sannta do bhaill foirne shonracha. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe seo a leanas:

- tá nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó doiciméadaithe,
- tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach,
- tá córas buiséadaithe oiriúnach ann le buiséad bliantúil a bhfuil athbhreithniú leanúnach á dhéanamh ag an bhfoireann bainistíochta shinsearach air,
- tá córais ann a bhfuil sé mar aidhm leo slándáil na gcóras faisnéise agus teicneolaíochta cumarsáide a chinntiú, agus
- tá córais bunaithe chun na sócmhainní a chosaint.

## Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe do phróisis rialaithe monatóireachta agus roinntear eolas maidir le heasnaimh rialaithe leo siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus d'fhoireann bainistíochta an Choimisiúin, más cuí, go tráthúil. Deimhním go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnacha bunaithe:

- tá príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara sainaitheanta agus tá próisis bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnamh sainaitheanta a thuairisciú,
- tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta, agus
- déanann an fhoireann shinsearach athbhreithnithe rialta ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil agus ar thuarascálacha airgeadais ina dtugtar léargas ar fheidhmíocht i gcomparáid le buiséid/réamhaisnéisí.

## Soláthar

Foilsíonn ComReg a Phlean Soláthair Corparáideach gach dhá bhliain, atá ceadaithe ag an gCoimisiún (Plean Soláthair Corparáideach 2024-25 i láthair na huaire). Lena chois sin, tá nósanna imeachta agus beartais bunaithe chun a chinntiú go bhfuil rialacha agus treoirlínte nós imeachta reatha á gcomhlíonadh. Ciallaíonn nádúr ghníomhaíochtaí ComReg, i líon beag cásanna, go mb'fhéidir nach mbeadh sé indéanta nó oiriúnach rialacha agus treoirlínte soláthair chuí a chomhlíonadh. Tá beartas rialachais oiriúnach bunaithe ag an gCoimisiún atá le leanúint ina leithéid sin d'ímthosca.

I rith 2024, tabhaíodh caiteachas i ndáil le conradh amháin do sholáthar leictreachais nach raibh faoi réir próisis tairisceana, rud a cuireadh ina cheart i mí Dheireadh Fómhair 2023. Bhí luach iomlán an tsoláthair neamhchomhlíontaigh cothrom le €29,000 (2023: €101,000).

## Athbhreithniú Éifeachtúlachta


Deimhním go bhfuil nósanna imeachta bunaithe ag ComReg chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann ComReg ar éifeachtacht an chórais de rialú airgeadais inmheánaigh bunaithe ar obair atá á déanamh ag na hiniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste Iniúchta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre agus an fhoireann bainistíochta shinsearach laistigh de ComReg atá freagrach as forbairt agus as cothabháil an chreata rialaithe airgeadais inmheánaigh.

Deimhním go ndearna an Coimisiún athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2024 a cuireadh i gcrích ar an 12 Meitheamh 2024.

## Fadhbanna Rialaithe Inmheánaigh

Níor sainithníodh aon laige sa rialú inmheánach i ndáil le 2024 a cheanglaíonn gur gá iad a nochtadh sna ráitis airgeadais.

Thar ceann an Choimisiúin



Garrett Blaney  
Cathaoirleach  
Dáta: 24 Feabhra 2025

# Tuairisc an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le Cur i Láthair Thithe an Oireachtais



## Ard Reachtair Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

### Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

### Commission for Communications Regulation

### Opinion on the financial statements

I have audited the financial statements of the Commission for Communications Regulation for the year ended 30 June 2024 as required under the provisions of section 32 of the Communications Regulation Act 2002. The financial statements comprise

- the statement of income and expenditure and appropriation account
- the statement of comprehensive income
- the statement of financial position
- the statement of cash flows, and
- the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, the financial statements give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the Commission at 30 June 2024 and of its income and expenditure for the year then ended in accordance with Financial Reporting Standard (FRS) 102 — *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland*.

### *Basis of opinion*

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of the Commission and I have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

### Report on information other than the financial statements, and on other matters

The Commission has presented certain other information together with the financial statements. This comprises the annual report, the governance statement and Commission members' report, and the statement on internal control. My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

I have nothing to report in that regard.

**Andrew Harkness**  
For and on behalf of the  
Comptroller and Auditor General

27 February 2025

## Appendix to the report

### Responsibilities of the Commission

As detailed in the governance statement and Commission members' report, the Commission is responsible for

- the preparation of annual financial statements in the form prescribed under section 32 of the Communications Regulation Act 2002
- ensuring that the financial statements give a true and fair view in accordance with FRS102
- ensuring the regularity of transactions
- assessing whether the use of the going concern basis of accounting is appropriate, and
- such internal control as they determine is necessary to enable the preparation of financial statements that are free from material misstatement, whether due to fraud or error.

### Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

I am required under section 32 of the Communications Regulation Act 2002 to audit the financial statements of the Commission and to report thereon to the Houses of the Oireachtas.

My objective in carrying out the audit is to obtain reasonable assurance about whether the financial statements as a whole are free from material misstatement due to fraud or error. Reasonable assurance is a high level of assurance, but is not a guarantee that an audit conducted in accordance with the ISAs will always detect a material misstatement when it exists. Misstatements can arise from fraud or error and are considered material if, individually or in the aggregate, they could reasonably be expected to influence the economic decisions of users taken on the basis of these financial statements.

As part of an audit in accordance with the ISAs, I exercise professional judgment and maintain professional scepticism throughout the audit. In doing so,

- I identify and assess the risks of material misstatement of the financial statements whether due to fraud or error; design and perform audit procedures responsive to those risks; and obtain audit evidence that is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion. The risk of not detecting a material misstatement resulting from fraud is higher than for one resulting from error, as fraud may involve collusion, forgery, intentional omissions, misrepresentations, or the override of internal control.
- I obtain an understanding of internal control relevant to the audit in order to design audit procedures that are appropriate in the circumstances, but not for the purpose of expressing an opinion on the effectiveness of the internal controls.
- I evaluate the appropriateness of accounting policies used and the reasonableness of accounting estimates and related disclosures.

- I conclude on the appropriateness of the use of the going concern basis of accounting and, based on the audit evidence obtained, on whether a material uncertainty exists related to events or conditions that may cast significant doubt on the Commission's ability to continue as a going concern. If I conclude that a material uncertainty exists, I am required to draw attention in my report to the related disclosures in the financial statements or, if such disclosures are inadequate, to modify my opinion. My conclusions are based on the audit evidence obtained up to the date of my report. However, future events or conditions may cause the Commission to cease to continue as a going concern.
- I evaluate the overall presentation, structure and content of the financial statements, including the disclosures, and whether the financial statements represent the underlying transactions and events in a manner that achieves fair presentation.

I communicate with those charged with governance regarding, among other matters, the planned scope and timing of the audit and significant audit findings, including any significant deficiencies in internal control that I identify during my audit.

I report by exception if, in my opinion,

- I have not received all the information and explanations I required for my audit, or
- the accounting records were not sufficient to permit the financial statements to be readily and properly audited, or
- the financial statements are not in agreement with the accounting records.

### Information other than the financial statements

My opinion on the financial statements does not cover the other information presented with those statements, and I do not express any form of assurance conclusion thereon.

In connection with my audit of the financial statements, I am required under the ISAs to read the other information presented and, in doing so, consider whether the other information is materially inconsistent with the financial statements or with knowledge obtained during the audit, or if it otherwise appears to be materially misstated. If, based on the work I have performed, I conclude that there is a material misstatement of this other information, I am required to report that fact.

### Reporting on other matters

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to State bodies in relation to their management and operation. I report if I identify material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit. I report if I identify any material instance where public money has not been applied for the purposes intended or where transactions did not conform to the authorities governing them.


## 5.

# Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cuntas Leithghabhála

	Nótaí	Bliain go 30 Meitheamh 2024				Bliain go 30 Meitheamh 2023	
		Cumarsáid Leictreonach		Postas	Ardráta Seirbhísí Ráta	Iomlán	Iomlán
		Tobhach €'000	Eile €'000	Tobhach €'000	Tobhach €'000	€'000	€'000
<b>Ioncam</b>							
Tobhach		7,008		1,637	551	9,196	9,128
Táillí Ceadúnaithe	2		57,472			57,472	52,381
Ioncam Speictrim	2		-			-	163,054
Ioncam Eile	2		3,719			3,719	1,154
<b>Ioncam Iomlán</b>		<b>7,008</b>	<b>61,191</b>	<b>1,637</b>	<b>551</b>	<b>70,387</b>	<b>225,717</b>
<b>Caiteachas</b>							
Costais Foirne	3	10,792	5,933	741	258	17,724	16,270
Costais Sochair Scoir	17(b)	1,760	967	121	42	2,890	2,956
Comhairle Theicniúil	4	5,997	4,751	1,029	245	12,022	11,006
Costais Dhlíthiúla	5	2,332	1,230	209	68	3,839	4,840
Fógraíocht		327	26	1	1	355	216
Costais Riaracháin	6	2,197	1,717	162	72	4,148	3,844
Íocaíocht do na hIníúcháirí		18	11	1	-	30	30
Costais Áitribh agus Ghaolmhara		1,458	940	100	50	2,548	2,552
Dímheas	7	1,099	670	76	38	1,883	2,113
Síntiúis le hEagraíochtaí Idirnáisiúnta	15	811				811	760
<b>Caiteachas Iomlán</b>		<b>26,791</b>	<b>16,245</b>	<b>2,440</b>	<b>774</b>	<b>46,250</b>	<b>44,587</b>
<b>Barrachas / (Easnamh) roimh Leithghabhálacha</b>		<b>(19,783)</b>	<b>44,946</b>	<b>(803)</b>	<b>(223)</b>	<b>24,137</b>	<b>181,130</b>
Lúide: Leithghabhálacha							
Aistriú ón gCúlchiste Caipitil	12					(1)	490
Iníochta leis an Lárchiste	13					(22,831)	(180,174)
Coigeartú an Chúlchiste pinsin	13					(1,305)	(1,446)
<b>Barrachas i ndiaidh Leithghabhálacha</b>						<b>0</b>	<b>0</b>

Is cuid de na ráitis airgeadais seo é an Ráiteas Sreabhaidh Airgid agus Nóta 1 - 24.

Thar ceann an Choimisiúin

A handwritten signature in black ink, appearing to read 'G. Blaney', written over a horizontal line.

Garrett Blaney  
Cathaoirleach  
Dáta: 24 Feabhra 2025

## 6.

# Ráiteas Ioncaim Chuimsithigh

		Bliain go 30 Meitheamh 2024	Bliain go 30 Meitheamh 2023
	Nótaí	Iomlán €'000	Iomlán €'000
<b>Barrachas i ndiaidh Leithghabhálacha</b>			
<b>Scéim le Sochar Sainithe ComReg</b>			
Toradh iarbhír lúide toradh ionchais ar shócmhainní scéime (Caillteanais) ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir	17(f) 17(f)	813 (1,828)	745 (2,131)
Athruithe ar thoimhdí atá mar bhonn le luach láithreach Oibleagáidí sochair scoir		-	3,576
Aistrithe a bhain le seirbhís roimhe seo	17(g)	-	-
<b>(Caillteanas) / gnóthachan achtúireach sa bhliain</b>		<b>(1,015)</b>	<b>2,190</b>
<b>Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair</b>			
(Caillteanais) / gnóthachain ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir		(403)	(2)
Athruithe ar thoimhdí atá mar bhonn le luach láithreach Oibleagáidí sochair scoir		-	349
Coigeartú ar Mhaoiniú larchurtha (Caillteanas) / gnóthachan achtúireach sa bhliain		403 -	(347) -
<b>(Caillteanas)/gnóthachan achtúireach iomlán sa bhliain</b>		<b>(1,015)</b>	<b>2,190</b>
<b>Gluaiseacht sa Chúlchiste Sochair Scoir</b>			
larmhéid ar an 1 Iúil		4,755	1,119
(Caillteanais)/Gnóthachain Aitheanta Iomlána sa bhliain		(1,015)	2,190
Coigeartú an Chúlchiste Pinsin	13	<u>1,305</u>	<u>1,446</u>
<b>larmhéid ar an 30 Meitheamh</b>		<b>5,045</b>	<b>4,755</b>

Seasann an Cúlchiste Pinsin Sochair Scoir don difríocht idir costas carnach na sochar scoir lúide na méideanna a íocadh go dtí seo.

Is cuid de na ráitis airgeadais seo é an Ráiteas Sreabhaidh Airgid agus Nóta 1 - 24.

Thar ceann an Choimisiúin



Garrett Blaney  
Cathaoirleach

Dáta: 24 Feabhra 2025

## 7.

# Ráiteas ar an Staid Airgeadais Amhail

		30 Meitheamh 2024	30 Meitheamh 2023
	Nótaí	€'000	€'000
<b>Sócmhainní Neamh-Reatha</b>			
Réadmhaoin, Innealra & Trealamh	7	3,857	4,344
Sócmhainní Doláimhsithe	8	488	0
		<b>4,345</b>	<b>4,344</b>
<b>Sócmhainní Reatha</b>			
Infháltais	9	3,969	3,630
Infheistíochtaí Gearrthéarmacha	10	103,386	79,536
Airgead agus Coibhéis Airgid		3,074	4,956
		<b>110,429</b>	<b>88,122</b>
<b>Dliteanais Reatha (Méideanna dlíte laistigh de bhliain amháin)</b>			
Míreanna Iníoctha	11	(110,429)	(88,122)
<b>Glansócmhainní Reatha</b>		<b>0</b>	<b>0</b>
<b>Iomlán Sócmhainní Iúide Dliteanais Reatha</b>		<b>4,345</b>	<b>4,344</b>
<b>Glansócmhainní Iomlána Iúide Sócmhainn Sochar Scoir</b>		<b>4,345</b>	<b>4,344</b>
Sócmhainn Mhaoinithe Iarchurtha do Phinsin SPSPA	17c(i)	7,322	5,583
Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (Dliteanas)	17c(iv)	(7,322)	(5,583)
Sócmhainn Scéim ComReg	17c(i)	5,045	4,755
<b>Glansócmhainní Iomlána lena n-áirítear Sócmhainn Sochair Scoir</b>		<b>9,390</b>	<b>9,099</b>
<b>Ag léiriú</b>			
Cúlchistí Caipitil	12	4,345	4,344
Cúlchiste Sochair Scoir		5,045	4,755
		<b>9,390</b>	<b>9,099</b>

Is cuid de na ráitis airgeadais seo é an Ráiteas Sreabhaidh Airgid agus Nóta 1 - 24.

Thar ceann an Choimisiúin



---

Garrett Blaney  
Cathaoirleach  
Dáta: 24 Feabhra 2025

## 8.

# Ráiteas Sreabhaidh Airgid

		Bliain go 30 Meitheamh 2024	Bliain go 30 Meitheamh 2023
	Nótaí	€'000	€'000
<b>Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin</b>			
Barrachas Ioncaim thar Caiteachas (roimh Leithghabhálacha)		24,136	181,620
An difríocht idir an táille agus na ranníocaíochtaí pinsin		(1,305)	(1,446)
Dímheas	7	1,883	2,113
Ús Bainc	2	(850)	(1,100)
Aistriú cúlchiste caipitil	12	1	(490)
(Méadú) / Laghdú ar Mhíreanna Infhála		(339)	(899)
(Laghdú) / Méadú ar Mhíreanna Iníochta (seachas Lárchiste)		(524)	(148,117)
<b>Glan-insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin</b>		<b>23,002</b>	<b>31,681</b>
<b>Toradh ar Infheistíochtaí</b>			
Ús Bainc		850	1,100
<b>Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta</b>			
Íocaíochtaí chun Maoin, Innealra & Trealamh a shealbhú	7	(1,884)	(1,623)
<b>Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Airgeadais</b>			
Fáltas ó dhíol Sócmhainní		-	-
Íocaíocht leis an Lárchiste		-	(165,446)
<b>Glan (Laghdú) / Glanmhéadú Airgid agus Coibhéisí Airgid</b>		<b>21,968</b>	<b>(134,288)</b>
Airgead agus Coibhéisí Airgid Oscailte		84,492	218,780
<b>Airgead agus Coibhéisí Airgid Deiridh</b>		<b>106,460</b>	<b>84,492</b>

# Nótaí Leis na Ráitis Airgeadais

## 1. Beartais Chuntasaíochta

Tá an bonn cuntasaíochta agus na beartais chuntasaíochta shuntasacha a bhfuil glactha ag an gCoimisiún leo leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad i rith na bliana agus i rith na bliana roimh ré.

### a) Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh an Coimisiún faoi Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002, agus tá oifigí aige ag 1 Lárcheantar na nDugaí, Sráid na nGildeanna, Baile Átha Cliath 1.

Tá feidhmeanna an Choimisiúin sonraithe in Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002, agus in Acht um Rialáil Cumarsáide (Leasú), 2007. Baineann na feidhmeanna seo le rialú agus le ceadúnú an tionscail chumarsáide leictreonaí (lena n-áirítear tarchur raidió agus craolacháin), rialú seirbhísí poist, rialú seirbhísí ardráta agus rialú an ainm fearainn .i.

Is Eintiteas Sochair Phoiblí (ESP) é an Coimisiún.

### b) Ráiteas Comhlíonta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais don Choimisiún don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2024 de réir na reachtaíochta infheidhme, FRS 102, an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann, arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais sa Ríocht Aontaithe.

Bhí an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) éifeachtach i ndáil le tréimhsí tuairiscithe airgeadais a thosaigh ar nó i ndiaidh an 1 Meán Fómhair 2016 agus tá glactha leis na Ráitis Airgeadais seo.

### c) An Bonn Ullmhúcháin

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, seachas le haghaidh sócmhainní agus dliteanais áirithe atá á dtomhas ag luachanna córa mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe faoi Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002. Tá na beartais chuntasaíochta seo a leanas curtha chun feidhme go comhsheasmhach nuair a bhítear ag déileáil le míreanna a mheastar atá ábhartha i ndáil le ráitis airgeadais an Choimisiúin.

## 1.1 Aithint Ioncam

Faigheann an Coimisiún ioncam ó roinnt foinsí

- Tobhaigh ar sholáthraithe áirithe chun costais an rialacháin a mhaoiniú. Seo a leanas na tobhaigh ábhartha:

**I. An Tobhach Cumarsáide Leictreonaí** - Forchuirtear an Tobhach ar sholáthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí. Ríomhtar an íocaíocht tobhaigh atá dlite ó sholáthraí seirbhíse aonair d'aon bhliain ar leith bunaithe ar a láimhdeachas bliantúil i rith na bliana airgeadais dar críoch bliain an tobhaigh agus tá sí iníoctha i gceithre thráthchuid. Aithnítear ioncam ar bhonn infhála.

**II. Tobhach Poist** - An Tobhach a fhorchuirtear ar sholáthraithe seirbhíse poist a bhfuil seirbhísí poist á gcur ar fáil acu laistigh de raon feidhme na seirbhíse poist uilíoch. Aithnítear ioncam ar bhonn infhála.

**III. Is éard atá i gceist le Seirbhísí Ardráta (SAR)earraí** agus seirbhísí is féidir leat a cheannach trí do líne thalún, fón póca, an tIdirlíon, teilifís nó facs digiteach idirghníomhach. Ar an gcuma chéanna, íocann soláthraithe seirbhísí SAR agus oibríteoirí líonra an Tobhach SAR. Déantar an tobhach a shonrascadh i riaráiste mí amháin agus aithnítear ioncam ar bhonn infhála.

- **Táillí Ceadúnaithe** - Is é an príomhréimse a chlúdaítear anseo ceadúnú Cumarsáide Raidió.
- **Ioncam Speictrim** - Is ionann ioncam agus an t-ioncam táille a íocadh leis an gCoimisiún don cheart chun speictream raidió a úsáid. Cuirtear an t-ioncam seo san áireamh sa chuntas i rith na tréimhse ina mbíonn sé dlite. In imthosca ina bhfuil moill ar thús a chur leis na ceadúnais ghaolmhara, déanann ComReg foráil don mhéid a d'fhéadfadh a bheith iníoctha bunaithe ar a mheastachán maidir le fad na moille. Ní aithnítear é seo mar ioncam agus cuirtear san áireamh mar chreidiúnaí é (Féach Nóta 10). Tá athmheasúnú á dhéanamh ar mhéid na forála ag deireadh gach tréimhse chuntasafóchta.
- **Ioncam eile** - Áirítear ar ioncam eile ús bainc agus GBCN ar thaiscí agus ar mhéideanna iníoctha leis an gCoimisiún de bhua gníomhaíochtaí comhlíonta agus forfheidhmithe.

## 1.2 Leithghabháil an Bharrachais Oibriúcháin

Tá an barrachas ginte sa bhliain, gan coigeartú an chúlchiste pinsin a chur san áireamh, iníoctha leis an Stáitchiste. Méideanna íoctha leis an Lárchiste faoi threoir an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (Féach Nóta 12).

## 1.3 Sócmhainní Neamhreatha agus Dímhneas

### Réadmhaoín, Gléasra agus Trealamh

Sonraítear innealra agus trealamh maoine ag costas lúide dímhneas carntha, coigeartaithe d'aon fhoráil do bhearnúchán. Foráiltear do dhímhneas ar gach maoín, innealra agus trealamh ag rátaí measta chun an costas lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne a dhíscríobh ar bhonn líne díri thar a saolré ionchais mheasta, mar seo a leanas:

Trealamh teicniúil	- 15% sa bhliain
Bogearraí ríomhaireachta	- 15% sa bhliain
Trealamh ríomhaireachta	- 33 1/3% sa bhliain
Daingneáin & feistis	- 9% sa bhliain
Troscán Oifige & trealamh oifige	- 15% sa bhliain
Mótarfheithiclí	- 20% sa bhliain
Forbairt bogearraí	- 15% sa bhliain.

Is ionann luach iarmharach agus an méid measta a bheadh á fháil faoi láthair ó dhiúscairt sócmhainne, i ndiaidh costas measta diúscairthe a asbhaint, má bhí an tsócmhainn ag an aois agus ag an mbail a rabhthas ag súil leis ag deireadh a saolré ionchais. Glacann an Coimisiún le tairseach chaipitlithe íosta de €2,000.

Má tá fianaise oibiachtúil ann maidir le bearnú luach sócmhainne, aithnítear cailteanas bearnúcháin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais sa bhliain.

### Sócmhainní Doláimhsithe

Aithnítear costais forbartha a bhaineann go díreach le táirgeadh táirgí inaitheanta agus uathúil arna rialú ag ComReg, agus a chruthóidh, seans, sochair eacnamaíocha a sháraíonn costais i ndiaidh bliain amháin, mar shócmhainní doláimhsithe nuair a chomhlíontar na critéir seo a leanas:

- tá sé beartaithe ag an bhfoireann bainistíochta na bogearraí a chomhlánú agus a úsáid
- tá cumas ann chun na bogearraí a úsáid
- is féidir a léiriú conas a ghinfidh na bogearraí sochair eacnamaíocha dhóchúla sa todhchaí
- tá acmhainní teicniúla, airgeadais agus eile leordhóthanacha ann chun an fhorbairt a chur i gcrích agus a úsáid
- is féidir an caiteachas a bhaineann leis na bogearraí i rith a bhforbartha a thomhas go hiontaoifa.

Sonraítear sócmhainní ag costas lúide dímheas carntha, coigeartaithe d'aon fhoráil do bhearnúchán. Soláthraítear dímheas ag rátaí measta chun an costas lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne a dhíscríobh ar bhonn líne díri thar a saolré ionchais mheasta.

## 1.4 Infháltais

Aithnítear infháltais ag luach cóir, lúide foráil d'fhiacha amhrasacha. Is foráil shonrach í an fhoráil d'fhiacha amhrasacha, agus bunaítear í nuair atá fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh an Coimisiún in ann na méideanna ar fad atá dlite dó a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht san fhoráil d'fhiacha amhrasacha sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais.

## 1.5 Cúlchiste Caipitil

In ionann an cúlchiste caipitil agus méid gan amúchadh ioncaim a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach.

## 1.6 Airgeadraí Eachtracha

Aistrítear idirbhearta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a bhaineann le hioncam agus le costais go dtí euro ag na rátaí malairt atá i bhfeidhm ar na dátaí a ndearnadh na hidirbhearta.

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha go dtí euro ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ag dáta an Ráitis ar an Staid Airgeadais.

## 1.7 Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair gearrthéarmacha cosúil le pá saoire mar chostas sa bhliain, agus cuimsítear sochair atá fabhráithe ag deireadh na bliana i bhfigiúr na Míreanna Iníoctha sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

## 1.8 Sochair Scoir

### (a) An Phríomhscéim

Tá Coimisinéirí ag obair don Choimisiún agus fostaithe a earcaíodh go díreach. Tá scéim pinsin le sochar sainithe bunaithe do Choimisinéirí agus d'fhostaithe an Choimisiúin. Baineann an scéim le daoine a ceapadh roimh an 1 Eanáir 2013 nó leo siúd a ceapadh i ndiaidh an dáta seo a thug seirbhís cháilitheach leanúnach roimh ré roimh an 1 Eanáir 2013 i gcomhlacht seirbhíse poiblí eile. Tá an scéim á maoiniú ag ranníocaíochtaí ó Choimisinéirí, fostaithe agus ón gCoimisiún, a aistrítear chuig ciste ar leithligh atá á riar ag iontaobhaithe.

Ghlac an Coimisiún le FRS 102 a raibh tionchar aige ar ríomh Sochar Scoir. Tomhaistear sócmhainní scéime pinsin ag luach cóir. Tomhaistear dlíteanas scéime pinsin ar bhonn achtúireach trí úsáid a bhaint as modh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid. Tá barrachas dlíteanas scéime thar sócmhainní scéime curtha i láthair sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais mar dhlíteanas.

Cuimsítear sa táille phinsin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais an costas seirbhíse reatha móide an difríocht idir an toradh iarbhír ar an scéim le sochar sainithe agus costas úis dhlíteanas na scéime.

### (b) An Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair

Ina theannta sin, soláthraíonn an Coimisiún an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (“An Scéim Aonair”), ar scéim le sochar sainithe í do sheirbhísigh phoiblí inphinsin a ceapadh ar nó i ndiaidh an 1 Eanáir 2013. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe (RCPSPFNA). Anuas air sin, tá an Coimisiún faoi dhlíteanas ranníocaíocht fostóra a íoc le RCPSPFNA de réir Imlitir 28/2016 RCPSPFNA.

A mhéad a mbíonn dlíteanas ábhartha i gceist, tá an dlíteanas i ndáil le baill na Scéime Aonair á mheaitseáil ag sócmhainn mhaoinithe iarchurtha ar bhonn fhorálacha Alt 44 d’Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Cuimsítear sa táille phinsin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais an ranníocaíocht fostóra. Tá an costas seirbhíse reatha móide ús ar an dlíteanas SPSPA fritháirithe ag méid coibhéiseach de mhaoiniú iarchurtha. Ríomhtar an dlíteanas SPSPA ar an mbonn céanna leis an bpríomhscéim atá leagtha amach thuas.

Aithnítear gnóthachain agus cailteanas achtúireacha ó athruithe sna toimhdí achtúireacha agus as barrachais agus easnaimh ó thaithí sa Ráiteas Ioncaim Chuimsithigh don bhliain ina dtarlaíonn siad.

Léirítear sna ráitis airgeadais, ag luach cóir, na sócmhainní agus na dlíteanas atá ag eascairt as oibleagáidí pinsin le sochar sainithe an Choimisiúin agus aon mhaoiniú gaolmhar, agus aithnítear an costas a bhaineann le sochair phinsin a sholáthar sa tréimhse chuntasafóchta ina dtuilleann fostaithe iad. Tomhaistear dlíteanas scéime sochair scoir ar bhonn achtúireach trí úsáid a bhaint as modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa.

## 1.9 Cánachas

Níl an Coimisiún faoi dhliteanas Cáin Chorporáide a íoc. Níl ioncam cruinnithe ag an gCoimisiún faoi réir CBL. Déantar foráil do chánachas ar ús ar thaiscí faighte.

### 1.10 Leithdháileadh Costas

Ceanglaítear ar an gCoimisiún faoi Alt 32 d'Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002, idirdhealú a dhéanamh idir a fheidhmeanna i ndáil le cumarsáid leictreonach, a fheidhmeanna i ndáil le nithe poist agus a fheidhmeanna i ndáil leis na seirbhísí ardráta. Sainaithnítear ioncam agus costais a bhaineann go díreach le gach feidhm ar leithligh sna cuntais. Leithdháiltear forchostais chomhroinnte ar gach feidhm i gcomhréir le líon na mball foirne a bhfuil baint acu le gach feidhm.

### 1.11 Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasaíochta Chriticiúla

Ceanglaíonn ullmhú na ráiteas airgeadais ar an bhfoireann bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a bhfuil tionchar acu ar na méideanna tuairiscithe le haghaidh sócmhainní agus dliteanas ar dháta an Ráitis ar an Staid Airgeadais agus ar na méideanna a tuairiscíodh maidir le hioncam agus le costais i rith na bliana. Ciallaíonn nádúr an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh torthaí iarbhir a bheith éagsúil leis na meastacháin sin agus go bhféadfaidís a bheith ábhartha. Bhí an éifeacht is suntasaí ag na breithniúcháin seo a leanas ar na méideanna aitheanta sna ráitis airgeadais.

#### a) Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Tá athbhreithniú déanta ag an gCoimisiún ar an saolré sócmhainne agus ar luachanna iarmharacha gaolmhara gach aicme sócmhainne neamhreacha, agus go háirithe, saolré eacnamaíoch fhónta agus luachanna iarmharacha daingneán agus feistis, agus forbairt bogearraí, agus chinn sé go bhfuil na saolréanna sócmhainne agus na luachanna iarmharacha oiriúnach.

#### b) Oibleagáid Sochair Scoir

Déantar na toimhdí atá mar bhonn leis na luachálacha achtúireacha le haghaidh na méideanna aitheanta sna ráitis airgeadais a chinneadh (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe ar na leibhéil chúitimh amach anseo agus rátaí mortlaíochta) a nuashonrú go bliantúil bunaithe ar choinníollacha eacnamaíocha reatha, agus le haghaidh aon athrú ábhartha ar théarmaí agus ar choinníollacha an tsochair scoir agus na bpleananna iarscoir.

D'fhéadfadh tionchar a bheith ag an méid seo a leanas ar thiomhdí:

- (i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta toraidh ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeán
- (ii) leibhéil chúitimh amach anseo, coinníollacha an mhargaidh saothair amach anseo.

## 2. Ioncam Neamhthobhaigh

	Bliain go 30 Meitheamh 2024	Bliain go 30 Meitheamh 2023
	Iomlán €'000	Iomlán €'000
<b>Táille Cheadúnaithe na Cumarsáide Leictreonaí</b>		
Táillí Cheadúnaithe Raidió 3G	1,905	5,074
Táillí Cheadúnaithe Úsáide Liobrálaithe 4G	26,233	24,580
Táillí Cheadúnaithe Raidió Eile	29,334	22,727
	<b>57,472</b>	<b>52,381</b>
<b>Ioncam Speictrim na Cumarsáide Leictreonaí</b>		
Ioncam Speictrim	-	163,054

Ar an 19 Eanáir 2023, i ndiaidh na n-iarratas comhlánaithe a chur isteach, eisíodh Ceadúnais Úsáide Liobrálaithe MBSA2 arb é an 20 Eanáir 2023 an dáta tosaithe a bhí luaite leo. Ghin na ceadúnais sin Ioncam Speictrim luach €163.1m in 2023.

	Bliain go 30 Meitheamh 2024	Bliain go 30 Meitheamh 2023
	Iomlán €'000	Iomlán €'000
<b>Ioncam Eile</b>		
Ús Bainc	850	1,100
Ioncam Ilghnéitheach	2,869	54
	<b>3,719</b>	<b>1,154</b>

In 2024, cuimsíodh in Ioncam Ilearraí €2.3m faighte ó Eircom Teoranta i ndiaidh na gcomhaontuithe socraíochta ar thángthas orthu i ndiaidh na n-iniúchtaí a rinne ComReg ar nithe comhlíonta áirithe.

Cuimsítear in Ioncam Ilghnéitheach méideanna éagsúla atá iníoctha leis an gCoimisiún de bhua gníomhaíochtaí comhlíonta agus forfheidhmithe a cuireadh i gcrích i rith na tréimhse. Sa chás gur cuireadh a leithéid sin de ghníomhaíochtaí i gcrích trí shocraíocht dlí, d'fhéadfaidís a bheith faoi réir clásail rúndachta.

### 3. Costais Foirne

	Cumarsáid Leictreonach		Postas	SAR	Bliain go 30 Meitheamh 2024	Bliain go 30 Meitheamh 2023
	Tobhach €'000	Eile €'000	Tobhach €'000	Tobhach €'000	Iomlán €'000	Iomlán €'000
Sochair Fostaithe ghearrthéarmacha	9,845	5,412	676	235	16,168	14,842
Ranníocaíocht fostóra le Leas Sóisialach	947	521	65	23	1,556	1,428
	<b>10,792</b>	<b>5,933</b>	<b>741</b>	<b>258</b>	<b>17,724</b>	<b>16,270</b>
Tá sonraí le fáil thíos maidir le meánlíon na foirne fostaithe ag an gCoimisiún i rith na bliana, anailísithe de réir na catagóire:	87	53	6	3	149	149
<b>Sochair Fostaithe ghearrthéarmacha</b>						
Bunphá					15,050	13,709
Pá i gcoibhneas le feidhmíocht					1,099	1,115
Liúntas an Chathaoirligh					19	18
					<b>16,168</b>	<b>14,842</b>

Tá scéim luacha saothair i gcoibhneas le feidhmíocht bunaithe ag an gCoimisiún (a bhunaigh Oifig an Stiúrthóra Rialála Teileachumarsáide ar dtús). Tá an scéim bunaithe ar fheidhmíocht aonair agus ceadaíonn an Coimisiún gach íocaíocht a dhéantar faoin scéim. As costas iomlán na Sochar Gearrthéarmach fostaí, bhain €1,099,000 (nó 7%) den fhiúir iomlán le híocaíochtaí le baill foirne de réir fhorálacha scéim luacha saothair a bhaineann le feidhmíocht agus le téarmaí a gconarthaí fostaíochta (2023: €1,115,000 (8%)).

#### Príomhphearsanra Bainistíochta

Áirítear ar an bPríomhphearsanra Bainistíochta in ComReg baill an Choimisiúin. Tá mionsonraí maidir le luach saothair bhaill an Choimisiúin (seachas luach na sochar scoir tuillte i rith na tréimhse) le fáil thíos. Is baill iad den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair nó den shamhail na scéime pinsean seirbhíse poiblí agus ní théann a dteidlíochtaí sa chomhthéacs sin thar théarmaí shamhail na scéime pinsean seirbhíse poiblí.

	Luach Iomlán €'000
Robert Mourik – Cathaoirleach	206
Garrett Blaney – Coimisinéir	187
Helen Dixon - Coimisinéir	66

## 4. Comhairle Theicniúil

	30 Meitheamh 2024	30 Meitheamh 2023
	€'000	€'000
Comhairle Ghairmiúil/Theicniúil	12,022	11,006

## 5. Costais Dlí

	30 Meitheamh 2024	30 Meitheamh 2023
	€'000	€'000
Sonraítear costais dlí gan costais aisghafa ó thríú páirtithe a chur san áireamh.	3,839	4,840

## 6. Costais Riaracháin

	30 Meitheamh 2024	30 Meitheamh 2023
	€'000	€'000
Cothabháil Trealaimh agus TF	2,082	2,085
Síntiúis le haghaidh Bunachar Sonraí/Tuarascálacha Taighde	490	324
Taisteal agus Cothabháil	233	201
Comhdhálacha/Cruinnithe	151	205
Post agus Teileachumarsáid	103	120
Stáiseanáireacht	45	14
Foilseachán	22	23
Earcaíocht	162	103
Solas, Teas agus Glanadh	147	169
Árachas	68	70
Oiliúint agus Forbairt Ghairmiúil Foirne	469	382
Costais Riaracháin Eile	176	148
	<b>4,148</b>	<b>3,844</b>

## 7. Réadmhaoin, Innealra Agus Gléasra

	Teicniúil Trealamh	Ríomhaire Trealamh	Ríomhaire Bogearraí	Troscán & Oiriúnaithe	Mótar Feithiclí	Iomlán
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
<b>Costas</b>						
Ar an 30 Meitheamh 2023	3,808	13,801	794	4,600	114	23,117
Breiseanna	317	653	854	60	-	1,884
Diúscairt	-	-	-	-	-	-
Athaicmiú	-	-	(745)	-	-	(745)
Ar an 30 Meitheamh 2024	4,125	14,454	903	4,660	114	24,256
<b>Dímheas Carntha</b>						
Ar an 30 Meitheamh 2023	2,897	12,803	185	2,817	71	18,773
Diúscairt	-	-	-	-	-	-
Táille don tréimhse	219	876	340	425	23	1,883
Athaicmiú	-	-	(257)	-	-	(257)
Ar an 30 Meitheamh 2024	3,116	13,679	268	3,242	94	20,399
<b>Glanluach de réir na Leabhar</b>						
30 Meitheamh 2024	1,009	775	635	1,418	20	3,857
30 Meitheamh 2023	911	998	609	1,783	43	4,344

In 2024, tá Trealamh agus Bogearraí Ríomhaireachta arna nochtadh faoi cheannteidil ar leithligh (thuasluaite).

## 8. Sócmhainní Doláimhsithe

	Bogearraí Forbairt €'000	Iomlán €'000
<b>Costas</b>		
Ar an 30 Meitheamh 2023	0	0
Breiseanna	0	0
Diúscairt	0	0
Athaicmiú	745	745
<b>Ar an 30 Meitheamh 2024</b>	<b>745</b>	<b>745</b>
<b>Dímheas Carntha</b>		
Ar an 30 Meitheamh 2023	0	0
Diúscairt	0	0
Táille don tréimhse	0	0
Athaicmiú	257	257
<b>Ar an 30 Meitheamh 2024</b>	<b>257</b>	<b>257</b>
<b>Glanluach de réir na Leabhar</b>		
30 Meitheamh 2024	488	488
30 Meitheamh 2023	0	0

Amhail ar an 30 Meitheamh 2024, tá €0.5m de na Costais Forbartha TF Bogearraí athaicmithe mar Shócmhainní Doláimhsithe (ó Mhaoin, Innealra & Trealamh - Bogearraí Ríomhaireachta).

## 9. Infháltais

	30 Meitheamh 2024	30 Meitheamh 2023
	€'000	€'000
<i>Dlite laistigh de bhliain amháin:</i>		
Tobhach Riaracháin na Cumarsáide Leictreonaí	1,258	129
Ioncam Ceadúnais Raidió	952	2,021
Ioncam Fabhraithe	617	366
Réamhíocaíochtaí & Costais inghnóthaithe	1,142	1,114
	<b>3,969</b>	<b>3,630</b>

## 10. Infheistíochtaí Gearrthéarmacha

	30 Meitheamh 2024	30 Meitheamh 2023
	€'000	€'000
Infheistíochtaí Gearrthéarmacha	103,386	79,536

Cuimsítear in Infheistíochtaí Gearrthéarmacha Nótaí Státchiste ceannaithe ó Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta Teoranta. Cuireann an Coimisiún sealúchais airgid bhreis in infheistíochtaí gearrthéarmacha. Is éard atá i gceist, den chuid is mó, leis na sealúchais airgid sin, barrachas ginte ag an gCoimisiún atá iníoctha leis an Státchiste (arna nochtadh i Nóta 13), airgead in iontaobhas i ndáil le gealltanais tugtha ag tríú páirtithe don Choimisiún, aisíocaíochtaí poitéinsiúla i ndáil le moill a bheith ar thús a chur le ceadúnais áirithe (arna nochtadh i Nóta 11 freisin) agus taiscí faighte i ndáil le Dámhachtain Speictrim Ilbhanda (arna nochtadh i Nóta 11 freisin).

## 11. Míreanna Iníoctha

	30 Meitheamh 2024	30 Meitheamh 2023
	€'000	€'000
<b>Míreanna Iníoctha</b>		
<i>Méideanna dlíte laistigh de bhliain amháin</i>	2,400	2,455
Creidiúnaithe Trádála	5,725	5,906
Creidiúnaithe Eile	140	412
Cáin bhreisluacha	1,457	1,103
Fabhruithe	36,919	37,304
Ioncam iarchurtha (féach ar an anailís thíos)	1,623	1,612
Párolla	62,165	39,334
Iníoctha leis an Lárchiste (féach Nóta 13)		
	<b>110,429</b>	<b>88,122</b>

Áirítear ar Chreidiúnaithe Eile aisíocaíochtaí poitéinsiúla de €5.4m (2023: €5.5m) i ndáil le moill a bheith ar thosú na gceadúnas Úsáide Liobrálaithe Banda 3.6GHz.

<b>Anailís ar Ioncam Iarchurtha</b>		
Ioncam Ceadúnais Raidió	36,779	37,164
Eile	140	140
	<b>36,919</b>	<b>37,304</b>

Sa chás go n-athnuaitear ceadúnais do thréimhse a shíneann níos faide ná deireadh na bliana airgeadais, iarchuirtear céatadán den ioncam sin chun caiteachas a chomhlíonadh sa bhliain dár gcionn.

## 12. Cúlchistí Caipitil

	30 Meitheamh 2024	30 Meitheamh 2023
	€'000	€'000
Iarmhéid Tosaigh	4,344	4,834
<i>Aistriú (chuig) / ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais:</i>		
Breiseanna le sócmhainní seasta	1,884	1,623
Amúchta de réir dímheas sócmhainní seasta	(1,883)	(2,113)
Méid curtha ar fáil mar thoradh ar dhiúscairt Sócmhainní Seasta	-	-
Glanmhéid (chuig) an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	1	(490)
<b>Iarmhéid Deiridh</b>	<b>4,345</b>	<b>4,344</b>

## 13. Leithghabháil Barrachais

Foráiltear in Alt 30 d'Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002, gur féidir leis an Aire, le toiliú ón Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, an Coimisiún a threorú chun suimeanna a íoc leis an Stáitchiste. Déanann an tAire cinneadh maidir leis an méid atá le híoc i ndiaidh dul i gcomhairle leis an gCoimisiún. Tá an Coimisiún ag feitheamh ar threoir ón Roinn i ndáil leis an gcinneadh deiridh maidir leis an méid atá iníoctha don Lárchiste don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2024. I mí Lúnasa 2024, dheimhnigh an Roinn go bhféadfadh ComReg €39.854m a choinneáil i ndáil lena bharrachas i gcomhair 2023 mar mhaoiniú eatramhach chun tacú lena fheidhmeanna nua.

Tá an méid atá dlite don Stáitchiste á chinneadh trí thagairt a dhéanamh don bharrachas a thairfead an Coimisiún sa tréimhse, coigeartaithe le haghaidh líon míreanna atá leagtha amach thíos.

	Ollmhéid Dlite	Pinsean Coigeartú (b)	Glanmhéid Dlite
	€'000	€'000	€'000
Iarmhéid dlite don Stáitchiste amhail ar an 30 Meitheamh 2023	40,174	(840)	39,334
Barrachas i gcomhair 2024 lena n-áirítear Aistriú ó Chúlchiste Caipitil	24,136		24,136
Íoctha in 2024	(0)		(0)
Coigeartú an chúlchiste pinsin (a)	(1,305)		(1,305)
Aisghlámadh na híocaíochta ciste pinsin (b)	(320)	320	-
<b>Iarmhéid ar an 30 Meitheamh 2024</b>	<b>62,685</b>	<b>(520)</b>	<b>62,165</b>

Tá na figiúirí comparáideacha a bhaineann leis an méid atá dlite don Stáitchiste amhail ar an 30 Meitheamh 2023 á thaispeáint thíos.

## 13. Leithghabháil Barrachais (ar lean)

	Ollmhéid Dlite	Pinsean Coigeartú (b)	Glanmhéid Dlite
	€'000	€'000	€'000
Iarmhéid dlite don Státchiste amhail ar an 30 Meitheamh 2022	25,766	(1,160)	24,606
Barrachas i gcomhair 2023 lena n-áirítear Aistriú ó Chúlchiste Caipitil	181,620		181,620
Íoctha in 2023	(165,446)		(165,446)
Coigeartú an chúlchiste pinsin (a)	(1,446)	320	(1,446)
Aisghlámhadh na híocaíochta ciste pinsin (b)	(320)		-
Iarmhéid ar an 30 Meitheamh 2023	40,174	(840)	39,334

(a) Is ionann coigeartú an chúlchiste pinsin agus an difríocht idir an méid pinsin gearrtha ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais in 2024, suime de €2,890,000 (2023: €2,956,000), agus na ranníocaíochtaí fostóra sa tréimhse a bhí cothrom le €4,194,000 (2023: €4,402,000).

(b) Chuir an Coimisiún ranníocaíocht iomlán de €5m ar fáil dá chiste pinsin (€2.5m in 2008 agus €2.5m in 2009, sin €5m ar fad). Taispeántar an méid atá dlite don Státchiste gan an ranníocaíocht seo a chur san áireamh atá á haisghabháil ag ráta €320,000 sa bhliain, fad is atá íocaíochtaí chuig an Státchiste á ndéanamh. In 2024 rinneadh aisghlámhadh luach €320,000 (2023: €320,000).

## 14. Áitreabh Agus Cóiríocht

Bhog foireann an Choimisiúin chuig áitreabh nua-léasaithe ag 1 Lárcheantar na nDugaí, Sráid na nGildeanna, Baile Átha Cliath 1 ar an 6 Meitheamh 2017. Tá an t-áitreabh ligthe ar cíós ar chostas €1.6M (CBL san áireamh) sa bhliain.

Tá eolas le fáil thíos maidir le líon na n-íocaíochtaí léasa oibriúcháin íosta todhcháiocha (seachas CBL) faoi léasanna oibriúcháin neamh-inchealaithe i ndáil le háitribh atá áitithe ag an gCoimisiún mar seo a leanas:

	30 Meitheamh 2024	30 Meitheamh 2023
	€'000	€'000
<b>Iníoctha:</b>		
Taobh istigh de bhliain amháin	2,189	1,978
Idir bliain amháin agus cúig bliana	3,390	4,958
Níos mó ná cúig bliana	-	-
	<b>5,579</b>	<b>6,936</b>

## 15. Ballraíocht in Eagraíochtaí Teileachumarsáide Idirnáisiúnta

Tá íocaíochtaí áirithe le hEagraíochtaí Teileachumarsáide Idirnáisiúnta á n-íoc ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC) as fáltais Thobhach Riaracháin na Cumarsáide Leictreonaí. Áirítear ar an táille don Chuntas Ioncaim agus Caiteachais €811,000 (2023: €760,000) don chuspóir sin. Seoltar táillí dá leithéid trí shonrasc chuig RCAC agus cuireann ComReg aisíocaíocht ar fáil do RCAC ina dhiaidh sin.

## 16. Coimisinéirí, Baill Foirne Agus Comhairleoirí/ Sainchomhairleoirí – Nochtadh Leasanna

Chomhlíon na Coimisinéirí agus an fhoireann ceanglais Alt 25 (Nochtadh Leasanna) d’Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002. Ní dhearnadh aon idirbheart sa bhliain a bhain le gníomhaíochtaí an Choimisiúin ina raibh leas ag na Coimisinéirí nó ag aon chomhairleoir nó sainchomhairleoir.

## 17. Sochair Scoir

### a) Cur Síos ar an Scéim

Is údarás rialála náisiúnta é an Coimisiún a bunaíodh faoi Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002. Forálann Alt 26 agus Alt 27 den Acht go ndéanfaidh an Coimisiún scéimeanna chun sochair aoisliúntais a dheonú do agus i ndáil le Coimisinéirí agus le baill foirne, faoi réir cead a fháil ón Aire.

Tá scéim mhaoinithe le sochar sainithe bunaithe d’fhostaithe an Choimisiúin. Sainítear na sochair trí thagairt a dhéanamh do rialacháin ‘samhail’ reatha scéim na hearnála poiblí. Socraítear rátaí ranníocaíochta fostóra ag féachaint do chomhairle achtúireach agus d’athbhreithniú tréimhsiúil ar an ráta maoinithe a theastaíonn don scéim. Soláthraíonn an scéim sochar scoir (an t-ochtódú cuid do gach bliain seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí ochtódú do gach bliain seirbhíse) agus sochair scoir céilí agus leanaí. Is í an ghnáthaois scoir 65ú breithlá an bhaill. De ghnáth méadaíonn sochair scoir atá á n-íoc (agus iarchurtha) de réir bhoilsciú tuarastail ghinearálta na hearnála poiblí.

Chomh maith leis sin, soláthraíonn an Coimisiún an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (“An Scéim Aonair”) do na baill foirne sin a ghlac páirt sa Scéim Aonair ar nó i ndiaidh an 1 Eanáir 2013. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe (RCPSPFNA). Ina theannta sin, tá an Coimisiún faoi dhliteanas ranníocaíocht fostóra a íoc le RCPSPFNA de réir Imlitir 28/2020 RCPSPFNA. Tá cuntas déanta ag an gCoimisiún ar a chostais agus ar a dhliteanais faoin scéim pinsean seirbhíse poiblí aonair (ón 1 Iúil 2017) ar bhonn fabhráithe.

Chun críche tuairiscithe de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 – (FRS 102), cuireadh nuashonrú ar an athbhreithniú achtúireach (i ndáil leis an scéim le sochar sainithe mhaoinithe) i gcrích ar an 30 Meitheamh 2024.

## 17. Sochair Scoir (ar lean)

	30 Meitheamh 2024	30 Meitheamh 2023
	€'000	€'000
<b>b) Costais Sochair Scoir Comhdhéanta de:</b>		
<b>Scéim le Sochar Sainithe</b>		
Costas seirbhíse reatha	2,546	2,516
Costas úis	2,707	2,282
Toradh ionchais ar Shócmhainní Scéime	(2,973)	(2,390)
Lúide: Ranníocaíochtaí Fostaithe	(470)	(445)
	<b>1,810</b>	<b>1,963</b>
<b>Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (SPSPA)</b>		
Ranníocaíocht Fostóra	1,080	<b>993</b>
Costas Seirbhíse Reatha*	976	<b>1,062</b>
Costas Úis	229	<b>163</b>
Coigeartú ar mhaoiniú iarchurtha Pinsin Stáitchiste	(1,205)	<b>(1,225)</b>
	<u>1,080</u>	<u><b>993</b></u>
<b>Costais Sochair Scoir Iomlána</b>	<b>2,890</b>	<b>2,956</b>
*Tá ranníocaíochtaí fostaí de €360,000 (2023: €331,000) aisíochta le RCPSPFNA, curtha san áireamh i ríomh an chostais seirbhíse reatha.		
<b>c) Glandliteanas Sochair Scoir (Scéim le Sochar Sainithe)</b>		
<b>(i) Comhdhéanta de:</b>		
Luach cóir Sócmhainní Scéime	77,817	71,012
Luach Láithreach Oibleagáidí sochair scoir	(72,772)	(66,257)
<b>Glansócmhainn</b>	<b>5,045</b>	<b>4,755</b>

Nóta: Cuimsítear i nDliteanas an Chláir Chomhardaithe i ndáil le Sochair Scoir na Scéime Aonair in 2024 Sócmhainn Mhaoinithe Iarchurtha de €7.322m (2023: €5.583m) chun Dliteanas na Scéime Aonair de €7.322m (2023: €5.583m) a mheaitseáil rud is cúis le Glandliteanas nialasach.

## 17. Sochair Scoir (ar lean)

	30 Meitheamh 2024	30 Meitheamh 2023
	€'000	€'000
<b>(ii) Luach Láithreach Oibleagáidí Sochair Scoir ag tús na bliana (Scéim le Sochar Sainithe)</b>	66,257	63,786
Costas Seirbhíse Reatha	2,546	2,516
Costas Úis	2,707	2,282
Achtúireach (Gnóthachan)	1,828	(1,445)
Sochair Íoctha	(478)	(779)
Préimheanna Íoctha	(88)	(103)
<b>Luach Láithreach Oibleagáidí Sochair Scoir ag deireadh na bliana (Scéim le Sochar Sainithe)</b>	<b>72,772</b>	<b>66,257</b>
<b>(iii) Athrú ar Shócmhainní Scéime (Scéim le Sochar Sainithe) Luach Cóir Sócmhainní Scéime ag tús na bliana</b>	71,012	64,905
Toradh ionchais ar Shócmhainní Scéime	2,973	2,390
Gnóthachan / (Cailteanas) Achtúireach	813	745
Ranníocaíochtaí Fostóra	3,115	3,409
Ranníocaíochtaí Ball	470	445
Sochair Íoctha	(478)	(779)
Préimheanna Íoctha	(88)	(103)
<b>Luach Cóir Sócmhainní Scéime ag deireadh na bliana</b>	<b>77,817</b>	<b>71,012</b>
Tá an cleachtas reatha a bhaineann le sochair scoir a mhéadú de réir cuirtear boilsciú tuarastail na hearnála poiblí san áireamh sa tomhas oibleagáid sochair scoir shainithe.		
<b>(iv) Dlíteanas Sochar Scoir (SPSPA) Luach Láithreach amháil ar an 1 Iúil 2023</b>	5,583	4,537
Costas Seirbhíse Reatha	1,107	1,230
Costas Úis	229	163
Achtúireach (Gnóthachan)	403	(347)
Sochair Íoctha	-	-
<b>Luach Láithreach amháil ar an 30 Meitheamh 2024</b>	<b>7,322</b>	<b>5,583</b>

## 17. Sochair Scoir (ar lean)

	30 Meitheamh 2024	30 Meitheamh 2023
	€'000	€'000
<b>d) Comhdhéanamh Sócmhainní Scéime (Scéim le Sochar Sainithe)</b> Bhí an méid seo a leanas san áireamh i sócmhainní na scéime ag deireadh na bliana:		
Cothromas	24,757	29,259
Bannaí	46,490	33,859
Maoin	626	645
Airgead agus Sócmhainní leachtacha eile	5,944	7,249
	<b>77,817</b>	<b>71,012</b>
Páirteach i sócmhainní na scéime ag deireadh na bliana agus arna léiriú i dtéarmaí %		
	<b>%</b>	<b>%</b>
Cothromas	31.8%	41.2%
Bannaí	59.7%	47.7%
Maoin	0.8%	0.9%
Airgead agus Sócmhainní eile*	7.7%	10.2%
	<b>100.0%</b>	<b>100.0%</b>
*tá straitéisí malartacha agus cistí toraidh feabhsaithe san áireamh ann		
<b>Meántoimhdí ualaithe úsáidte chun cinneadh a dhéanamh maidir le hoibleagáidí sochair (Scéim le Sochar Sainithe)</b>		
Ráta Lascaine	4.00%	4.10%
Ráta an mhéadaithe cúitimh	4.10%	4.20%
<b>Meántoimhdí ualaithe úsáidte chun cinneadh a dhéanamh maidir le costas pinsin (Scéim le Sochar Sainithe)</b>		
Ráta Lascaine	4.10%	3.60%
Toradh fadtéarmach ionchais ar shócmhainní scéime	4.00%	4.10%

## 17. Sochair Scoir (ar lean)

	30 Meitheamh 2024	30 Meitheamh 2023
	€'000	€'000
<b>e) Príomhthoimhdí Achtúireacha, Airgeadais &amp; Déimeagrafacha (Scéim le Sochar Sainithe)</b> <i>Seo a leanas na toimhdí airgeadais a úsáideadh:</i>		
Ráta lascaine	4.00%	4.10%
Méaduithe tuarastail	4.10%	4.20%
Méaduithe pinsin	3.60%	3.70%
Méaduithe boilscithe	2.60%	2.70%

Seo a leanas na toimhdí Déimeagrafacha a úsáideadh:

	2024	2023
<b>Mortlaíocht Réamhscoir &amp; Iarscoir</b>	S3PNA le CMI 2019 (1.5%) feabhsuithe do gach ball (fritháireamh aoise -1 bhliain)	S3PNA le CMI 2019 (1.5%) feabhsuithe do gach ball (fritháireamh aoise -1 bhliain)
<b>Scor</b>	Glactar leis go dtéann gach ball a ghlac páirt sa scéim roimh an 1 Aibreán 2004 ar scor nuair a bhíonn siad 60 bliain d'aois agus go dtéann gach ball eile ar scor nuair a bhíonn siad 65 bliain d'aois	Glactar leis go dtéann gach ball a ghlac páirt sa scéim roimh an 1 Aibreán 2004 ar scor nuair a bhíonn siad 60 bliain d'aois agus go dtéann gach ball eile ar scor nuair a bhíonn siad 65 bliain d'aois
<b>Scor mar gheall ar Dhrochshláinte</b>	Níl aon liúntas	Níl aon liúntas
<b>Luathscor</b>	Níl aon liúntas	Níl aon liúntas
<b>Aistarraingtí</b>	Níl aon liúntas	Níl aon liúntas
<b>Céatadán pósta</b>	Glactar leis go bhfuil 90% de na baill pósta.	Glactar leis go bhfuil 90% de na baill pósta.
<b>Difríocht Aoise idir céilí</b>	Glactar leis go bhfuil fear 3 bliana níos sine ná a chéile	Glactar leis go bhfuil fear 3 bliana níos sine ná a chéile

\* Tá na toimhdí mortlaíochta roghnaithe bunaithe ar ghnáth-tháblaí ina léirítear gnáthmhortlaíocht phinsinéara agus ceadaíonn siad d'ionchas saoil a mhéadú le himeacht ama.

Déantar na toimhdí atá mar bhonn leis na luachálacha achtúireacha le haghaidh na méideanna aitheanta sna ráitis airgeadais a chinneadh (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe ar na leibhéil chúitimh amach anseo agus rátaí mortlaíochta) a nuashonrú go bliantúil bunaithe ar choinníollacha eacnamaíocha reatha, agus le haghaidh aon athrú ábhartha ar théarmaí agus ar choinníollacha an tsochair scoir agus na bpleananna iarscoir.

D'fhéadfadh tionchar a bheith ag an méid seo a leanas ar thoirimh:

(a) an ráta lascaire, athruithe ar an ráta toraidh ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeán

(b) leibhéal chúitimh amach anseo, coinníollacha an mhargaidh saothair amach anseo.

## 17. Sochair Scoir (ar lean)

	30 Meitheamh 2024 €'000	30 Meitheamh 2023 €'000	30 Meitheamh 2022 €'000	30 Meitheamh 2021 €'000	30 Meitheamh 2020 €'000
<b>f) Stair na n-oibleagáidí sochair shainithe, sócmhainní agus gnóthachain agus caillteanais ó thaithí</b>					
Oibleagáidí sochair shainithe	72,772	66,257	63,786	78,060	67,235
Luach cóir Sócmhainní Scéime	(77,817)	(71,012)	(64,905)	(69,724)	(58,194)
(Barrachas) / Easnamh don Scéim mhaoinithe	(5,045)	(4,755)	(1,119)	8,336	9,041
Coigeartú ó Thaithí ar Shócmhainní Scéime céatadán na sócmhainní scéime	813 1.0%	745 1.0%	(7,824) 12.1%	8,284 11.9%	(378) 0.6%
(Caillteanais) / gnóthachain ó thaithí ar Dhliteanais Scéim ComReg					
- Méid	(1,828)	(2,131)	(2,688)	(14)	(17)
- céatadán na nDlíteanas Scéime	2.5%	3.2%	4.2%	0%	0%
Gnóthachain / (caillteanais) ó thaithí ar an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair					
- Méid	(403)	(2)	311	(72)	299
- céatadán na nDlíteanas Scéime	0.5%	0%	6.9%	1.4%	9.0%

### g) Seirbhís Inphinsin Roimh Ré

Baineann dliteanais na scéime pinsin le sochair scoir a eascraíonn as seirbhís leis an gCoimisiún agus seirbhís le comhlachtaí poiblí eile sula raibh baint acu leis an gCoimisiún sa chás go bhfuil an Coimisiún ar an eolas faoina leithéid sin de sheirbhís. Tá an Coimisiún i dteideal iarracht a dhéanamh costas mhaoiniú na seirbhíse roimhe sin a aisghabháil ó chomhlachtaí poiblí eile faoi théarmaí a bhallaíochta sa Líonra Aistrithe don Earnáil Phoiblí.

Le haghaidh seirbhís a d'aistrigh baill roimh an 30 Meitheamh 2024, bhí luach iomlán a leithéid sin d'íocaíochtaí a fuarthas sa bhliain go dtí an 30 Meitheamh 2024 cothrom le Náid (2023: Náid).

Taispeántar íocaíochtaí i ndáil le haistrithe i seirbhís (nuair a fhaightear iad) mar mhór ar leithligh sa Ráiteas Ioncaim Chuimsithigh.

### h) Maoiniú sochar scoir

Rinneadh luacháil achtúireach thríbhliantúil ar an scéim amhail ar an 1 Eanáir 2022 agus comhaontaíodh ar an ráta ranníocaíochta molta ina dhiaidh sin. Tá an chéad luacháil achtúireach thríbhliantúil eile le déanamh amhail ar an 1 Eanáir 2025.

## 17. Sochair Scoir (ar lean)

### i) Sócmhainn Mhaoinithe Iarchurtha do Phinsin (An Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair)

Chun Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, a chomhlíonadh, ríomh an Coimisiún, mar “an tÚdarás Iomchuí”, an sochar scoir a bheidh infheidhme don Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí aonair ag an 30 Meitheamh 2023.

Baineann an tsócmhainn mhaoinithe iarchurtha do phinsin le sócmhainn a chruthú atá cothrom le dliteanas sochair sainithe na scéime seo. Tá an dliteanas i ndáil le baill na Scéime Aonair á mheaitseáil ag sócmhainn mhaoinithe iarchurtha ar bhonn fhorálacha Alt 44 d’Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

## 18. Dliteanas Theagmhasacha

Tá foráil iomlán déanta do chostais dlí tabhaithe go dáta sna ráitis airgeadais seo. Tá baint ag an gCoimisiún le roinnt cásanna dlí, áfach, agus tá éiginnteacht ag baint le toradh na gcásanna sin. Níor foráladh do chostais phoitéinsiúla amach anseo i ndáil leis na cásanna seo mar gheall ar éiginnteacht a bhaineann leis an toradh agus na costais a d’fhéadfaí a thabhu.

## 19. Idirbhearta Páirtí Gaolmhar

Sa ghnáthchúrsa gnó, ghlac an Coimisiún páirt in idirbhearta eile le ranna rialtais agus le comhlachtaí stáit eile. Tá eolas maidir le Luach Saothair na Príomhfhoirne Bainistíochta le fáil i Nóta 3.

## 20. Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise

Asbhaineadh €652,929 (2023: €604,742) de thuarastail i ndáil leis an Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise agus íocadh é leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide sa bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2024.

## 21. Teagmhais Iarchláir Chomhardaithe

Níor tharla aon teagmhas idir dáta tuairiscithe agus dáta faofa na ráiteas airgeadais seo atá le heisiúint a cheanglaíonn na ráitis airgeadais a choigeartú.

## 22. Gnóthas Leantach

Measann an Coimisiún, de bhrí go bhfuil fáltais tobhaigh agus táillí dá bhforáiltear dóibh in Ionstraimí Reachtúla á mbailiú de réir réamh-mheastachán, gur cuí na ráitis airgeadais seo a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh.

## 23. Comparáidí

Tá faisnéis chomparáideach áirithe athaicmithe ar mhaithe le comhsheasmhacht le nochtáí na bliana reatha.

## 24. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

Cheadaigh Garrett Blaney, Cathaoirleach, na ráitis airgeadais seo don Choimisiún ar an 5 Feabhra 2025.



An Coimisiún um  
**Rialáil Cumarsáide**  
Commission for  
**Communications Regulation**

---

1 Lárcheantar na nDugaí,  
Sráid na nGildeanna,  
Baile Átha Cliath 1.